

Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ
Don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2025

# Bhur nAistear Ár gCúram



# Figiúirí na Bliana

**Barrachas Oibriúcháin**

roimh Ús, Cáin, Dímheas agus Amúchadh (TRÚCDA)

**€41.4m**

€36.2m in 2024

**Maoiniú faoin Deontas Caipitil**

**€546m**

€390m in 2024

**Líon na bhFostaithe**

**13,096**

12,426 in 2024

## Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Buaicphointí | 1 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 2 |
| Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach | 6 |
| Fís 2030 | 10 |
| Páirtithe Leasmhara | 12 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 13 |
| Athbhreithniú ar Oibríochtaí | 17 |
| Inbhuanaitheacht | 25 |
| Forbairt atá Dírithe ar Iompar Poiblí | 52 |
| An Fhoireann Feidhmiúcháin | 54 |
| Comhaltaí an Bhoird | 57 |
| Coistí an Bhoird | 58 |
| Maidir le Bord Chóras Iompair Éireann | 60 |
| Ráiteas um Rialachas Corparáideach | 64 |
| Gnóthas Leantach | 77 |
| Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird | 79 |
| Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha | 80 |
| Ráitis Airgeadais | 82 |

## Líon na gciliméadar a taistealaíodh (milliúin)

| Bus Átha Cliath | Bus Éireann* | Iarnród Éireann | Iomlán – Grúpa CIÉ |
|---|---|---|---|
| 2025 | 2025 | 2025 | 2025 |
| 63.3m | 261.4m | 19.7m | 344.4m |
| +2% | +2% | +2% | +2% |
| 2024 | 2024 | 2024 | 2024 |
| 62.1m | 255.4m | 19.4m | 336.9m |

** Áirítear leis an líon iomlán ciliméadar a taistealaíodh ár bhflít feithiclí féin agus seirbhísí ar conradh.*

## Líon na bPaisinéirí (milliúin)

| Bus Átha Cliath | Bus Éireann | Iarnród Éireann | Iomlán – Grúpa CIÉ |
|---|---|---|---|
| 2025 | 2025 | 2025 | 2025 |
| 165.1 | 116.6 | 55.0m | 336.7 |
| +4% | +4% | +8% | +5% |
| 2024 | 2024 | 2024 | 2024 |
| 159.3m | 111.6m | 50.7m | 321.6m |



# Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha



Tá sé de phribhléid agam Tuarascáil Bhliantúil Ghrúpa CIÉ a chur i láthair i leith na bliana 2025 – bliain inar coinníodh leis an méadú ar scála, uaillmhian agus tionchar i dtaobh ghréasán iompair phoiblí náisiúnta na hÉireann.

Thar ceann an Bhoird, tá áthas orm a thuairisciú gur chuir Grúpa CIÉ arís eile le líon na n-aistear paisinéara a rinneadh, rud a neartaíonn ár mbunchuspóir: comhoibriú lenár bpáirtithe leasmhara chun réitigh iompair inbhuanaithe a sholáthar do mhuintir na hÉireann. Anuas ar ár n-oibríochtaí iompair, ba bhliain í 2025 inar bhreathnaigh an Grúpa go géar ar a chuid tosaíochtaí agus inar ghlac sé straitéis nua – Fís 2030 – chun díriú ar na deiseanna agus na freagrachtaí móra a ghabhann le bheith ar cheann de na fiontair Stáit is mó in Éirinn. Trí dhíriú níos mó ar an Saoránach seachas díreach ár gCustaiméirí féin, creidimid gur féidir linn leas níos mó a bhaint as acmhainn ollmhór ár sócmhainní chun freastal ar mhór-riachtanais shóisialta agus chomhshaoil na tíre atá ag teacht le beartais agus cuspóirí an rialtais.

## Bliain den Scoth don Iompar Poiblí

Agus é ag dul ó neart go neart sna sála ar dhá bhliain den dea-fheidhmíocht, thaifid an Grúpa breis agus 336 milliún aistear paisinéara den chéad uair riamh. Lean ár gCuideachtaí Oibriúcháin – Bus Átha Cliath, Bus Éireann, Iarnród Éireann agus CIÉ Tours – ag leathnú a gcuid seirbhísí, ag cur lena n-iontaofacht agus ag neartú na seirbhísí iompair phoiblí ar fud oileán na hÉireann – agus i gcás CIÉ Tours, i margaí idirnáisiúnta freisin. Is teist é an t-éacht sin ar dhíograis na mílte fostaí ar fud an Ghrúpa a chuireann na seirbhísí sin ar fáil gach lá, agus ba mhaith liom buíochas mór an Bhoird a ghabháil leo as a ndúthracht.

I measc na gcúiseanna atá leis an méadú leanúnach ar líon na bpaisinéirí tá leathnú an ghréasáin agus an fonn atá ar an bpobal roghanna taistil inbhuanaithe a dhéanamh. Rinneadh infheistíocht i dtionscnaimh faoi chláir BusConnects agus Éire Á Nascadh (Connecting Ireland) an Údaráis Náisiúnta Iompair agus san Athbhreithniú Straitéiseach Iarnróid Uile-Oileáin agus ba é a thoradh sin go bhfuil seirbhísí feabhsaithe, níos minice á soláthar do phobail a raibh rochtain theoranta acu ar an iompar poiblí roimhe seo. Is eiseamláir é sin den dea-thionchar sóisialta atá i gcroílár an mhisin atá againn mar ghnóthas Stáit.

## Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ: Seirbhísí Comhroinnte Éifeachtúla ar Ardchaighdeán á Soláthar don Ghrúpa

In 2025, leanamar orainn ag feabhsú agus ag neartú ár dtiomantas do sheirbhísí comhroinnte éifeachtacha, ardchaighdeáin a sholáthar chun tacú lenár gCuideachtaí Oibriúcháin conarthaí a chomhlíonadh, costais a bhainistiú go héifeachtúil agus leas a bhaint as sineirge chun freastal ar riachtanais ghnó a bhfuil borradh faoi. Bíonn ár seirbhísí dlí, TF agus

teileachumarsáide grúpa, bainistíochta éileamh agus árachais, cisteáin, iniúchóireachta inmheánaí agus bainistíocht maoine ag obair ar bhonn aisghabháil costais agus comhoibríonn gach feidhm le gach Cuideachta Oibriúcháin, le tacaíocht ó na feidhmeanna airgeadais, inbhuanaitheachta, acmhainní daonna agus rialachais. Agus fo-chuideachtaí an Ghrúpa ag obair as lámha a chéile, tá córais agus próisis á nuachóiriú aige agus an dea-chleachtas á roinnt ar fud an Ghrúpa agus lenár bpríomhpháirtithe leasmhara araon. Is samplaí de thionscadail chomhoibríocha láidre iad cinn i réimsí na cibearshlándála, na hullmhachta don Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach, pleanáil acmhainní fiontair agus forbairt maoine a raibh an chuideachta sealbhaíochta agus na Cuideachtaí Oibriúcháin ag obair orthu le chéile in 2025.

## Infheistíocht a dhéanamh sa Todhchaí

Rinneadh infheistíocht chaipitil nár bheag in 2025. Le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair, tá leictriú ár bhflít busanna ag dul ar aghaidh go gasta agus tá dul chun cinn á dhéanamh againn ar chláir chun athchóiriú a dhéanamh ar na hiostaí chun tacú leis an aistriú sin chuig seirbhísí iompair ísealcharbóin. Ó thaobh an iarnróid de, tá an-dul chun cinn déanta maidir le nuachóiriú a dhéanamh ar ghréasán iarnróid na hÉireann: tá orduithe iarnróid ceadaithe do DART+ an Chósta Thuaidh, mar aon le DART+ an Iarthair agus an Iardheiscirt, tá orduithe nua istigh i gcomhair thraenacha DART agus traenacha idirchathrach, agus tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le clár Iarnróid Comaitéireachta Cheantar Chorcaí le maoiniú náisiúnta agus maoiniú ón Aontas Eorpach – infheistíochtaí lena bhfreastalófar ar na glúnta paisinéirí.

Chomh maith leis sin, in 2025, cheadaigh Bord CIÉ infheistíochtaí móra in dhá réimse eile d'oibríochtaí an Ghrúpa ar fiú aitheantas ar leith a thabhairt dóibh. Fuair Iarnród Éireann faomhadh chun flít nua vaigíní lastais tráchtála a fháil, rud a neartaíonn tábhacht straitéiseach an lastais iarnróid mar rogha inbhuanaithe, íseal-astaíochtaí in ionad iompar de bhóthar agus a fhágann go bhfuil an gnólacht sin sa riocht ceart chun cur lena sheirbhísí lastais sna blianta amach romhainn. Fuair Bus Éireann faomhadh chun glúin nua cóistí tráchtála Expressway a cheannach, infheistíocht a rachaidh i bhfeidhm go mór ar eispéireas na bpaisinéirí a thaistealaíonn ar chóistí idirchathrach ar fud na hÉireann – beidh na cóistí níos compordaí, is fearr a bheifear in ann brath orthu, agus beidh feidhmíocht chomhshaoil níos fearr acu ar cheann de na gréasáin busanna is tábhachtaí ó thaobh tráchtála de sa tír. Is léiriú é an faomhadh sa dá chás sin ar a mheáite atá Grúpa CIÉ ar infheistíocht a dhéanamh ina ghnólachtaí uile, agus ní díreach sna príomhghreasáin chomaitéireachta agus na gréasáin uirbeacha.



## Cibearshlándáil: Ár nDaoine, ár bPaisinéirí agus ár gCórais a Chosaint

Is eagraíocht muid a oibríonn bonneagar náisiúnta ríthábhachtach agus a choinníonn sonraí faoi na milliúin paisinéirí agus fostaithe, agus mar sin tá meon an-dáiríre ag Grúpa CIÉ i leith na cibearshlándála. Tá méadú mór tagtha ar an leibhéal bagartha i gcás oibreoirí iompair phoiblí ar fud an domhain agus is é an scéal céanna é in Éirinn. Tá tosaíocht straitéiseach tugtha ag an mBord do chur leis an teacht aniar atá ag an nGrúpa i leith na cibearshlándála agus, le linn 2025, rinne an Grúpa – le tacaíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair – infheistíocht ina leibhéal slándála agus é ag ullmhú do rialacháin nua amhail Treoir NIS2, faoina leagtar oibleagáidí níos mó ar oibreoirí seirbhísí riachtanacha. Chun leibhéal cuí cibearshlándála a bhaint amach tá gá le faireachas seasta, athbhreithniú rialta agus cultúr feasachta ar gach leibhéal den eagraíocht. Leanfaidh an Bord ag díriú air sin agus infheistíocht chuí á déanamh aige sa réimse sin.

## Forbairt atá Dírithe ar Iompar Poiblí: Pobail a Thógáil Timpeall an Ghréasáin

Is le Grúpa CIÉ ceann de na punanna maoine is suntasaí ó thaobh straitéise de sa Stát – tailte agus sócmhainní thart timpeall ar ár stáisiúin iarnróid, ár n-iostaí agus ár gconairí iompair – agus is iontach an deis atá againn an mhaoin sin a úsáid chun freastal ar leas an phobail i gcoitinne. Tá brú géar ar chúrsaí tithíochta in Éirinn, tá an bonneagar faoi bhrú agus tá gá le tabhairt faoin tógáil ar bhealach níos inbhuanaithe, agus mar sin ní hé amháin gur inmhianaithe an rud ó thaobh na pleanála de tithe, ionaid oibre agus áiseanna a thógáil gar do sheirbhísí iompair phoiblí ardchaighdeáin, ach is riachtanas praiticiúil é.



*Cathaoirleach CIÉ Aidan Murphy, Cartlannaí Ghrúpa CIÉ Kevin Forkan, an tAire Iompair Darragh O'Brien, agus POF Eatramhach CIÉ Fiona O'Shea ag seoladh Chatalóg Ar Líne Chartlann Ghrúpa CIÉ, Samhain 2025.*

Leis an bhforbairt atá dírithe ar iompar poiblí, leagtar béim ar an saoránach agus muid ag pleanáil conas leas a bhaint as an maoin atá againn. Nuair is féidir le daoine cur fúthu, a bheith ag obair, ag staidéar agus ag baint leas as seirbhísí laistigh d'achar siúil ó stáisiún traenach nó ó chonair bhus a ndéantar freastal maith uirthi, ní bhíonn siad ag brath chomh mór ar ghluaisteáin phríobháideacha, éiríonn pobail níos comhtháite agus feabhsaíonn eacnamaíocht an iompair phoiblí de réir mar a thagann borradh nádúrtha faoin éileamh ar na seirbhísí iompair. Is fáinne óir é sin, agus tá deis ar leith ag Grúpa CIÉ é a chothú.

Le linn 2025, chuir an Grúpa lena rannpháirtíocht le comhpháirtithe tábhachtacha chun deiseanna Forbartha atá Dírithe ar Iompar Poiblí a chur chun cinn ar fud ár maoine. Ba mhaith liom aird a dhíriú go háirithe ar an gcomhoibriú idir muid féin agus an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, a bhfuil sé de shainchúram air tithíocht inacmhainne a chur ar fáil ar thalamh Stáit, rud atá ag teacht go beacht leis an acmhainn atá againn féin ó thaobh maoine de. Ag obair dúinn leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, le húdaráis áitiúla, leis an Roinn Tithíochta agus le páirtithe leasmhara eile, tá an deis againn suíomhanna in aice lenár ngréasán a chur ar fáil i gcomhair forbraíochtaí ilúsáide, ard-dlúis, inacmhainne a fhreastalódh ar riachtanais tithíochta an Stáit agus a ghinfidh luach san fhadtréimhse chun tacú leis an infheistíocht leanúnach san iompar poiblí. Tá limistéar Mháistirphlean Heuston agus roinnt stáisiúin thábhachtacha feadh ár gconairí iarnróid agus bus aitheanta mar shuíomhanna tosaíochta ina leith sin, agus táim ag tnúth le tuilleadh dul chun cinn a thuairisciú sna blianta amach romhainn.

## Inbhuanaitheacht agus Gníomhú ar Son na hAeráide

Ní ábhar imní imeallach é an inbhuanaitheacht do Ghrúpa CIÉ mar go bhfuil an t-iompar poiblí ar cheann de na huirlisí is éifeachtaí atá ar fáil don tsochaí chun astaíochtaí iompair a laghdú, plódú tráchta a mhaolú agus feabhas a chur ar cháilíocht an aeir sna bailte agus faoin tuath. Tá sé ina sprioc ag an bPlean Gníomhaíochta Aeráide méadú 130% a bhaint amach ar líon na n-aistear laethúil ar sheirbhísí iompair phoiblí faoi 2030, i gcomhréir le spriocanna earnálacha na hÉireann i ndáil le laghdú astaíochtaí, agus tá an Bord tiomanta don phleanáil a dhéanamh chun an uaillmhian sin a bhaint amach.

Lean an Bord de bheith ag cur gnéithe inbhuanaitheachta san áireamh ina mhaoirseacht straitéiseach, trí struchtúir rialachais, trí oiliúint ar leibhéal an Bhoird agus trí aird a thabhairt ar cheanglais na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí. Maidir leis an tuairisciú sin, tá an-dul chun cinn déanta againn le bliain anuas maidir le hullmhú do thuairisciú comhdhlúite faoin Treoir sin amach anseo. Táimid tiomanta do bheith oscailte maidir leis an gcaoi a dtuairiscímid ár bhfeidhmíocht chomhshaoil agus shóisialta, agus d'fheabhsú leanúnach ar fud gach gné den inbhuanaitheacht.

## Daoine, Pinsin agus Caidreamh Tionsclaíoch

Is é lucht saothair an Ghrúpa an tsócmhainn is luachmhaire dá chuid, agus tá an Bord an-aireach ar na freagrachtaí atá orainn i leith ár bhfostaithe agus ár bpinsinéirí. Is dúshlán don Bhord le fada an lá é inbhuanaitheacht na scéimeanna pinsin agus tá áthas orm a rá go bhfuil dul chun cinn déanta le bliain anuas.

In 2025, bhí plé dearfach idir an Grúpa Ceardchumann (TUG) agus Grúpa CIÉ agus comhaontaíodh togra nua maidir le hathchóiriú pinsin. Tá eilimintí éagsúla sa togra pinsin agus is cuid de thogra comhtháite aonair iad uile chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin fhadtéarmacha phinsin an Ghrúpa. Trí chaibidlíocht fhada le TUG, comhaontaíodh nach nglacfar le baill nua sna scéimeanna le sochar sainithe atá ann cheana agus go gclárófar gach fostaí nua i scéim aonair le ranníocaíocht shainithe. Bhí sé sin ina phríomhchuspóir ag an mBord mar go bhfágann sé gur féidir le Grúpa CIÉ bainistiú níos fearr a dhéanamh ar chostas fadtéarmach an tsoláthair pinsin agus cabhrú leis na hIontaobhaithe an leibhéal riosca agus luaineachta a laghdú, rud atá rí-thábhachtach do na scéimeanna agus dá mbaill. Beidh luaineacht fós i gceist leis na scéimeanna ach, leis na hathruithe atá beartaithe, tosófar ag laghdú an leibhéal riosca, rud a bhfuil súil againn a chuirfidh leis an seans go mbeifear in

ann íocaíochtaí pinsin a ardú amach anseo. Agus an socrú sin déanta, d'fhéadfadh an deis a bheith ann méadú pinsin aonuaire a chur i bhfeidhm, rud a bhfuiltear ag fanacht leis le fada, agus fáiltíonn an Bord roimhe sin mar chuid den togra foriomlán a caibidlíodh.

I mí Lúnasa 2025, ghlac foireann Ghrúpa CIÉ leis an togra i mballóid ar an dá scéim agus, i gcomhréir le nósanna imeachta rialachais, chuir CIÉ an togra faoi bhráid an Aire Iompair agus an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe ionas go dtoileoidís leis.

Cé gur cúis díomá é, agus an tuarascáil seo á scríobh, nach bhfuil na bearta athchóirithe pinsean curtha i bhfeidhm fós trí Ionstraimí Reachtúla leasaitheacha ná nach bhfuil an próiseas foirmiúil maidir le toiliú an Aire críochnaithe fós, deirtear liom go bhfuil ag éirí go maith leis an bpróiseas sin agus nach fada go gcuirfear an togra pinsean i ngníomh.

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an nGrúpa Ceardchumann, leis na foirne bainistíochta a bhí páirteach agus leis an Aire Iompair agus le hoifigigh rialtais eile, as cabhrú linn déileáil le hualach imní a bhí ar an nGrúpa le blianta fada. Is mór an méid atá déanta maidir le hinbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ amach anseo.

## Ag Breathnú Romhainn

Tá cuspóir soiléir ag Grúpa CIÉ agus bunchloch láidir faoi agus muid ag tabhairt aghaidh ar 2026. Tá borradh faoin éileamh ar iompar poiblí, tá cás láidir ann le haghaidh infheistíocht leanúnach ar bhonn an Phlean Forbartha Náisiúnta maidir leis an Earnáil Iompair 2026-2030 agus tá uaillmhian an Bhoird ag dul ó neart go neart.

É sin ráite, tuigimid na dúshláin atá romhainn – acmhainn bhonneagair, forbairt lucht saothair, luas an dícharbónaithe ar an bhflít agus na hathchóirithe struchtúracha atá fós de dhíth chun pleananna a chur i bhfeidhm agus uaillmhianta a bhaint amach. I mí an Mhárta 2026, thosaigh cogadh sa Mheánoirthear agus d'fhéadfadh dúshláin eile fós eascairt as iarmhairtí an chogaidh sin. Tá an baol ann go gcuirfear isteach ar ár slabhra soláthair, go méadóidh costais, go mbeidh luaineacht sa mhargadh agus go mbeidh níos mó bagairtí cibearshlándála ann. Leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag déanamh measúnú ar an tionchar airgeadais agus déanfaidh sí bainistiú ar mhéid na rioscaí gnó gaolmhara.

Is é chúis mo mhuiníne, áfach, fairsinge na deise atá le tapú againn. Tá na sócmhainní, na daoine agus an meon ag Grúpa CIÉ chun dul i bhfeidhm go mór ar thodhchaí na hÉireann: acmhainneacht na hintleachta saorga chun cur le clisteacht ár n-oibríochtaí agus eispéireas ár bpaisinéirí a fheabhsú, an géarghá atá ann ár gcórais ríthábhachtacha a chosaint ar bhagairtí cibearshlándála, cion CIÉ Tours i leith na tráchtála agus na turasóireachta, nó an fhéidearthacht athrú ollmhór a bhaint amach trí phobail nua a thógáil timpeall ar an ngréasán iompair i gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, leis an Roinn Iompair agus le heagraíochtaí eile.

Is mian liom buíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar an mBord as a ndúthracht agus a ndíograis i rith na bliana, agus aitheantas a thabhairt don obair a dhéanann foireann bainistíochta an Ghrúpa agus na baill foirne go léir sa Chuideachta Sealbhaíochta, i mBus Átha Cliath, i mBus Éireann, in Iarnród Éireann agus i CIÉ Tours. Ina theannta sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le roinnt Stiúrthóirí eile ar tháinig deireadh lena dtéarmaí oifige in 2025 – Brian Fitzpatrick, James Doran agus Stephen Hannon. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin don obair cheannaireachta a rinne Lorcan O'Connor, a bhí ina Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa CIÉ ar feadh breis agus sé bliana agus a d'fhág slán againn i mí Mheán Fómhair chun bheith ina Phríomhfheidhmeannach ar Bhonneagar Iompair Éireann. Guímid gach rath air sa ról nua agus gabhaimid buíochas le Fiona O'Shea, a bhí ina Príomhfheidhmeannach Eatramhach go dtí gur cheapamar Stephen Kent ina Phríomhfheidhmeannach nua, ag tosú i mí Eanáir 2026. Ba mhaith liom buíochas an Bhoird a ghabháil freisin leis an Roinn Iompair, leis an Údarás Náisiúnta Iompair, leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, le húdaráis áitiúla agus le páirtithe leasmhara uile an Rialtais as a dtacaíocht agus a gcomhpháirtíocht leanúnach.



**Aidan Murphy**
Cathaoirleach

# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach



Bliain chinniúnach ab ea 2025 do Ghrúpa CIÉ. Léiríonn ár ngníomhaíochtaí agus na pleananna nua atá ailínithe le beartas an rialtais gur féidir linn a bheith uaillmhianach, comhoibríoch agus cuntasach – agus muid ag freastal ar ár gcustaiméirí agus na saoránaigh, ar an bpobal agus ar an tír.

Ó tháinig mise chuig CIÉ i mí Eanáir 2026, thuig mé gur bhliain í 2025 ina ndeachthas i ngleic leis na ceisteanna móra a mbeidh tionchar acu ar an rath a bheidh orainn amach anseo. Tá méadú mór tagtha ar líon na bpaisinéirí, tá feabhas tagtha ar ár bhfeidhmíocht airgeadais, tá dul chun cinn déanta againn agus táimid ag fáil faoi réir i gcomhair chuid de na hinfheistíochtaí is mó a rinne an Grúpa riamh san iompar, sa bhonneagar agus sa teicneolaíocht. Táim bródúil as ár gcuid éachtaí agus as an gcaoi a mbíonn an fhoireann ar fad ar fud Ghrúpa CIÉ ag obair as lámha a chéile. Tá an comhoibriú sin ríthábhachtach ionas go n-éireoidh go geal linn agus in 2025 ghlac Grúpa CIÉ straitéis nua, Fís 2030, atá dírithe ar roinnt cuspóirí coiteanna atá ag na Cuideachtaí Oibriúcháin a ailíniú agus tús áite a thabhairt do shruthanna oibre áirithe chun cur leis an sineirge agus an éifeachtúlacht a oiread is féidir agus chun straitéisí na gCuideachtaí Oibriúcháin aonair a chomhlánú agus tacú leo.

Tá sé phríomhcholún straitéiseacha sainaitheanta againn lena bhforbairt agus a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa agus táim ag tnúth le comhoibriú le gach ceann de na Cuideachtaí Oibriúcháin chun na tionscadail atá beartaithe faoi na colúin sin a sheoladh sna 18 mí atá romhainn.

## Athléimneacht ó Thaobh Airgeadais de ar mhaithe leis an Athinfheistíocht

Bhí feidhmíocht láidir airgeadais ag an ngrúpa in 2025 agus tháinig feabhas 14% ar an TRÚCDA go €41m, ar bhonn méadú ar an ioncam ó phaisinéirí agus bainistiú cúramach ar chostais ar fud ár n-oibríochtaí uile. Tháinig méadú 13% ar an ioncam iomlán i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, agus tacaíodh leis sin le méadú 5% ar líon na n-aistear paisinéara, méadú ar bhrabúis réasúnta choinnithe ónár ngnóthaí OSP, fócas leanúnach ar ghníomhaíocht tráchtála ar fud líonraí miondíola, maoine agus fógraíochta agus gréasáin lastais agus busanna ár nGrúpa agus, ar ndóigh, CIÉ Tours.

Bhí maoiniú Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP) ag teacht chugainn go fóill ón Údarás Náisiúnta Iompair, chomh maith le maoiniú ón Roinn Oideachais agus Óige agus ón Roinn Coimirce Sóisialaí, rud a chuir bonn go fóill faoinár gcumas seirbhísí inacmhainne, inrochtana a sholáthar ar fud na hÉireann. Leis an infheistíocht ón Údarás Náisiúnta Iompair, bhíomar in ann cur leis na leibhéil seirbhíse agus le hiontaofacht na seirbhísí i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, rud a laghdaigh na pionóis i leith cáilíocht seirbhíse faoi na conarthaí dírdhámhachtana. Bhí an Roinn Oideachais agus Óige fós ag infheistiú sa Scéim Iompair Scoile, tráth a tháinig méadú ar líon na bpáistí a iompraíodh go dtí 181,000 páiste, an méid is mó riamh. Táimid buíoch as an infheistíocht leanúnach ón Stát sa ghréasán iompair phoiblí,

agus táimid meáite fós ar bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara uile chun leanúint ar aghaidh ag cur aistriú córa iompair chun cinn, ag dul i ngleic le plódú agus ag bainistiú an mhéadaithe acmhainne agus muid ag pleanáil freisin don aistriú chuig iompar ísealcharbóin/saor ó charbón ar sheirbhísí áirithe.

In 2025, leanamar orainn ag díriú ar athléimneacht a chothú i dtaobh cúrsaí airgeadais, agus muid á chinntiú go bhfuil an Grúpa sa riocht go mbeifear in ann déileáil le brú i dtimpeallacht oibriúcháin a bhíonn seasta ag athrú. Ag an bpointe seo, cé go bhfuil méadú tagtha ar an leibhéal éiginnteachta i dtaobh cúrsaí geopholaitiúla, leanamar orainn ag infheistiú go stuama i gcáilíocht agus i scála ár seirbhísí agus ár n-áiseanna. In 2025, d'fhaomh Grúpa CIÉ infheistíochtaí nach beag óna chistí féin chun tacú le hinfheistíocht i bhfeithiclí tráchtála, i dteicneolaíocht agus in áiseanna, agus, mar chuid dár straitéis nua, Fís 2030, beimid ag díriú ar chur lenár gcúlchistí tráchtála chun riachtanais infheistíochta amach anseo a mhaoiniú de réir mar a leathnófar an gnó i gcomhar lenár bpáirtithe leasmhara.

## Athchóiriú Pinsean le haghaidh Todhchaí Inbhuanaithe

Tá dúshláin le sárú ag Grúpa CIÉ le fada ó thaobh maoiniú pinsean, agus tá dliteanais mhóra tuairiscithe ina leith sin gach bliain ó bhí 2007 ann. Ag deireadh 2024, bhí dliteanas mór €361 milliún ar chlár comhardaithe Ghrúpa CIÉ i leith na scéimeanna pinsin. Ina theannta sin, réamh-mheasadh sna luachálacha achtúireacha tríbhliantúla is déanaí (Meán Fómhair 2024), a rinneadh lena mheas cén maoiniú fadtéarmach a bheadh ag teastáil ó Ghrúpa CIÉ, go mbeadh méadú ábhartha ar na ranníocaíochtaí de dhíth chun soláthar a dhéanamh le haghaidh shochair na mball agus na híocaíochtaí pinsin a ardú. I bhfianaise an mhéadaithe a mheastar a thiocfaidh ar na dliteanais, an bhaoil nach mbeidh na scéimeanna in acmhainn méaduithe pinsin a íoc agus an riosca a ghabhann le gach mórscéim le sochar sainithe, mheas an Bord go raibh gá le hathrú agus chuaigh an lucht bainistíochta i mbun próiseas caidrimh thionsclaíoch leis an nGrúpa Ceardchumann (TUG) chun athchóiriú pinsin a chaibidliú.


Trí chaibidlíocht fhada le TUG, comhaontaíodh nach nglacfar le baill nua sna scéimeanna le sochar sainithe atá ann cheana agus go gclárófar gach fostaí nua i scéim aonair le ranníocaíocht shainithe. Anuas air sin, socraíodh go n-íocfaí ardú pinsin aonuaire. Glacadh leis an socrú sin le ballóid foirne i mí Lúnasa 2025. Éacht mór a bhí i ndéanamh an chomhaontaithe sin in 2025. Cuirfidh sé ar a chumas do Ghrúpa CIÉ bainistiú níos fearr a dhéanamh ar chostas fadtéarmach an tsoláthair pinsin agus go gcabhróidh sé leis na hIontaobhaithe rioscaí a chur as an áireamh agus luaineacht a laghdú, rud atá ríthábhachtach do na scéimeanna agus dá mbaill. Beidh na scéimeanna fós faoi lé na luaineachta, i gcomhréir le gluaiseachtaí sna rátaí úis, ach leis na hathruithe atá beartaithe beidh an leibhéal riosca ag laghdú de réir a chéile agus táthar ag súil go bhfágfaidh sé sin gur mó an seans a bheidh ann méaduithe pinsin a chur i bhfeidhm amach anseo. Tá an Grúpa ag obair i ndlúthpháirt le hoifigigh sa Roinn Iompair, in NewERA agus sa Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitithe chun an toiliú is gá a fháil ón Aire, agus táimid ag súil go gcuirfear an comhaontú i bhfeidhm go luath.

## Fás agus Cáilíocht Seirbhíse a Bhainistiú

Ba mhó ná riamh an líon aistear paisinéara a rinneadh ar fud Ghrúpa CIÉ in 2025, tráth a rinneadh 336 milliún aistear san iomlán – léiriú soiléir go bhfuil seirbhísí iompair phoiblí á roghnú ag níos mó agus níos mó den phobal. Tháinig méadú mór ar líon na ndaoine a thaistil le hIarnród Éireann ar sheirbhísí idirchathrach agus seirbhísí comaitéireachta, agus thuairiscigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann go raibh méadú ar líon na n-aistear paisinéara ar phríomhbhealaí iompair uirbeacha, réigiúnacha agus scoile.

Chomh maith leis sin, chuireamar le hinrochtaineacht ár seirbhísí agus neartaíomar ár bhfoirne tacaíochta, rud a chinntíonn go bhfuil ár seirbhísí iompair phoiblí oscailte agus ionchuimsitheach do phaisinéirí agus d'fhostaithe beag beann ar chumas agus ar chúlra.

Anuas ar na hoibríochtaí a dhéanann Bus Éireann, Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann, tá ag éirí go geal i gcónaí le CIÉ Tours, rud is ábhar mórtais dúinn, agus tá sé ag cur go mór le geilleagar turasóireachta idirnáisiúnta na hÉireann. Bhí feidhmíocht láidir ag an ngnó sin arís eile in 2025,



# Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach




agus mheall sé breis is 35,000 cuairteoir – ó Mheiriceá Thuaidh, den chuid is mó – chun cuairt a thabhairt ar Éirinn, an Ríocht Aontaithe agus cinn scríbe eile san Eoraip trí thurais thionlactha, laethanta saoire neamhspleácha agus cláir shainspéise. Is seoid ar leith é CIÉ Tours: fiontar tráchtála a bhfuil ag éirí go geal leis agus atá neadaithe go domhain i gcultúr agus i dtírdhreach na hÉireann, a thacaíonn a chuid oibre go díreach le geilleagair thuaithe, le gnólachtaí fáilteachais agus le láithreáin oidhreachta ar fud an oileáin.

Tá an Bord meáite ar fhás agus forbairt CIÉ Tours a chothú de réir mar a athraíonn an t-éileamh ar thaisteal idirnáisiúnta agus de réir mar a athraíonn próifíl na gcustaiméirí. In ainneoin na rioscaí a bhaineann le cogaí agus boilsciú faoi láthair, tá an gnó ag infheistiú ina raon táirgí, ina ardáin dhigiteacha agus ina dhintiúir inbhuanaitheachta lena chinntiú go mbeidh sé iomaíoch, ábhartha agus go n-éireoidh leis i margadh domhanda dinimiciúil.

## Infheistíocht sa Bhonneagar

In 2025, leanadh ar aghaidh ag fógairt tionscadail bhonneagair a rachaidh i bhfeidhm go mór ar an ngréasán iompair phoiblí sna blianta amach romhainn. Cé go mbeidh cláir mhóra ar nós DART+ (an infheistíocht is mó sa bhonneagar iarnróid in Éirinn ó bunaíodh an Stát) faoi stiúir Iarnród Éireann le maoiniú ón Údarás Iompair Náisiúnta, beidh CIÉ ag tabhairt comhairle ina leith agus beidh baint aige le gnéithe tábhachtacha dlí agus maoine de, agus is é an meon comhoibrithe sin a bheidh i réim sna hoibreacha soláthair agus cumasúcháin a dtabharfar fúthu ina dhiaidh sin.

Tá céimeanna pleanála agus deartha curtha i bhfeidhm i leith BusConnects, agus muid ag gabháil i dtreo mearsheirbhís bus ar ardchaighdeán do na cathracha réigiúnacha, chomh maith le Baile Átha Cliath, agus lean ár bhFoireann Maoine ar aghaidh ag cabhrú leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus ag cur comhairle air maidir leis an tionscadal tábhachtach sin. Trí chláir faoina ndéanfar athchóiriú ar stáisiúin agus iostaí sna cathracha réigiúnacha agus trí fheabhas a chur ar mhol idirmhalartaithe, feabhsófar aistear na bpaisinéirí ó thús go deireadh in áiteanna tábhachtacha ar fud an ghréasáin agus cuirfear feabhas ar na hionaid oibre dár bhfostaithe. Maidir leis sin, d'fhaomh Bord CIÉ infheistíocht sa Chloch Leathan le haghaidh áiseanna oiliúna agus oifige do Bhus Átha Cliath agus cuirim fáilte roimh thacaíocht an Údaráis Náisiúnta Iompair maidir le maoiniú a dhéanamh ar fhorbairt shuíomh Tivoli i gCorcaigh, rud a chabhróidh le Bus Éireann an chéad chéim de BusConnects Corcaigh a chur i gcrích agus dul chun cinn a dhéanamh maidir le leictriú seirbhísí.

Táimid fós ag obair anois le húdaráis áitiúla, leis an Údarás Iompair Náisiúnta agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun forbraíochtaí atá dírithe ar iompar poiblí a chur chun cinn ag Stáisiún Heuston, Stáisiún Uí Chonghaile, agus ag ár stáisiúin réigiúnacha i gCorcaigh, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge. In Eoraphort Ros Láir, bhí ár bhfoirne dlí agus maoine ag obair le foireann Iarnród Éireann ar léas an Ionaid Rialaithe Teorann Custaim in 2025 agus táimid fós ag obair ar an Máistirphlean don suíomh.


Ní le bonneagar amháin a bhaineann na hinfheistíochtaí sin – tá siad dírithe freisin ar nascacht a chur ar fáil do na saoránaigh, deiseanna eacnamaíocha a thapú, agus fírinne a dhéanamh den fhís atá ag an tír seo ina leith féin. Tríd ár sócmhainní a leathnú agus a nuachóiriú, táimid ag cur leis an leibhéal rochtana atá ag an bpobal ar fud na tíre agus ag tacú le mórspriocanna na hÉireann i dtaobh úsáid spáis agus cúrsaí eacnamaíocha.

## Gníomhú ar Son na hAeráide agus Ullmhacht i gcomhair CSRD

Tá an inbhuanaitheacht i gcroílár chuspóir Ghrúpa CIÉ. Na paisinéirí go léir a roghnaíonn seirbhís iompair phoiblí in ionad gluaisteán príobháideach, tá siad ag cuidiú Éire níos glaine agus leibhéil charbóin a ísliú – agus in 2025, rinne níos mó custaiméirí ná riamh an rogha sin.

Ar fud an Ghrúpa, tá dul chun cinn déanta againn maidir le hinbhuanaitheacht á n-oibríochtaí féin agus, trí sheirbhísí a leathnú agus cur le líon na bpaisinéirí, táimid ag cuidiú leis an inbhuanaitheacht sa mhórearnáil iompair. Leis an leictriú atá beartaithe ar sheirbhísí iarnróid

## Ráiteas ón bPríomhfheidhmeannach




faoi DART+, bainfear amach athrú céime maidir le laghdú carbóin agus úsáidfear cumhacht ghlan leictreach in ionad dó díosail i gcomhair tarraingthe. Tá ár gcuideachtaí bus ag géarú an aistrithe chuig feithiclí saor ó astaíochtaí cheana féin agus cuireadh tuilleadh feithiclí leictreacha ar an mbóthar in 2025. Tá spriocanna uaillmhianacha maidir le dícharbónú an fhlít leagtha síos againn agus táimid ag obair i ndlúthpháirt leis an rialtas agus le comhpháirtithe tionscail chun féachaint chuige go mbeidh an bonneagar luchtaithe agus na meascáin bithbhreosla agus breoslaí malartacha againn chun na spriocanna sin a bhaint amach.

Tá dul chun cinn nach beag déanta againn freisin maidir le hídiú fuinnimh agus an lorg carbóin a laghdú inár stáisiúin, ár n-iostaí agus ár n-áiseanna riaracháin – trí athchóirithe ar mhaithe le héifeachtúlacht fuinnimh, trí thionscadail fuinnimh in-athnuaite amhail grianphainéil agus aistriú i dtreo cineálacha breosla níos glaine, agus trí chórais bainistíochta foirgneamh níos cliste. Agus muid ag tarraingt ar Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, táimid ag cur leis na hinfheistíochtaí a rinne an tÚdarás Náisiúnta Iompair i dtionscadail faoina dtacaítear le gabháil fuinnimh gréine, bithéagsúlacht, folláine agus uasghrádú maoine. Chomh maith leis sin, dhearbhaíomar arís eile ár dtiomantas do thionscnaimh lena dtacaítear le héagsúlacht, ionchuimsiú agus comhionannas agus muid ag díriú an tráth céanna ar dhaoine óga a mhealladh isteach inár dtionscal. I ndáil leis sin, chothaíomar comhpháirtíocht dhearfach le bliain anuas idir Grúpa CIÉ agus Taispeántas Eolaithe Óga agus Teicneolaíochta Stripe.

Agus muid ag réiteach i gcomhair na hoibleagáide a bheidh orainn ár dtionchar comhshaoil agus sóisialta a nochtadh faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD), bhí ionadaithe ó gach ceann de na cuideachtaí ar fud an Ghrúpa ag obair le chéile i rith 2025 chun Measúnú Ábharthachta Dúbailte an Ghrúpa a chur i gcrích agus feabhas a chur ar an rialachas agus na rialuithe i dtaobh sonraí rialachais shóisialta agus comhshaoil, chun ullmhú le haghaidh an tuairiscithe in 2028. Creidim go bhfuil deis iontach ag an nGrúpa a bheith ina cheannródaí maidir le hÉirinn a bheith ina geilleagar aeráidneodrach. Is mór againn an fhreagracht sin, agus leanfaimid orainn ag déanamh tuairisciú trédhearcach ar an dul chun cinn i leith ár ngealltanas maidir le cúrsaí aeráide.

## Ar Aghaidh go Beo

Is mó ná riamh an uaillmhian atá ag Grúpa CIÉ, agus baineann tábhacht ollmhór leis an deis atá le tapú againn i bhfianaise na ndúshlán atá le sárú ag an tír seo i dtaobh an athraithe aeráide, tithíochta agus plódú tráchta. Tá daonra na hÉireann ag fás, agus ní mór do na seirbhísí iompair phoiblí fás leis. Beidh sé ríthábhachtach lán-acmhainneacht ár maoine a bhaint amach, ár seirbhísí a leathnú agus a dhícharbónú, agus nuachóiriú a dhéanamh ar ár dteicneolaíocht agus í a choinneáil slán, chun beartas an rialtais a chur i bhfeidhm agus a uaillmhian a bhaint amach.

Sna blianta amach romhainn, beidh DART+ ag dul i bhfeidhm go mór ar an taisteal iarnróid ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath. Faoi BusConnects, cuirfear cruth nua ar an taisteal i gcathracha ar fud na hÉireann. Beidh flít feithiclí níos glaise agus níos nua-aimseartha ag freastal ar phobail ó Dhún na nGall go Corcaigh. Is mó an méid daoine ná riamh a roghnóidh seirbhísí iompair phoiblí gach lá, agus a mbeidh cónaí orthu gar do na seirbhísí sin.

Beidh dúthracht ár bhfostaithe agus tacaíocht bhuan ár bpáirtithe leasmhara ríthábhachtach ina leith sin. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine i nGrúpa CIÉ as a ndíograis agus a ngairmiúlacht in 2025 agus iad ag cabhrú linn dul ar aghaidh go beo.

**Stephen Kent**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin*

**Faoin straitéis Fís 2030, is comhoibrí agus cumasóir araon é CIÉ.. Is Grúpa é a thacaíonn lena Chuideachtaí Oibriúcháin, a bhíonn ag plé go cuiditheach le páirtithe leasmhara náisiúnta, agus a dhíríonn ar thaisteal comhtháite ionchuimsitheach, ísealcharbóin. Tá an straitéis sin bunaithe go daingean ar ár dtiomantas do na saoránaigh a bhíonn ag brath ar na seirbhísí iompair phoiblí gach uile lá.**

## Deartha Chun Freastal ar an Saoránach


Tacú le forbairt seirbhísí atá saoráideach, inrochtana, agus a fhreastalaíonn ar riachtanais an phobail beag beann ar an oibreoir ná ar an gcóir iompair.

## Gníomhú ar bhonn Comhpháirtíochta

Neartú a dhéanamh ar an gcomhar idir Cuideachtaí Oibriúcháin CIÉ, an tÚdarás Iompair Náisiúnta agus an Roinn Iompair, chomh maith le pobail áitiúla.

## Luach Fadtéarmach a Chruthú don Phobal

Maoin, sonraí agus eolas an Ghrúpa a bhainistiú ar bhealach atá chun leas na hÉireann ó thaobh na haeráide, tithíochta agus an gheilleagair de.


Ag obair dúinn lenár bpáirtithe leasmhara, tá ár straitéis dírithe ar shé phríomhthoradh a bhaint amach
Taisteal Saoráideach ar Chóracha Iompair Éagsúla
Gníomhachtú Straitéiseach Talún agus Maoine
Seirbhísí Comhroinnte Éifeachtúla
Inbhuanaitheacht trí Dhearadh
Timpeallachtaí Nua Ioncaim agus Tráchtála
Nuálaíocht mar Chumas Córais

## Páirtithe Leasmhara CIÉ

Feidhmíonn Grúpa CIÉ laistigh de chóras casta páirtithe leasmhara, ina mbímid ag plé leis an rialtas, le rialtóirí, le grúpaí tráchtála, le grúpaí den tsochaí shibhialta agus lenár lucht saothair féin.

Tá an rannpháirtíocht sin lárnach ó thaobh an chumais atá againn tacú le cuspóirí beartais náisiúnta i ndáil le hiompar, forbairt shóisialta agus forbairt inbhuanaithe. Trí bheith ag obair i ndlúthpháirt le comhpháirtithe, is féidir linn deiseanna a thapú chun eolas a chomhroinnt agus cuspóirí coiteanna a bhaint amach amhail

- Seirbhísí iompair phoiblí atá sábháilte, iontaofa agus inbhuanaithe a chur ar fáil do phaisinéirí ar fud na hÉireann
- Maoiniú, infheistíocht chaipitil, agus tacaíocht bheartais a fháil ar mhaithe le claochlú san fhadtréimhse
- Muinín a chothú agus an sainchúram sóisialta atá ar an nGrúpa a chomhlíonadh i dtaobh seirbhísí inrochtana, ionchuimsitheacha a chur ar fáil do chách.
- An clár oibre náisiúnta maidir le haistriú córa iompair a chur chun cinn i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide at ag an tír seo
- Dul chun cinn a dhéanamh maidir le mórchláir chaipitil agus cláir bhonneagair agus iompair riachtanacha nua, agus DART+, BusConnects, agus Éire Á Nascadh ina measc.

## Príomhpháirtithe Leasmhara CIÉ

### An Rialtas

An Roinn Iompair, an Roinn Oideachais, an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil, NewERA, comhaltaí agus coistí an Oireachtais, Údaráis Áitiúla.

### Gníomhaireachtaí Stáit agus Gníomhaireachtaí Rialála

An tÚdarás Náisiúnta Iompair, an Ghníomhaireacht Forbartha Talún, Bonneagar Iompair Éireann, Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann.

### Cuideachtaí Oibriúcháin CIÉ

Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, CIÉ Tours

### Custaiméirí, Fostaithe agus Ceardchumainn

Áirítear leo sin na Grúpaí Úsáideoirí faoi Mhíchumas, ár ngrúpaí Pinsean, agus ár nGrúpa Ceardchumann ina bhfuil baill ó SIPTU, NBRU, CONNECT, TSSA agus UNITE.

In 2025, tá TRÚCDA €41.4m á thuairisciú ag Grúpa CIÉ, as a n-eascraíonn glanbharrachas €6.6m tar éis cánach. Leanadh ar aghaidh ag cur leis na seirbhísí iompair phoiblí agus na seirbhísí tráchtála i rith na bliana.

Tá trí thoisc ann is bonn leis an bhfeidhmíocht airgeadais fhoriomlán.

i. Ioncam – lena gcuimsítear
   a. Maoiniú OSP agus Maoiniú eile ón Stát
   b. Ioncam ó Oibríochtaí
ii. Costais Oibriúcháin
iii. Costais Pinsean


## Ioncam

Tháinig méadú foriomlán €247m ar an Ioncam in 2025 (ó €1,844m go €2,091m). I measc na gcúiseanna atá leis sin tá an méadú a tháinig ar ioncam ó sheirbhísí OSP ar fud na dtrí Chuideachta Oibriúcháin, an méadú ar ioncam ó na Seirbhísí Scoile i mBus Éireann agus an méadú ar an ioncam tráchtála ar fud an Ghrúpa.

In 2025, chuir na trí Chuideachta Oibriúcháin, Iarnród Éireann (IÉ), Bus Átha Cliath (BÁC) agus Bus Éireann (BÉ) seirbhísí iompair phoiblí ar fáil ar bhonn conradh ollchostais. Faoi na conarthaí sin, aisíocann an tÚdarás Náisiúnta Iompair costas comhaontaithe leis na cuideachtaí sin i leith seirbhísí a sholáthar, agus íoctar an t-ioncam ó tháillí díreach leis an Údarás.

Is toisc i dtaobh an mhéadaithe €87m ar an ioncam OSP iad na seirbhísí agus na bealaí breise a bhunaigh Bus Átha Cliath agus Bus Éireann faoin gclár BusConnects agus 'Éire á Nascadh'.

**Fíor 1: Ioncam Iomlán de réir Foinse 2021 go 2025**




Léirítear i bhFíor 1 comhdhéanamh ioncam iomlán an Ghrúpa ó 2021 go 2025.

Tá an tIoncam ón tSeirbhís Scoile fós ag fás, agus tuairiscítear méadú €62m ar leibhéil in 2024. Is samhail aisghabhála costais atá i gceist agus mar sin is é an méadú céanna sin a tháinig ar an gcostas a bhaineann leis na seirbhísí sin a chur ar fáil.

Tháinig méadú beag ar an ioncam tráchtála (Ioncam seachas OSP) in 2025 i gcomparáid le leibhéal na bliana 2024, ó €289m go €296m. Baineann na méaduithe sin le gnóthaí tráchtála i mBus Éireann, Iarnród Éireann agus CIÉ Tours.


## Costais Oibriúcháin

Tháinig méadú €242m ar chostais oibriúcháin na bliana mar gheall gur cuireadh leis na seirbhísí agus mar gheall ar thionchar an bhoilscithe.

- Tháinig méadú €62m ar chostais phárolla (gan costais pinsean san áireamh), sin méadú 8% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall líon na mball foirne a bheith imithe i méid agus mar gheall ar chomhaontaithe pá a caibidlíodh. Tháinig méadú 5% ar an meánlíon fostaithe i rith na bliana.
- Tháinig méadú €14m ar na costais pinsean, arna gcinneadh ag Achtúire na Scéime faoi FRS102, i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, mar gheall ar an athrú ar rátaí lascaine, tuilleadh ball a bheith sa scéim agus an boilsciú a bheith ag dul i bhfeidhm ar na tuarastail.
- Tháinig ardú €65m ar chostas na gconraitheoirí iompair scoile toisc gur cuireadh seirbhísí breise ar fáil do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus toisc gur cuireadh leis na seirbhísí príomhshrutha.
- Tháinig méadú €55m san iomlán ar na costais cothabhála iarnróid, costais na n-ábhar agus costais eile i gcomparáid le 2024, mar gheall ar mhéadú ar ghníomhaíocht chothabhála.
- Mhéadaigh costas an bhreosla go €134m (€129m in 2024) de bharr breis seirbhísí a bheith á rith.
- Mhéadaigh na Costais Díolacháin a bhí ar CIÉ Tours i gcomhréir leis an méadú a tháinig ar a ioncam.

Tá achoimre i bhFíor 2 thíos ar phríomhchodanna na gCostas Oibriúcháin.

**Fíor 2: Costais Oibriúcháin**




## Costais Pinsean

Cuimsítear sna ráitis airgeadais costas airgid an tsoláthair pinsean agus costais neamhairgid a bhaineann leis an meastachán cuntasaíochta ar chostais seirbhíse reatha agus an costas measta chun an glandliteanas pinsean a iompar. Tháinig méadú ar na costais seirbhíse reatha go €92m in 2025 (€78m in 2024).


Níor tháinig aon athrú ar an nglanchostas airgeadais a bhaineann leis an dliteanas pinsin a iompar – €11m a bhí i gceist go fóill.

## Brabús Oibriúcháin i leith na Bliana

Mar gheall ar thionchar na dtosca sin ar an bhfeidhmíocht airgeadais, Tuilleamh roimh Ús, Cáin, Díluacháil agus Amúchadh (TRÚCDA) €41m a bhí ag an nGrúpa in 2025, agus glanbharrachas €6.6m.

Léirítear na gluaiseachtaí i dtaobh Ioncaim agus Costas Oibriúcháin i bhFíor 1 agus i bhFíor 2. Léirítear i bhFíor 3 thíos na príomhghluaiseachtaí ba chúis leis an méadú ar TRÚCDA in 2025 i gcomparáid le 2024.

**Fíor 3: Gluaiseacht sa TRÚCDA 2024 go 2025**




## Nithe Suntasacha eile i dtaobh Airgeadais de

### Airgead agus Saoráidí Baincéireachta

Is é glan-iarmhéid airgid an Ghrúpa (agus méideanna arna sealbhú thar ceann an Údaráis Náisiúnta Iompair as an áireamh) amhail an 31 Nollaig 2025 €244m (2024: €310m). Is é an phríomhchúis atá leis an laghdú sin i rith na bliana uainiú na n-íocaíochtaí caipitil oibre a rinneadh gar do thús na bliana 2025. Ar feadh 2025 go léir, bhí an Grúpa ag feidhmiú agus é saor ó ghlanfhiachas agus i staid dhearfach maidir le glanmhéid airgid.

Tá Comhaontú Saoráide ag an nGrúpa lena ghrúpa iasachtóirí (Banc na hÉireann, Banc Aontas Éireann agus Barclays Bank plc) faoina bhfuil saoráid creidmheasa rothlaigh €80 milliún aige go dtí Bealtaine 2031. Níor tharraing sé ar an tSaoráid sin i rith na bliana. Tá spriocanna inbhuanaitheachta curtha leis an gcomhaontú sin ag an nGrúpa anois ionas gur Iasacht atá Nasctha le hInbhuanaitheacht é, rud a léiríonn a uaillmhianta i leith na hinbhuanaitheachta de dá chomhpháirtithe iasachta.


## Maoiniú Deontais don Chlár Caipitil

Fáiltíonn CIÉ roimh an méadú ar an Maoiniú Deontais don Chlár Caipitil, ar cuireadh €156m leis in 2025 ionas gur €546m (2024: €390m) a caitheadh. Léiríonn Fíor 4 an maoiniú sin, a bhfuil fáilte mhór roimhe, sa tréimhse 2021 go 2025.



Úsáidtear an maoiniú sin chun infheistíocht a dhéanamh i sócmhainní an ghréasáin iompair phoiblí agus chun iad a chothabháil. Maidir le sócmhainní caipitil, ba ar an gclár DART+, Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí, an rothstoc agus cothabháil throm i leith thógáil líne lastais Fhainge a caitheadh cuid mhór den airgead in 2025.

**Fíor 4: Maoiniú Caipitil 2021 go 2025**




## Scéimeanna Pinsean le Sochar Sainithe


Feidhmíonn an Grúpa dhá scéim pinsean le sochar sainithe: Scéim Aoisliúntais CIÉ 1951 agus Scéim Pá Rialta CIÉ. Tá siadsan á maoiniú ag ranníocaíochtaí ón nGrúpa agus ó na fostaithe. Tá na sochair scoir a íoctar faoi na Scéimeanna sin ráthaithe ag sócmhainní na gcistí atá á riar ag iontaobhaithe. Déantar iadsan a infheistiú i sócmhainní éagsúla, amhail cothromais agus bannaí rialtais.

Rinneadh athbhreithniú achtúireach tríbhliantúil ar na scéimeanna i Meán Fómhair 2024 chun measúnú a dhéanamh ar an riachtanas maoiniúcháin san fhadtréimhse, agus aithníodh go bhfuil gá le hathruithe breise chun aghaidh a thabhairt ar chostas an tsoláthair pinsin do bhaill foirne reatha agus ar an gcás ina bhfuil pinsinéirí nár méadaíodh an íocaíocht a dhéantar leo le blianta fada. Cuireadh tús le rannpháirtíocht leis an nGrúpa Ceardchumann chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin agus in 2025 comhaontaíodh bearta athchóirithe pinsean agus ghlac an fhoireann leo i mballóid a reáchtáladh i mí Lúnasa 2025.

Faon athchóiriú sin, dúnfar na scéimeanna le sochar sainithe do rannpháirtithe nua agus bunófar scéim le ranníocaíocht shainithe a mbeidh tagarmharcanna cuí ag gabháil léi d'fhostaithe nua ar fud an Ghrúpa. Is mór an t-athrú é sin do Ghrúpa CIÉ agus fágann sé go bhfuil an Grúpa ag dul sa treo céanna le comhlachtaí leathstáit eile. Áirítear leis an togra freisin méadú aonuaire suas le 5% do phinsinéirí incháilithe, a bheidh á mhaoiniú ag CIÉ lasmuigh de na scéimeanna ach a bheidh san áireamh san oibleagáid ábhartha i dtaobh sochar sainithe. Tá leibhéil ranníocaíochtaí maoinithe comhaontaithe ag Grúpa CIÉ a fhágfaidh, i dteannta le fáltais réamh-mheasta ó shócmhainní, go ndéanfar soláthar do shochair na mball atá sna scéimeanna faoi láthair agus don fhéidearthacht go n-íocfar méaduithe beaga bliantúla amach anseo – agus tá sé leagtha amach sa chaoi go bhféadfar a chinntiú go ndéanfar maoiniú leordhóthanach ar an luacháil achtúireach feasta. Tá na scéimeanna fós faoi réir luaineacht an mhargaidh, i gcomhréir le gluaiseachtaí sna rátaí úis, ach fágfaidh na hathruithe atá beartaithe go laghdóidh an leibhéal riosca de réir a chéile.

De réir na gceanglas rialachais, ceanglaítear ar Ghrúpa CIÉ toiliú a lorg, chun na bearta athchóirithe pinsean a comhaontaíodh leis an bhfoireann a chur i bhfeidhm, ón Aire Iompair agus ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin, Seirbhíse Poiblí agus Digitithe. Agus an tuarascáil seo á scríobh, níl toiliú foirmiúil ón Aire faighte fós i leith an togra pinsean agus níor cuireadh i bhfeidhm go fóill é trí Ionstraimí Reachtúla leasaitheacha, ach deirtear leis an nGrúpa go bhfuil ag éirí go maith leis an bpróiseas sin agus nach fada go gcuirfear an togra pinsean i ngníomh. Measann Grúpa CIÉ, maidir leis na toimhdí a úsáideadh sa luacháil ar an dliteanas pinsin amhail an 31 Nollaig 2025, gurb iad an meastachán is fearr ar a oibleagáid pinsean iad i gcomhréir le FRS102, ach tá éiginnteacht ann mar gheall go bhfuiltear fós ag fanacht leis na toilithe a bhfuil gá leo.

Amhail an 31 Nollaig 2025, tá glansócmhainn pinsean le sochar sainithe de €157m (2024: Dliteanas €361m) á tuairisciú ag an nGrúpa. Ba é €2,549m luach cóir shócmhainní na Scéimeanna amhail an 31 Nollaig 2025, €70m (2.8%) níos mó ná deireadh na bliana roimhe sin. Tá laghdú nach beag tagtha ar dhliteanais na Scéimeanna, áfach, go €2,391m (ó €2,839m in 2024) mar thoradh ar an méadú ar an ráta lascaine a úsáideadh chun luacháil a dhéanamh ar dhliteanais amhail an 31 Nollaig 2025 agus athruithe eile ar thoimhdí. Tá sonraí iomlána na dtoimhdí luachála sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais. Tháinig méadú ar an muirear ar an ráiteas ioncaim do na scéimeanna pinsin le sochar sainithe ó €88.8m in 2024 go €102.8m in 2025.



**Fiona O'Shea**
Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa







## Bus Átha Cliath

Cuireann foireann dhíograiseach, chumasach ar a bhfuil breis agus 4,400 duine seirbhísí Bhus Átha Cliath ar fáil ar fud Bhaile Átha Cliath agus a Mhórcheantair, agus is tiománaithe bus iad níos mó ná 3,300 duine díobh sin.

### I measc bhuaicphointí na bliana 2025 bhí:

- 165 milliún aistear paisinéara (an méid ba mhó riamh).
- Barrachas airgeadais €3.5m (2024: €3.1m).
- Seoladh dhá chéim den chlár BusConnects: Céim 6A i mí Eanáir 2025 agus Céim 7 i mí Dheireadh Fómhair 2025.
- Osclaíodh iosta Bhaile Shéamais, ina gcuirtear tacaíocht bhonneagair ar fáil do leathnú an fhlít feithiclí leictreacha.

## Bus Éireann

Is é Bus Éireann cuideachta busanna náisiúnta na hÉireann, a ritheann seirbhísí iompair phoiblí i mbailte agus cathracha ar fud na tíre, agus eatarthu. Trí ghnó atá aige: gnó na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (OSP), Expressway, agus an tSeirbhís Iompair Scoile. Déanann Bus Éireann daoine a nascadh le chéile agus leis na rudaí is ansa leo, rud a fheabhsaíonn saol na bpobal ar fud na hÉireann.

### I measc bhuaicphointí na bliana 2025 bhí:

- Rinneadh os cionn 116m aistear paisinéara ar ghnáthsheirbhísí bus agus ar sheirbhísí scoile (méadú ó 112m in 2024).
- Barrachas airgeadais €0.2m (2024: easnamh €4.2m).
- Bunaíodh róil nua an Phríomhinnealtóra agus an Oifigigh Bonneagair Chriticiúil, atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar an bhflít agus na hiostaí, as na háiseanna cothabhála agus as pleanáil feithiclí ar fud na tíre.
- Cuireadh i gcrích an dara céim den chéad seirbhís bus cathrach réigiúnach leictreach in Éirinn, i Luimneach, ionas gur féidir 2.1 milliún ciliméadar a thiomáint saor ó astaíochtaí in aghaidh na bliana agus seirbhís níos ciúine agus níos glaine a rith sa chathair. D'fhág sé sin gur laghdaíodh an méid díosail a úsáideach in 2025 de 88% i gcomparáid le 2021.
- Bronnadh Gradam Fuinnimh Iompair SEAI 2025 air, chomh maith le Gradam Lóistíochta agus Iompair na hÉireann 2025 (an príomhghradam), Gradam Éagsúlachta agus Ionchuimsitheachta agus Gradam Chuideachta Iompair Paisinéirí na Bliana.
- D'éirigh go geal leis an Scéim Iompair Scoile, an ceann is mó dá leithéid san Eoraip. Eisíodh an líon ba mhó ticéad riamh – do 181,000 leanbh. Bhí níos mó ná 8,700 feithicil ag tiomáint ar bhreis agus 11,000 bealach gach lá scoile, agus ba le conraitheoirí seachtracha a bhformhór.




**55m**

**aistear paisinéara Iarnród Éireann**

## Iarnród Éireann

Is é Iarnród Éireann a sholáthraíonn seirbhísí iarnróid náisiúnta na hÉireann, agus a dhéanann gréasán iarnróid na tíre agus na seirbhísí do phaisinéirí agus na seirbhísí lastais a fhorbairt agus a fheidhmiú, agus is é an tÚdarás Calafoirt é i leith Eoraphort Ros Láir freisin.

### I measc bhuaicphointí na bliana 2025 bhí:

- 55.0m aistear paisinéara (50.7m in 2024), an líon is mó riamh ar sheirbhísí na cuideachta.
- Barrachas airgeadais €9.2m (2024: easnamh €0.4m).
- Cúis mhór leis an méadú ar líon na bpaisinéirí is ea na feabhsuithe a rinneadh ar an tráthchlár in 2024, agus tháinig méadú 40% ar líon na n-aistear mar gheall ar na seirbhísí idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste a bheith á rith gach uair an chloig. Chuireamar arís eile le líon na bpaisinéirí sna margaí go léir, agus ba mhó an líon daoine a thaistil ar sheirbhísí DART agus seirbhísí comaitéireachta ná mar a bhí amhlaidh roimh COVID
- Rinneadh infheistíocht leanúnach sa bhonneagar agus sa fhlít feithiclí agus cuireadh feabhas orthu chun freastal ar an mborradh a bheidh faoi ghréasán iarnróid inbhuanaithe, lena n-áirítear na príomhthionscadail seo a leanas:
  - An Clár DART+: D’fhaomh an Coimisiún Pleanála iarratas ar Ordú Iarnróid do DART+ an Chósta Thuaidh, agus tá an faomhadh sin faighte cheana i leith DART+ an Iarthair agus an Iardheiscirt. Tugadh chun críche na hoibreacha chun áiseanna luchtaithe ceallra-leictreacha a shuiteáil ag Stáisiún Dhroichead Átha, don fhlít carráistí ceallra-leictreacha DART+.
  - Leanadh ar aghaidh le próisis tástála, choimisiúnaithe agus formheasa rialála don fhlít nua DART+, agus fuarthas ceithre thraein a chuirfear i mbun seirbhíse sa chéad leath de 2027.
  - Roghnaigh Iarnród Éireann agus Translink an chuideachta Stadler chun ocht dtraein ilmhódacha nua Intercity a sholáthar don tseirbhís Enterprise idir Baile Átha Cliath agus Béal Feirste, agus síníodh an conradh i mí Feabhra 2026. Beidh na traenacha ag teacht ó 2028 ar aghaidh.
  - Iarnród Comaitéireachta Cheantar Chorcaí: Le maoiniú ón gCiste Eorpach um Théarnamh agus Athléimneacht (EURRF), osclaíodh an t-ardán nua ag Stáisiún Kent i mí an Mhárta 2025, críochnófar na hoibreacha chun líne dhúbailte a dhéanamh den líne idir an Gleanntán agus Mainistir na Corann in 2026, agus beartaítear go gcuirfear obair athchomharthaíochta i gcrích in 2027.
  - Stáisiúin nua: Osclaíodh Stáisiún DART Woodbrook, lastuaidh de Bhré, i mí Lúnasa 2025. Fuarthas cead pleanála i gcomhair stáisiún nua i Maigh Rois, Co. Luimnigh.
  - Tá an obair ar Stáisiún Ceannt i nGaillimh ag dul chun cinn de réir an sceidil ionas go mbeidh sí críochnaithe faoi 2026, agus táthar ag obair ar Stáisiún Phluincéid i bPort Láirge agus ar na hoibreacha fóirithinte tuile a ghabhann leis.

- An tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha: Aistríodh an fheidhm rialaithe traenach ar chuid de Líne Shligigh i gceantar Chluain Saileach agus rialú leictreach an bhonneagair cumhachta tarraingthe DART (fostáisiúin agus línte lastuas) ó Lárionad Rialaithe Tráchta Stáisiún Uí Chonghaile go dtí an tIonad Náisiúnta Rialaithe Traenacha ag Stáisiún Heuston le linn 2025.
- Leanadh ar aghaidh in 2025 le forbairt bogearraí i gcomhair Chóras Bainistíochta Tráchta an Ionaid Náisiúnta sin (an córas lena mbainisteofar an trácht iarnróid go léir nuair a bheidh an tIonad coimisiúnaithe). Tá dúshláin mhóra le sárú i leith an Chórais Bainistíochta Tráchta, agus tá foireann tionscadail Iarnród Éireann fós ag plé leis an gconraitheoir Indra, i gcomhairle leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chun dul i ngleic le fadhbanna atá tagtha chun cinn. Ar bhonn thorthaí na tástála go dtí seo, áfach, níl muinín ag an gcuideachta gur féidir an tsócmhainn, sa riocht ina bhfuil sí faoi láthair, a chur ag obair ar an ngréasán agus dá bhrí sin tá luach anonn na sócmhainne díscríofa aici. Ina fhianaise sin, tá an chuideachta ag meas conas is fearr tionscadal an Chórais Bainistíochta Tráchta a chur i gcrích. Féach nóta 32 a ghabhann leis na ráitis airgeadais
- Tá na hoibreacha ar na rianta agus na hoibreacha innealtóireachta sibhialta ar an líne ó Luimneach go Faing beagnach críochnaithe. I measc na n-oibreacha a dhéanfar in 2026 chun an líne a oscailt tá crosaire comhréidh, comharthaíocht agus oibreacha droichid agus íosbhealaigh, agus críochnófar iad i ráithe 4 2026. Comhaontaíodh pleananna chun stáisiún sealadach a bhunú in Áth Dara do sheirbhísí paisinéirí chuig Corn Ryder 2027, agus críochnófar á thógáil in 2026.
- Cuireadh ordú isteach i mí na Nollag le haghaidh 68 vaigín lastais nua, a thacóidh le hoibríochtaí cothabhála bonneagair. Tá ag éirí go maith leis an obair dhearaidh don chéad ordú i gcomhair 150 vaigín lastais idirmhódúla don ghnó oibríochtaí lastais, agus tiocfaidh na chéad vaigíní chomh fada le hIarnród Éireann le haghaidh tástála in 2026.

## Eoraphort Ros Láir

- Tá borradh fós faoi Eoraphort Ros Láir agus tháinig méadú arís ar líon na n-aonad lastais a chuaigh tríd – breis agus 245,000 aonad, sin méadú 5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.
- Cé gur laghdaigh líon iomlán na bpaisinéirí in 2025 i gcomparáid le 2024, bhí sé sin ag teacht le moilliú ginearálta ar an taisteal ón Eoraip go hÉirinn ar fud an tionscail turasóireachta, tráth a tháinig laghdú 16% ar an líon turasóirí ó mhór-roinn na hEorpa. D'éirigh go maith le margadh na Breataine Móire, áfach, agus taifeadadh méadú 3% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.

**Baineadh amach buaicphointe airgeadais úr i leith Eoraphort Ros Láir freisin in 2025 le hioncam**

**€17.8m**






Tá an Turasóireacht Fhreagrach fós lárnach i samhail oibriúcháin CIÉ Tours. In 2025, chuir an chuideachta a straitéis inbhuanaitheachta chun cinn agus í ag díriú ar mhaoirseacht comhshaoil agus ar thacaíocht do na pobail ina bhfeidhmíonn sí.

an mbóthar ceart fós chun bheith ar an gceann is forbartha san Eoraip ó thaobh na teicneolaíochta cliste de, agus tá réitigh cheannródaíocha á n-úsáid chun oibríochtaí a chuíchóiriú, éifeachtúlacht a fheabhsú agus cur le heispéireas na gcustaiméirí.

- Fuair an calafort an Toiliú Limistéir Mhuirí is mó riamh arna eisiúint ag an stát, rud a d'éascaigh cur isteach an iarratais ar chead pleanála i mí na Nollag 2025 le haghaidh na saoráide calafoirt is mó in Éirinn le haghaidh fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta, lena dtacófar le tógáil agus feistiú feirmeacha gaoithe i Muir Éireann agus sa Mhuir Cheilteach.

## CIÉ Tours

Arís eile in 2025, sháraigh CIÉ Tours, príomhoibreoir na dturas isteach go hÉirinn, ioncam na bliana roimhe sin, agus bhain sé amach a leibhéal díolacháin is airde go fóill. Bhí brabúsacht láidir agus éileamh leanúnach ó Mheiriceá Thuaidh ar thaisteal go hÉirinn agus go dtí an Bhreatain ina ngné mhór den fheidhmíocht sin. Tá CIÉ Tours fós ag déanamh brabús tráchtála seasta agus Éire á cur chun cinn aige mar cheann de chinn scríbe turasóireachta mhealltacha an domhain.

San iomlán, thaistil breis is 35,000 custaiméir le CIÉ Tours ar fud na hÉireann, na Breataine, na hÍoslainne, na hIodáile agus na Spáinne, agus thug breis is 28,000 duine cuairt ar oileán na hÉireann. Bhí leibhéal sástachta na gcustaiméirí thar a bheith ard ag 95%, agus fuarthas glanscór tionscnóra 71.5.

## Forbairt Straitéiseach Táirgí

In 2025, seoladh cúig chlár taistil nua do shéasúr 2026, rud a thacaíonn leis an éagsúlú leanúnach ar phunann na cuideachta. In Éirinn, thug CIÉ Tours isteach catagóir nua Siúlóidí agus Fánaíochta do ghrúpaí beaga, rud a chuireann leis na bealaí ar féidir le cuairteoirí sult a bhaint as tírdhreacha na tíre agus aithne a chur ar na pobail éagsúla. Forbraíodh dhá thuras, ceann dírithe ar chósta thuaidh na hÉireann agus an ceann eile ar cheantar Chorcaí agus Ciarraí, do thaistealaithe gníomhacha atá ag lorg siúlóidí treoraithe, radhairc bhreátha agus eispéiris chultúrtha.

Neartaíodh punann na Breataine tuilleadh nuair a seoladh an turas nua ar Shasana/Albain, clár taistil naoi lá ina dtugtar cuairt ar áiteanna ar fud an dá thír. San Iodáil, cuireadh tús le dhá thuras nua – an Turas Clasaiceach: ó Lochanna na hIodáile go dtí an Róimh agus an Turas Mór: ó Lochanna na hIodáile go Cósta Amalfi. Leis sin, leathnaítear punann turas na hIodáile chuig tuaisceart na tíre sin agus tá sé thuras á dtairiscint ag CIÉ Tours san Iodáil anois. Chuir a lán daoine áit ar thuras san Iodáil in áirithe go luath, rud a léiríonn gur cinn mhealltacha iad agus go bhféadfadh an deis a bheith ann turais eile a chur ar bun sa tír sin.

## Turasóireacht Fhreagrach

Tá an Turasóireacht Fhreagrach fós lárnach i samhail oibriúcháin CIÉ Tours. In 2025, chuir an chuideachta a straitéis inbhuanaitheachta chun cinn agus í ag díriú ar mhaoirseacht comhshaoil agus ar thacaíocht do na pobail ina bhfeidhmíonn sí.

Bhronn Líonra Turasóireachta Inbhuanaithe na hÉireann Deimhniú Óir ar an gcuideachta ar bhonn iniúchadh a rinne tríú páirtí neamhspleách ar a hoibríochtaí agus a slabhra soláthair in Éirinn. Is aitheantas é an deimhniú ar níos mó ná dhá bhliain d'obair struchtúrtha ar fud an ghnó, ag neartú tomhas astaíochtaí, rannpháirtíocht le soláthraithe agus infheistíocht sa phobal.

Chuir an chuideachta leis an úsáid a bhaineann sí as Ola Phlandúil Hidreachóireáilte (HVO) ar fud fhlíteanna cóistí a comhpháirtithe freisin, agus tá thart ar 15% de na feithiclí á rith anois ar an mbreosla malartach íseal-astaíochtaí sin. Tá sé sin ar cheann d'iarrachtaí níos leithne CIÉ Tours i dtaobh carbón a thomhas agus a laghdú ar fud a oibríochtaí.

Coinníodh leis an leathnú ar an gCiste Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta, trí thacú le tionscadail lena mbaintear amach torthaí praiticiúla i ndáil le caomhnú agus tionchar sóisialta i gcinn scríbe thábhachtacha. In Éirinn, thug ReFarm Burren isteach coiléir a oibríonn le GPS chun cabhrú le feirmeoirí an cheantair patrúin innilte a bhainistiú ar fud Bhoirne, réigiún a dtugtar cuairt air go minic le CIÉ Tours.

In Albain, thacaigh an Ciste le tionscnaimh chaomhnaithe ag suíomh Chath Chùil Lodair i gcomhpháirtíocht leis an Iontaobhas Náisiúnta d'Albain, rud a chuidíonn an suíomh stairiúil a chaomhnú agus feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht trí bhainistíocht talún ísealtionchair. Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an chuideachta le Invisible Cities, fiontar sóisialta a chuireann oiliúint ar dhaoine atá nó a bhí gan dídean chun bheith ina dtreoraithe turas siúil, rud a chothaíonn deiseanna fostaíochta agus a leathnaíonn gné shóisialta a cuid oibre i dtaobh na Turasóireachta Freagraí.

Comhlánaíonn na tionscnaimh sin mórchlár inbhuanaitheachta CIÉ Tours agus tá siad ailínithe le creataí gníomhaithe ar son na haeráide ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ

Tá CIÉ, máthairchuideachta an Ghrúpa, freagrach as rialachas foriomlán an Ghrúpa de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú agus de réir ionchais ár scairshealbhóra, an tAire Iompair, as bainistiú a dhéanamh ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ agus ar a phunann réadmhaoine agus, ar deireadh, as raon sainseirbhísí tacaíochta gairmiúla a sholáthar don Ghrúpa. I measc na seirbhísí sin tá siad seo a leanas:

- maoin Ghrúpa CIÉ a bhainistiú chun sruth ioncaim coimhdeach a sholáthar chun cuidiú leis na seirbhísí iompair phoiblí a mhaoiniú
- bonneagar teicneolaíochta faisnéise agus seirbhísí feidhmchláir a sholáthar
- seirbhísí iniúchóireachta inmheánaí
- seirbhísí éileamh, árachais agus bainistíochta riosca
- sainseirbhísí dlí
- bainistíocht cisteáin
- riar na scéimeanna pinsean.

Baineadh amach na mór-éachtaí oibríochta seo a leanas in 2025:

- Forbairt straitéise nua do Ghrúpa CIÉ – Fís 2030 – atá dírithe ar an saoránach chun sineirgí agus éifeachtúlacht a uasmhéadú chun straitéisí aonair na gcuideachtaí a chomhlánú agus tacú leo, agus cuspóirí coiteanna a chur chun cinn ar fud na gCuideachtaí Oibriúcháin agus tús áite a thabhairt do shruthanna oibre áirithe arna gcomhaontú.
- Méadú bliain ar bhliain de 5.2% ar ioncam forbartha maoine mar gheall ar dhul chun cinn leanúnach ar shuíomhanna forbartha Uí Chonghaile agus Thaobhlach Bhostún.
- Méadú 4% bliain ar bhliain ar an ioncam ón Líonra Fógraíochta do Chomaitéirí.
- Tá an Clár Cibearshlándála ar an bhfód anois agus tá treochlár leagtha síos do na ceithre bliana atá romhainn. In 2025, cuireadh feabhas ar rialuithe slándála éagsúla faoin gclár. Tá daoine breise ceaptha ar an bhfoireann Cibearshlándála agus tá réimse iomlán seirbhísí slándála agus bainistíochta riosca TF á sholáthar acu anois. Tá próisis bainistíochta riosca TF i bhfeidhm, agus bunaíodh Clár Oiliúna agus Feasachta Cibearshlándála. Cuireadh bonn daingean faoin gCreat Rialachais Slándála nuair a bunaíodh roinnt coistí stiúrtha tábhachtacha.



- Cuireadh síneadh ama le Comhaontú Saoráide an Ghrúpa leis an ngrúpa iasachtóirí go dtí mí na Bealtaine 2031 agus comhaontaíodh gur Iasacht Inbhuanaitheachta a bheadh ann, lena n-áirítear príomhtháscairí feidhmíochta i leith na hinbhuanaitheachta.
- Sna sála ar chlár uaillmhianach caomhnaithe, catalógaithe agus digitithe, rinne an tAire Iompair Darragh O'Brien seoladh oifigiúil ar Chatalóg Ar Líne Chartlann Ghrúpa CIÉ i mí na Samhna 2025 ag Foirgneamh Salesforce, Cé an Bhalla Thuaidh, Baile Átha Cliath, foirgneamh a bhíodh ina chuid de bhonneagar stairiúil iarnróid Bhaile Átha Cliath tráth den saol.
- Leanadh ar aghaidh ag obair le Bord na nÓg CIÉ chun dearcadh éagsúil agus cur chuige ionchuimsitheach a chur i bhfeidhm i leith ár straitéise inbhuanaitheachta agus ár bhfíse don fhadtréimhse.
- Rinneadh infheistíocht nach beag i gClár Céimithe na Cuideachta Sealbhaíochta, lena n-áirítear TF agus Réadmhaoin.
- Bunaíodh struchtúr tuairiscithe agus rialachais tionscadail CSRD ar fud an Ghrúpa le linn 2025 nuair a rinneadh Measúnú Ábharthachta Dúbailte lena n-áirítear tionchair, rioscaí agus deiseanna a shainaithint.

## Cód Cleachtais

Is é beartas an Ghrúpa é cloí go hiomlán leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

## Cleachtais Íocaíochta

Aithníonn Grúpa CIÉ an fhreagracht atá air i dtaobh chomhlíonadh fhorálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Déanach in Idirbhearta Tráchtála), 2012 a chinntiú i ngach ghné ábhartha. Bhí sé ina bheartas ar fud Ghrúpa CIÉ in 2025 cloí le ceanglais na Rialachán sin.

## Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair i bhfeidhm ag Grúpa CIÉ lena áirithiú go gcomhlíonfar Treoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Soláthar Poiblí agus Fóntais, mar aon le beartais an Bhoird agus an Rialtais, lena n-áirítear an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta maidir le Soláthar Poiblí Glas agus an Cód Caiteachais Phoiblí.

## Comhairleoireacht agus Costais Dlí

Íocann Grúpa CIÉ as seirbhísí comhairleoireachta chun cabhrú le cinnteoireacht éifeachtach san eagraíocht i réimsí casta, sa chás nach furasta na scileanna cuí a aimsiú san eagraíocht féin.

Léirítear i bhFíor 5 achoimre ar na réimsí caiteachais ar an gcomhairleoireacht a thabhaigh Grúpa CIÉ in 2025.

Thabhaigh Grúpa CIÉ costais socraíochta €2.6m agus costais ghaolmhara dlí €2.1m in 2025, i ndáil le 55 cás a chosain breis is €50k.

| **Fíor 5: Costais Chomhairleoireachta** | **€'000** |
|---|---|
| Bonneagar (Infheistíocht Chaipitiúil san áireamh) | 51,093 |
| Pinsin agus Acmhainní Daonna | 711 |
| Gnéithe Oibriúcháin agus Eile | 4,782 |
| Straitéis agus Dearadh na hEagraíochta | 1,261 |
| Comhairle faoi Chúrsaí Cánach agus Airgeadais | 1,321 |
| Dlí | 761 |
| Caidreamh Poiblí/Margaíocht | — |
| **Ollchostais Chomhairleoireachta** | **59,929** |
| Costais Chaipitlithe | (50,819) |
| **Glanchostais Chomhairleoireachta** | **9,111** |

## Cúrsaí Fostaíochta sa Ghrúpa

Bhí 13,096 duine ar an meán fostaithe ag an nGrúpa in 2025, sin 670 duine sa bhreis ar líon na bliana 2024.




## Rannpháirtíocht na mBall Foirne

Is é dúthracht ár bhfostaithe bunús gréasáin iompair phoiblí atá sábháilte, iontaofa agus éifeachtúil. Is léiriú cumhachtach ar obair chrua agus ar rannpháirtíocht dhearfach ár bhfoirne an líon paisinéirí a iompraímid anois. Trí thús áite a thabhairt do chomhoibriú trasfheidhmeach agus d'obair foirne, tá tiomantas daingean ag ár mbaill foirne do sheirbhísí iompair den scoth a chur ar fáil, agus iad dírithe ar an gcustaiméir.

## Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá Grúpa CIÉ meáite ar chultúr ionchuimsitheach a chothú ina mbíonn aird ar dhínit gach fostaí agus gach custaiméara, agus ina gcuirtear an éagsúlacht chun cinn. Táimid dírithe ar ionad oibre a bheith againn ina mbaineann na fostaithe go léir barr a gcumais amach, trí luach a leagan ar an-chuid scileanna, cúlraí agus dearcthaí éagsúla.

Déanann ár gCuideachtaí Oibriúcháin go léir nochtadh ar an mbearna phá idir na hinscní agus is i bhfabhar na mban atá an chothromaíocht faoi láthair, rud a léiríonn go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag an nGrúpa. Mar sin féin, aithnímid go bhfuil easpa ban fós i réimsí teicniúla agus oibríochtúla sonracha. Chun aghaidh a thabhairt air sin, sheolamar tionscnamh ar fud an Ghrúpa chun tuilleadh ban a earcú chuig róil ar nós poist innealtóireachta, tiománaithe traenach agus tiománaithe bus, agus muid ag tacú an tráth céanna lena gconairí isteach chuig poist ardcheannaireachta i ngach cuideachta de chuid Ghrúpa CIÉ.






# Inbhuanaitheacht

## Is é an misean

**atá againn rogha córa iompair ísealcharbóin a chur ar fáil, lena ndéanfar pobail a nascadh, inrochtaineacht a uasmhéadú agus an bhithéagsúlacht a chosaint, agus lena dtacófar leis an bhfás dlúth.**

## Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ – Forléargas




### BONN TACA ÁR STRAITÉISE

**Ciste Inbhuanaitheachta CIÉ**
Maoiniú leithdháilte do thionscnaimh inbhuanaitheachta, agus buiséad €12 milliún faofa idir 2022-2025 chun 84 tionscadal a mhaoiniú.

**Rialachas ar Ghrúpa CIÉ**
Rialachas láidir inbhuanaitheachta chun ár rioscaí, ár dtionchair agus ár ndeiseanna a bhainistiú go héifeachtach.

## An tAistriú Aeráide

Tá sé i gceist ag Grúpa CIÉ astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus coinneáil air ag cur leis na seirbhísí iompair phoiblí an tráth céanna chun tacú le dícharbónú, le haistriú córa iompair agus le cuspóirí aeráide náisiúnta. Tá an Grúpa ag díriú ar laghdú 51% a bhaint amach i dtaobh astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 faoi 2030 (ó bhonnlíne 2018), i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide atá ag an tír, agus dul i dtreo neodracht astaíochtaí san fhadtréimhse.

Tá sé i gceist an méid sin a dhéanamh tríd an bhflít feithiclí a leictriú de réir a chéile, bearta fuinnimh in-athnuaite agus bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm ar fud na sócmhainní, agus comhtháthú straitéiseach a dhéanamh ar bhithbhreoslaí agus breoslaí malartacha ar fud an fhlít busanna agus feithiclí iarnróid.

Aithnímid scála agus castacht an aistrithe sin agus táimid ag cur lenár gcumas anailíse agus rialachais trí shamhaltú a dhéanamh ar úsáid fuinnimh, ar astaíochtaí agus ar chostas an aistrithe, agus trí anailís a dhéanamh ar chásanna aeráide chun tacú le pleanáil straitéiseach agus bainistíocht riosca atá bunaithe ar fhianaise.

## Dul chun cinn i rith 2025

Leanadh ar aghaidh in 2025 le tionscnaimh thábhachtacha inbhuanaitheachta, lena n-áirítear leictriú an fhlít busanna, leictriú an fhlít gluaisteán agus veaineanna tacaíochta, bearta éifeachtúlachta fuinnimh a chur i bhfeidhm, leathnú a dhéanamh ar an gclár bithéagsúlachta agus ar an gclár um thionscnaimh chiorclacha, cur i bhfeidhm tionscnamh sláinte agus folláine, agus neartú a dhéanamh ar an rialachas chun ullmhú i gcomhair chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) agus muid féin a ailíniú le Tacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh.

Ag an am céanna, rinne an Grúpa dul chun cinn maidir le samhaltú a dhéanamh ar fhuinneamh, ar astaíochtaí agus ar chostas aistrithe chun tacú leis an teagmháil idir muid féin agus ár bpríomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear an Roinn Iompair, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, agus Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, agus rinneamar maoirseacht ar thionscadail a chuirtear i bhfeidhm trí Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ agus faireachán ar fheidhmíocht i gcoinne spriocanna i ndáil leis an Iasacht atá Nasctha le hInbhuanaitheacht.

Tá Inbhuanaitheacht an Ghrúpa dírithe ar phríomhghealltanais agus spriocanna inbhuanaitheachta a bhaint amach. Bíonn na foirne ar fud an Ghrúpa ag comhoibriú le chéile i réimsí tábhachtacha chun obair ar mhórscála agus infheistíocht a chur chun cinn. Rinneadh dul chun cinn maidir le spriocanna straitéiseacha trí fhoirne trasfheidhmeacha a dhírigh ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar thomhaltas agus ar tháirgeadh freagrach, ar shláinte agus ar fholláine, agus ar rialachas a fheabhsú maidir le CSRD agus tuairisciú straitéiseach.

# Éachtaí a baineadh amach in 2025 faoi Straitéis Inbhuanaitheachta Ghrúpa CIÉ

**Chlúdaigh na busanna breis is 7.8 milliún ciliméadar saor ó astaíochtaí**

**Tá an Measúnú Ábharthachta Dúbailte i leith CSRD curtha i gcrích**

**Seoladh suíomh gréasáin Chartlann Ghrúpa CIÉ**

**Rinneadh seiceálacha sláinte ar níos mó na 1,000 fostaí ar fud an Ghrúpa**

**Cuireadh plandaí a mheallann pailneoirí ag ceithre stáisiún traenach eile**

**Cuireadh oiliúint inbhuanaitheachta ar 25 fostaí agus 42 feidhmeannach ar fud an Ghrúpa**

**Bhí méadú 1.6% ar an méid ciliméadar a chlúdaigh feithiclí ónár bhflít féin ar fud na seirbhísí go léir sa tréimhse 2024-2025**

**Bhuaigh Bus Éireann Gradam Fuinnimh SEAI 2025 don Iompar**

**Tháinig méadú 4.8% ar líon na n-aistear paisinéara ar fud na seirbhísí ó 2024-2025**

**Tá Ola Phlandúil Hidreachóireáilte (HVO) á húsáid ag ceithre chomhlacht cóistí a bhíonn ag obair le CIÉ Tours ar chúig thuras sceidealaithe**

**Tá stáisiúin athlíonta uisce suiteáilte ag cúig shuíomh breise de chuid Iarnród Éireann**

**Bailíodh 200,000 síol faoi Chlár Iarnród Éireann um Bailiú Síolta Crann Dúchasach**

**Bhain CIÉ Tours Deimhniú Óir amach ón Líonra Turasóireachta Inbhuanaithe**

**Fuarthas scór B maidir le nochtuithe athraithe aeráide agus bainistíochta uisce faoin Tionscadal um Nochtadh Carbóin**

**Suiteáladh Bithdhíleáiteoirí in dhá cheaintín de chuid Bhus Átha Cliath chun próiseáil a dhéanamh ar dhramhbhia a ghintear ar an láthair**

**Baineadh amach laghdú 13% ar úsáid uisce ar fud an Ghrúpa i gcomparáid le 2024**

**Ordaíodh 100 carráiste DART nua faoi chlár DART+ na Roinne Iompair (rud a fhágann go bhfuil 285 carráiste DART nua ordaithe anois)**

**Ba mhná iad sciar 10% d'fhostaithe Bhus Átha Cliath den chéad uair i stair na Cuideachta**

**Suiteáladh grianphainéil 63 kWp ag dhá shuíomh de chuid Bhus Éireann**



## Inbhuanaitheacht ó thaobh Airgeadais de

Lean Ciste Inbhuanaitheachta CIÉ den tacaíocht don inbhuanaitheacht ar fud an Ghrúpa, agus leithdháileadh €12m idir 2022-2025 ar 84 tionscadal. Leis na hinfheistíochtaí sin, beidh ar chumas CIÉ agus na gCuideachtaí Oibriúcháin ár ngealltanais i dtaobh na hinbhuanaitheachta a chomhlíonadh ar fud an Ghrúpa.

In 2024, thoiligh Grúpa CIÉ le creat Iasachta atá Nasctha le hInbhuanaitheacht, agus in 2025 rinneadh faireachán ar an dul chun cinn i gcoinne na gceithre mhéadracht a comhaontaíodh i dtaca le hastaíochtaí carbóin, giniúint fuinnimh in-athnuaite, folláine fostaithe, agus úsáid chiorclach.

## Nochtadh maidir le Feidhmíocht

Tuairiscíonn Grúpa CIÉ faoi láthair faoi chreataí tuairiscithe deonacha agus cinn sainordaitheacha éagsúla:

- Scór B a fuair Grúpa CIÉ in 2025 faoin Tionscadal Nochta Carbóin i ndáil le nochtuithe maidir le hathrú aeráide agus bainistíocht uisce araon.
- Ina theannta sin, tá Grúpa CIÉ páirteach i gComhaontú Domhanda na Náisiún Aontaithe, agus é ina aidhm aige beartais agus nósanna imeachta a ailíniú leis an dea-chleachtas maidir le cearta an duine, cearta saothair, bearta frith-éillithe agus freagracht comhshaoil a chur chun cinn ar fud ár n-oibríochtaí.
- Thuairiscigh Grúpa CIÉ faoin gCreat Gníomhaíochta Aeráide de chuid an Údaráis um Gheilleagar agus Téarnamh Nua (NewERA).
- Ina theannta sin, d'ullmhaigh Grúpa CIÉ le haghaidh tuairisciú faoin Treoir maidir le Tuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáideach (CSRD) agus faoi ailíniú le Tacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh sula dtiocfaidh tuairisciú éigeantach i bhfeidhm in 2028. In 2025, chuir foireann tionscadail trasfheidhmeach de chuid Ghrúpa CIÉ comhlíonadh CSRD chun cinn tríd an measúnú ábharthachta dúbailte a dhéanamh, rialachas ar thuairisciú faoi CSRD amach anseo a bhunú, agus measúnuithe ar incháilitheacht agus ailíniú le Tacsanomaíocht an Aontais Eorpaigh a thabhairt chun críche i leith 2024.

Le comhlíonadh na gcaighdeán sin, cuirfear feabhas ar thrédhearcacht, ar chaighdeánú agus ar an measúnú ar thionchair, rioscaí agus deiseanna ábhartha a bhaineann le Gnéithe Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais.

### Buaicphointí i dtaobh Príomhtháscairí Feidhmíochta Neamhairgeadais

## Modheolaíocht

Ach iad a bheith ar fáil, bainimid úsáid as foinsí seachtracha ginearálta aitheanta, iontaofa amhail Córas Faireacháin agus Tuairiscithe SEAI agus fachtóirí tiontaithe Roinn Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe na Ríochta Aontaithe (DEFRA) chun breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh atá réasúnach agus cóir. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú go rialta ar bhreithiúnais, meastacháin agus toimhdí. An tráth céanna, aithnímid go bhfuil baol éiginnteachta i dtaobh torthaí de ag baint le húsáid a bhaint as faisnéis tríú páirtí agus na teicnící thuasluaite. D'fhéadfadh sé nach mbeadh na sonraí i dtaobh fuinnimh agus astaíochtaí a úsáidtear ag teacht le sonraí foilsithe SEAI mar gheall ar dhifríocht uainithe i ndáil le fachtóirí tiontaithe a bheith ar fáil.


Féach Aguisín A le haghaidh na bhfachtóirí tiontaithe a úsáideadh sa tuarascáil seo.

## Astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 Ghrúpa CIÉ:

Tá sé ina aidhm ag Grúpa CIÉ na spriocanna aeráide a leagtar amach sa Phlean Gníomhaithe ar Son na hAeráide a bhaint amach agus tacú le cur i bhfeidhm an Bheartais Soghluaisteachta Inbhuanaithe trí chur le líon na n-aistear ar sheirbhísí iompair phoiblí agus trí aistriú córa iompair a chur faoi deara.

Tháinig méadú 2.9% ar astaíochtaí foriomlána Scóip 1 agus Scóip 2 ó 2024-2025. Tharla sé sin mar gheall ar mhéadú 1.6% ar an méid ciliméadar a chlúdaigh feithiclí ár bhflíteanna féin ar fud an Ghrúpa ar fad, agus méadú 4.8% ar líon na n-aistear paisinéara sa tréimhse chéanna. Toisc gur leathnaíodh na seirbhísí, agus gur faoi thiomáint díosail a bhí sciar níos mó den taisteal, tháinig méadú ar astaíochtaí Scóip 1 idir 2024 agus 2025 agus i gcomparáid le bonnlíne na bliana 2018 freisin. Tháinig laghdú ar astaíochtaí Scóip 2 an Ghrúpa idir 2024 agus 2025 agus tá siad níos ísle freisin i gcomparáid le bonnlíne na bliana 2018, mar gheall ar an laghdú leanúnach ar dhéine charbóin ón ngreille, in ainneoin níos mó leictreachais a bheith á úsáid ar fud an Ghrúpa.

## Fíor 6: Astaíochtaí Foriomlána Scóip 1 agus Scóip 2 Ghrúpa CIÉ





***Fíor 6:*** *Astaíochtaí carnacha Scóip 1 agus Scóip 2 Ghrúpa CIÉ. Gintear astaíochtaí Scóip 1 (astaíochtaí díreacha) trí bhreosla a dhó agus f-gháis a úsáid. Gintear astaíochtaí Scóip 2 (astaíochtaí indíreacha) trí leictreachas a ídiú. Léirítear leis na hastaíochtaí Scóip 2 san fhíor seo ídiú leictreachais i láithreacha de chuid Ghrúpa CIÉ.*

Léiríonn an méadú seo ar astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 an dúshlán lárnach atá le sárú ag an nGrúpa: leathnú a dhéanamh ar na seirbhísí iompair phoiblí chun freastal ar an éileamh atá orthu agus aistriú córa iompair a bhaint amach, agus a bheith ag obair an tráth céanna chun astaíochtaí a laghdú. Baineadh amach laghdú 2.66% ar astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 idir 2018 agus 2025, i bhfad faoi bhun an laghdaithe 29.75% a rabhthas ag súil leis dá mbeadh astaíochtaí ag laghdú ar ráta seasta i dtreo sprioc 2030. Bunaithe ar an maoiniú atá ar fáil, tá an Grúpa fós ag infheistiú san aistriú chuig flít feithiclí atá saor ó astaíochtaí agus i mbearta éifeachtúlachta fuinnimh, agus tá sé ag scrúdú na húsáide a d'fhéadfaí a bhaint as breoslaí malartacha amhail hidrigin ghlas agus breoslaí in-athnuaite.


Idir 2024 agus 2025, mhéadaigh déine na n-astaíochtaí beagán mar gheall ar mhéadú ar sheirbhísí agus méadú ar astaíochtaí. Tá an déine astaíochtaí fós réasúnta seasmhach ó bhí 2023 ann in ainneoin méadú foriomlán ar astaíochtaí agus tháinig feabhas ar chúrsaí ó 2019 ar aghaidh. Sa ghearrthréimhse, beidh suas síos fós i gceist leis na hastaíochtaí de réir mar a leathnófar na seirbhísí chun tacú le haistriú córa iompair. Meastar, áfach, go mbeidh sé ina thoradh ar infheistíochtaí i gcarráistí traenach leictreacha nua DART+ agus ar leictriú fhlít Bhus Átha Cliath agus Bus Éireann go laghdófar astaíochtaí agus go bhfeabhsófar an éifeachtúlacht san fhadtréimhse.

## Fíor 7: Dul Chun Cinn Ghrúpa CIÉ i gcoinne spriocanna Laghdaithe Carbóin




***Fíor 7:*** *An treocht maidir le hastaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 Ghrúpa CIÉ breactha in aghaidh na treochta astaíochtaí de réir na sprice maidir le laghdú astaíochtaí 51% a bhaint amach faoi 2030 (ag ráta seasta). Tá an laghdú astaíochtaí a léirítear sa ghraf maidir le 'sprioc' agus 'iarbhír' á ríomh i leith na bliana bonnlíne 2018.*

## Fíor 8: Déine Astaíochtaí Ghrúpa CIÉ




***Fíor 8:*** *Léirítear anseo an líon iomlán ciliméadar a clúdaíodh i gcoinne déine carbóin an fhlít (kg $CO_2e$/km). Ríomhtar déine carbóin an fhlít trí na hastaíochtaí iomlána Scóip 1 agus Scóip 2 a roinnt ar an líon ciliméadar a thaistealaíonn feithiclí de chuid Bhus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann.*

## Iarnród Éireann

### Aistriú chuig Flít Feithiclí Íseal-Astaíochtaí

Tá Iarnród Éireann ag obair chun aistriú chuig flít feithiclí iarnróid íseal-astaíochtaí, agus é ag díriú ar a bhonneagar agus a fhlít a nuachóiriú chun astaíochtaí carbóin a laghdú. Mar chuid den iarracht leanúnach sin, tá Iarnród Éireann ag cur an chláir DART+ i bhfeidhm le maoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair. Faoin gclár sin, déanfar leictriú agus leathnú ar an gcóras DART, agus é ina aidhm an rian leictrithe a mhéadú faoina trí agus a dhá oiread paisinéirí a iompar, rud a chuirfidh le héifeachtúlacht ghréasán iarnróid Bhaile Átha Cliath do phaisinéirí.

In 2025, mhaoinigh an Roinn Iompair tríú hordú le haghaidh 100 carráiste DART nua breise. Cuireadh dhá ordú isteach roimhe seo le haghaidh 185 carráiste, agus, le chéile, tógfaidh na traenacha sin ionad an fhlít bhunaidh atá i seirbhís ó cuireadh tús leis an DART in 1984. Fágfaidh na carráistí nua sin go mbeidh acmhainn bhreise ag gréasán iarnróid Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath mar chuid den Chlár DART+, chun freastal ar an éileamh mór ó phaisinéirí. Méadófar acmhainn agus inbhuanaitheacht na seirbhísí iarnróid de bharr na traenacha nua a bheith ann agus bainfidh na paisinéirí tairbhe astu: beidh feabhas ar chúrsaí inrochtaineachta, is mó an méid rothar a fhéadfar a stóráil, beifear in ann gléasanna a luchtú agus cuirfear feabhas ar leibhéil slándála le ceamaraí CCTV.

Ag deireadh 2025, chuir Iarnród Éireann, ina cháil mar Údarás Calafoirt Euraphort Ros Láir, iarratas pleanála isteach le haghaidh Mol Fuinnimh In-athnuaite Amach ón gCósta i Ros Láir, saoráid mhór nua chun tacú leis an tionscal gaoithe amach ón gcósta atá ag teacht chun cinn in Éirinn. Leis an tionscadal sin, beidh Calafort Ros Láir ina phríomh-bhunáit in Éirinn le haghaidh feirmeacha gaoithe amach ón gcósta i Muir Éireann agus sa Mhuir Cheilteach a thógáil, a oibriú agus a chothabháil.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh

Cuireadh tús le tionscadal chun measúnuithe Rátála Fuinnimh Foirgneamh (BER) a dhéanamh ar fud stáisiúin Iarnród Éireann ag deireadh 2025. Faoin tionscadal sin, déanfar measúnuithe BER ar fhoirgnimh, leagfar síos bonnlíne phunainne chun feabhsuithe a threorú agus bunófar tacar sonraí Deimhniúcháin Fuinnimh i leith gach stáisiúin.

### Seasmhacht i leith na hAeráide

Bunaíodh Tionscadal Cosanta Bonneagair Iarnróid Chósta Thoir Iarnród Éireann (ECRIPP) in 2021 chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le creimeadh cósta, fadhb atá imithe in olcas de bharr an athraithe aeráide agus thionchar na stoirmeacha. Táthar ag obair ar Chéim 3 den dearadh tosaigh faoi láthair, agus rinneadh comhairliúchán poiblí mar chuid den chéim sin (Comhairliúchán Poiblí 2), a úsáidfear mar ionchur chun scéim a roghnú. Rinneadh roinnt suirbhéanna freisin chun bonn eolais a chur faoi na scéimeanna.

### An Geilleagar Ciorclach agus Bainistíocht Acmhainní

Le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, chuir Iarnród Éireann tús le tionscadal in 2024 chun feabhas a chur ar dheighilt dramhaíola ar fud an ghréasáin iarnróid. Bhí an tionscadal sin fós ar siúl in 2025. In 2025, suiteáladh bonneagar deighilte dramhaíola nó rapair boscaí bruscair ag 23 stáisiún, anuas ar na stáisiúin (11 stáisiún díobh) a ndearnadh uasghrádú orthu in 2024. Tá pleananna ann deighilt dramhaíola a chur i bhfeidhm ag 12 stáisiún eile in 2026.

Bhain Iarnród Éireann laghdú 14% amach i dtaobh úsáid uisce in 2025, rud a fhágann go bhfuil dul chun cinn ollmhór déanta i dtreo an chuspóra laghdú 20% a bhaint amach faoi 2030. Chuige sin, rinneadh faireachán ar úsáid uisce trí thaifid bhilleála, rinneadh oibreacha uasghrádaithe ar na píopaí uisce agus rinneadh iad a dheisiú má bhí uisce á ligean.

## An Bhithéagsúlacht

Thosaigh Iarnród Éireann ag tabhairt cúnamh airgid do phlandlanna in Éirinn in 2024 chun síolta na gcrann dúchasach a bhailiú, a phróiseáil agus a fhás faoin gClár chun Síolta Crann Dúchasach a Bhailiú. Leanadh ar aghaidh leis an tionscadal sin in 2025. In 2025, bailíodh 200,000 síol faoin tionscadal sin. Is é is aidhm don tionscnamh, a dtacaítear leis faoi Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, gnáthóga bithéagsúla a bhunú, tacú le gnólachtaí Éireannacha agus an geilleagar ciorclach a chur chun cinn.

In 2025, thug Iarnród Éireann i gcrích treoirthionscadal chun an bhithéagsúlacht a mhapáil, a thomhas agus a scóráil ag láithreán tástála. Le tacaíocht ón gCiste Inbhuanaitheachta, rinneadh mapáil ar ghnáthóga in aicmithe talún éagsúla agus roinneadh an dáileacht talún ina bearta ábhartha ag an láithreán tástála. Ansin, d'fhorbair an fhoireann córas chun scór a lua le gnáthóg trí fhéachaint ar na speicis a bhí inti, ar a hachar, a cruth, a nascacht agus a croílimistéar, agus scóráil siad na gnáthóga éagsúla ag an láthair thástála. Ag leanúint ar aghaidh ón tionscadal píolótach sin, tá sé i gceist ag an bhfoireann an rud céanna a chur i bhfeidhm de réir a chéile ag gach dáileacht talún atá ag Iarnród Éireann ar fud na tíre.

I rith 2025, chuir Iarnród Éireann feabhsuithe bithéagsúlachta i bhfeidhm ag ceithre stáisiún agus dhá iosta cothabhála traenach, rud a chur feabhas ar ghnáthóga sna ceantair sin agus ar an ríocht phoiblí sna láithreacha sin. Bhí grúpaí áitiúla de lucht na mbailte slachtmhara páirteach san obair sin ag stáisiúin áirithe. Tá sé beartaithe tuilleadh gairdíní bithéagsúlachta a bhunú ag suíomhanna de chuid Iarnród Éireann in 2026.

## Rannpháirtíocht sa Phobal agus Cúrsaí Oidhreachta

Chríochnaigh Iarnród Éireann tionscadal ealaíne pobail nua in Courtney Place, Baile Átha Cliath, a cruthaíodh i gcomhar le healaíontóirí agus le 17 bpáiste ón gceantar sin. Is trí shraith ceardlann chruthaitheach a forbraíodh an tionscadal, faoina ndéantar samhlú as an nua ar na háirsí faoin líne iarnróid mar ghairdín amhairc le spreagadh ó dhathanna, cruthanna agus gluaiseacht an dúlra. Tá an tionscnamh ina chuid den obair a dhéanann Iarnród Éireann chun athbheochan a dhéanamh ar spásanna poiblí feadh an ghréasáin iarnróid, agus é ag tacú le tionscadail a chuireann rannpháirtíocht leis an bpobal, bithéagsúlacht uirbeach agus folláine chun cinn trí mheán na healaíne.

## Sláinte agus Folláine

In 2025, rinneadh scagthástálacha sláinte ar 656 ball foirne in 22 shuíomh. Cuireadh clár folláine airgeadais d'fhostaithe ar fáil agus d'fhreastail níos mó ná 500 fostaí ar cheardlanna ar fud na tíre agus ar líne. Ina theannta sin, reáchtáladh 16 cheardlann d'oibrithe oíche agus do shealoibrithe, agus d'fhreastail breis agus 230 duine orthu.



# Príomhtháscairí Feidhmíochta Iarnród Éireann:

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | **55.04** | 50.70 | 46.10 | 35.80 |
| Ciliméadair a thaistil na traenacha (milliúin) | **19.67** | 19.41 | 18.76 | 18.24 |
| Ciliméadair a thaistil na traenacha díosail (milliúin) | **17.26** | 16.89 | 16.32 | 15.87 |
| Ciliméadair a thaistil na traenacha leictreacha (milliúin) | **2.41** | 2.52 | 2.44 | 2.37 |
| Déine astaíochtaí (kg$CO_2$e/km traenach) | **7.9** | 7.6 | 7.5 | 8.2 |

## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Stáisiúin inrochtana (%) | **81%** | 79% | 79% | 79% |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhFostaithe | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | **5,098** | 4,814 | 4,559 | 4,339 |
| **Comhionannas Inscne** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **13%** | 12% | 12% | 11% |
| Mná ar an bhFoireann Feidhmiúcháin (%) | **8%** | 8% | – | – |
| Comhaltaí Boird ar Mná iad (%) | **44%** | 50% | 50% | 44% |

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT) (tonnaí $CO_2$e) | 2025 | 2024 | 2023 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | **140,073** | 130,566 | 124,284 | 125,764 |
| Scóip 2 | **14,565** | 17,559 | 16,473 | 24,238 |
| **Úsáid Fuinnimh (MWh)** | **2025** | **2024** | **2023** | **2018** |
| Ídiú fuinnimh iomlán | **620,867** | 584,354 | 549,352 | 541,206 |
| Díosal marcáilte i gcomhair iompar ar iarnród | **506,921** | 468,801 | 444,860 | 453,277 |
| Bithdhíosal FAME | **5,085** | 27,468 | 19,727 | – |
| HVO | **17,527** | – | – | – |
| Úsáid díosail i bhfeithiclí bóthair | **13,944** | 12,897 | 14,864 | 14,762 |
| Úsáid peitril i bhfeithiclí bóthair | **2,261** | 2,028 | 1,637 | 382 |
| Gás nádúrtha | **10,740** | 10,823 | 8,678 | 8,542 |
| Leictreachas le haghaidh tarraingthe | **27,468** | 26,589 | 26,103 | 26,222 |
| Leictreachas le haghaidh sócmhainní seasta | **36,856** | 35,680 | 33,478 | 38,021 |
| Leictreachas don fhlít feithiclí bóthair | **50** | 54 | – | – |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte | **15** | 14 | 5 | – |
| **Sciartha an Fhlít Seirbhíse** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Ciliméadair a thaistil traenacha díosail (% den iomlán) | **88%** | 87% | 87% | 87% |
| Ciliméadair a thaistil traenacha leictreach (% den iomlán) | **12%** | 13% | 13% | 13% |
| **Sciartha an Fhlít Tacaíochta Bóthair** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Gluaisteáin agus veaineanna an fhlít bóthair ina bhfuil inneall hibrideach* % | **2%** | 2% | – | – |
| Gluaisteáin agus veaineanna leictreacha an fhlít bóthair % | **6%** | 6% | – | – |
| Gluaisteáin agus veaineanna innill dócháin an fhlít bóthair – breosla iontaise % | **92%** | 92% | – | – |

Nótaí:

- I dtáblaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta, tá sonraí 2018 san áireamh i gcás fuinnimh agus faisnéis faoi astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 mar gheall gur 2018 an bhliain bhonnlíne. Taispeántar sonraí ó 2022-2025 i ngach catagóir eile.
- Tá miondealú % ar an bhFlít Tacaíochta Bóthair de réir cineál breosla curtha leis ó bhí 2025 ann.

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

### Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistiú Dramhaíola (tonaí) | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (comhlán) | **2,281** | 2,234 | 2,193 | 2,085 |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh chun bealaigh le haghaidh loiscthe/aisghabháil fuinnimh) | **979** | 1,017 | 1,059 | 1,027 |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh chun bealaigh le haghaidh athchúrsála) | **1,302** | 1,217 | 1,134 | 1,058 |
| Athchúrsáil (earraí measctha tirime in-athchúrsáilte) | **1,049** | 1,006 | 847 | 747 |
| Cairtchlár athchúrsáilte | **69** | 59 | 53 | 52 |
| Gloine athchúrsáilte | **8** | 3 | 2 | 4 |
| Miotal athchúrsáilte | **20** | 15 | 33 | 30 |
| Adhmad athchúrsáilte | **113** | 99 | 148 | 172 |
| Athchúrsáil dramhaíola WEEE | **10** | 6 | 13 | 7 |
| Ceallraí (teaghlach) | **1** | 4 | 3 | 9 |
| Múirín | **32** | 25 | 35 | 37 |
| Ráta athchúrsála (bardais) | **57%** | 54% | 52% | 51% |
| Dramhaíl thionsclaíoch: Miotail | **1,081** | 981 | 829 | 640 |
| Dramhaíl thionsclaíoch: Ceallraí | **19** | 0 | 0 | 0 |
| Dramhaíl ghuaiseach (dramhaíl olach, dramh-ola, dramh-fhuaraitheoir, péint, tuaslagóirí, etc.) | **1,221** | 1,410 | 911 | 728 |
| Dramh-ola a cuireadh chun bealaigh le haghaidh athchúrsála | **153** | 105 | 142 | 128 |
| Méid iomlán ballasta/ithreach a diúscraíodh | **23,110** | 38,358 | 31,724 | 26,484 |
| Athchúrsáil dramhaíola (athúsáid) | **1** | 2 | 2 | 0 |
| **Bainistíocht Uisce** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha) | **211,214** | 246,171 | 288,721 | 367,543 |

Nótaí:

► Athluaitear figiúirí dramhaíola i leith blianta roimhe seo mar gheall ar nuashonrú ar an modheolaíocht ríofa agus ar an gcaoi a ndéantar an dramhaíl a aicmiú.

## Bus Éireann

### Aistriú chuig Flít Feithiclí Íseal-Astaíochtaí

Tá an-dul chun cinn á dhéanamh ag Bus Éireann maidir le leictriú an fhlít busanna, ag tosú leis an gcéad seirbhís baile lánleictreach in Éirinn a seoladh i mBaile Átha Luain in 2023. Faoi 2025, bhí 61 bus leictreach dhá stór ar an mbóthar i Luimneach san iomlán. I rith 2025, lean Bus Éireann ar aghaidh leis an bpleanáil i gcomhair tionscadail feithiclí leictreacha i Sligeach agus i nGaillimh. Is é an chéad chéim de sin ná 35 stáisiún luchtaithe a shuiteáil in iosta Bhus Éireann ag na Dugaí i nGaillimh.

Tá Bus Éireann ag breathnú ar theicneolaíocht hidrigine mar fhoinse breosla eile i gcás na gcóistí, anuas ar na feithiclí ceallra-leictreacha. In 2025, lean Bus Éireann ar aghaidh ag rith trí bhus hidrigine feadh Chonair Chomaitéireachta Thuaisceart Bhaile Átha Cliath.

D'éirigh go maith le triail a rinneadh in 2024, agus leanadh ar aghaidh ag rith trí bhus scoile ar HVO in 2025, faoin gconradh leis an Roinn Oideachais. Leanadh ar aghaidh ag rith cóiste Expressway amháin ar HVO i rith na bliana freisin, agus seachnaíodh astaíochtaí ó bhreoslaí iontaise ar an gcaoi sin.

### Éifeachtúlacht Fuinnimh

Ó 2025 i leith, tá córais grianphainéal (PV) suiteáilte ag Bus Éireann ag 10 suíomh, rud a fhágann go bhfuil acmhainn iomlán 460kWP suiteáilte ar fad aige. In 2025, shábháil na grianphainéil sin tomhaltas leictreachais bliantúil 209.28 MWh air.

Bhuaigh Bus Éireann Gradam Fuinnimh SEAI 2025 don Iompar i leith an tionscadail i mBaile an Róistigh i Luimneach chun aistriú chuig feithiclí leictreacha. Ba é sin an ceathrú huair as a chéile a rug sé leis gradam SEAI. Tugadh aitheantas dó freisin mar thionscnóir an Tionscadail is Fearr um Aistriú chuig Flít Feithiclí Leictreacha ag Gradaim Feithiclí Leictreacha The Business Post. Is aitheantas iad na gradaim sin ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Bus Éireann chun an flít feithiclí a dhícharbónú agus seirbhís iompair inbhuanaithe a chur ar fáil.

### An Geilleagar Ciorclach

Tá sé ina aidhm ag Bus Éireann an clár iniúchta uisce atá aige a leathnú chuig go leor láithreacha eile, chun cur le hinfheictheacht agus cruinneas a chuid sonraí maidir le húsáid uisce. Tosaíodh á phleanáil sin in 2025, agus é i gceist an clár a chur i bhfeidhm ar fud 15 láthair in 2026. Is é an sprioc fhad-téarmach atá aige laghdú 40% a bhaint amach i dtaobh úsáid uisce faoi 2030.

Chun tacú le feabhsuithe ar cháilíocht an uisce a scaoiltear óna shaoráidí, bhunaigh Bus Éireann clár suirbhéanna draenála in 2025, chun mapáil a dhéanamh agus deiseanna a shainaithint i dtaobh cáilíocht an fhuíolluisce a fheabhsú. Le tacaíocht ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, tá sé beartaithe obair a dhéanamh ag suíomhanna breise in 2026.

Tá Bus Éireann ag obair le We Make Good, fiontar sóisialta a bhaineann athearraíocht as éadaí, mar chuid dá thionscnamh inbhuanaitheachta i leith an éide. Tríd an mbabhta comhair sin, déanfar ábhair ó sheanéide Bhus Éireann a athchúrsáil ina n-earraí nua do na baill foirne, rud a thacóidh le hinbhuanaitheacht comhshaoil agus tionchar sóisialta araon.

### Rannpháirtíocht sa Phobal agus Cúrsaí Oidhreachta

In 2025, lean an tseirbhís Tacaíochta Taistil Neamhspleách) ag fás i dtaobh raon feidhme agus tionchair araon, agus sheol Bus Éireann agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair seirbhísí Tacaíochta Taistil go hoifigiúil i Luimneach agus i bPort Láirge agus chuir siad tús le hoibríochtaí i nGaillimh, i nDroichead Átha agus i nDún Dealgan. Cuidíonn an tseirbhís sin le paisinéirí os cionn 18 mbliana d'aois a bhfuil riachtanais bhreise acu, agus cuirtear oiliúint duine le duine orthu ionas go mbeidh na scileanna agus an mhuinín a bheith acu chun taisteal leo féin ar an gcóras iompair phoiblí. Go dtí seo, tá breis agus 3,800 babhta cúnamh curtha ar fáil ag an bhfoireann tacaíochta, le cabhair ó bhaill foirne túslíne.

Tá Tionscadal Stairsheanchais á fhorbairt ag Bus Éireann chun doiciméadú a dhéanamh ar chuimhní cinn na ndaoine ar cuimhin leo a bheith ag taisteal ar bhus ar fud na hÉireann le céad bliain anuas, agus na cuimhní sin a chaomhnú agus a roinnt. Le 'Bus Éireann, Wheeling

Through the Years', díreofar aird ar an ról tábhachtach atá ag an mbus i sochaí na hÉireann, agus cuirfear béim ar a ról mar chóir iompair inbhuanaithe don am atá le teacht. Cuirfear na taifeadtaí i gcartlann a d'fhéadfaí ceann buan a dhéanamh di i gcomhair oideachais agus taighde.

## Sláinte agus Folláine

In 2025, dhírigh Feidhm Sláinte agus Folláine Bhus Éireann ar thionscnaimh éagsúla a chur i bhfeidhm do na fostaithe, a bhí bunaithe ar cheithre phríomhcholún: folláine colainne, meabhairfholláine, folláine airgeadais agus folláine shóisialta, amhail oiliúint a chur ar 30 duine chun garchabhair i ndáil le meabhairshláinte a chur ar fáil agus teagascóir meabhairshláinte a cheapadh, anuas ar an 100 duine a bhfuil oiliúint orthu cheana sa réimse sin. Rinneadh babhtaí comhairliúcháin maidir le cothú ar fud na tíre agus ghlac 70 fostaí páirt iontu, cuireadh ocht seimineár gréasáin maidir le folláine airgeadais ar bun do na fostaithe agus bhí 100 fostaí i láthair ag clár folláine a bhí dírithe go sonrach ar shealoibrithe.

## Éagsúlacht agus Comhdheiseanna

Tá Bus Éireann ag díriú ar sciar na mban i measc na dtiománaithe agus na maoirseoirí a mhéadú 10% ar a laghad faoi 2030. Le bliain anuas, cuireadh bearta spriocdhírithe i bhfeidhm chun cur le hionadaíocht na mban, lena n-áirítear gníomhaíocht earcaíochta spriocdhírithe chun níos mó mná a mhealladh le bheith ina dtiománaithe agus ina maoirseoirí, aird a dhíriú ar mhná i measc na dtiománaithe agus na gceannairí oibríochtúla ionas gur eiseamláirí iad, agus tionscnaimh atá dírithe ar chonairí gairme oibríochtúla a chur chun cinn do mhná san eagraíocht. Tá obair déanta freisin lena chinntiú go ndéanfar mná a spreagadh agus a choinneáil i bpoist oibríochtúla ar an túslíne de bharr na mbeartas, na dtacaíochtaí agus an chultúir eagraíochtúil san ionad oibre. Cé go dtógfaidh sé tamall dul chun cinn a dhéanamh, rud a mbeadh coinne leis i bhfianaise mhéid an lucht saothair agus treochtaí stairiúla, léiríonn na gníomhartha sin a mheáite atá Bus Éireann i dtaobh an chothromaíocht inscne a fheabhsú i measc na dtiománaithe agus na maoirseoirí.



# Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Éireann:

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | **116.6** | 111.6 | 107.0 | 90.0 |
| Ciliméadair a taistealaíodh (a fhlít feithiclí féin) | **82.6** | 81.4 | 78.5 | 76.2 |
| Ciliméadair a taistealaíodh faoi chumhacht díosail (a fhlít feithiclí féin) | **79.9** | 79.9 | 77.9 | 76.1 |
| Ciliméadair a taistealaíodh saor ó astaíochtaí* (a fhlít feithiclí féin) | **2.7** | 1.5 | 0.6 | 0.1 |
| Déine astaíochtaí (kg$CO_2$e/km bus) | **0.93** | 0.90 | 0.94 | 1.06 |
| Líon na mbusanna ar an mbóthar | **1,104** | 1,138 | 1,104 | 1,099 |

* *Áirítear feithiclí leictreacha agus cinn a ritear ar Hidrigin agus HVO.*

## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Busanna seirbhíse inrochtana (%) | **100%** | 100% | 100% | 100% |
| Stáisiúin bhus inrochtana (%) | **89%** | 84% | 84% | – |
| **Seirbhísí Iompair Scoile** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Líon na ndaltaí a iompraíodh faoin Scéim Iompair Scoile in aghaidh an lae scoile | **181,000** | 172,500 | 162,500 | 151,000 |
| Líon na ndaltaí a iompraíodh in aghaidh an lae scoile a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu | **24,450** | 21,950 | 19,900 | 17,500 |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhFostaithe | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | **3,249** | 3,078 | 2,932 | 2,827 |
| **Comhionannas Inscne** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **12%** | 11% | 11% | 10% |
| Mná ar an bhFoireann Feidhmiúcháin (%) | **33%** | 33% | – | – |
| Comhaltaí Boird ar Mná iad (%) | **57%** | 44% | 29% | 29% |

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT) (tonnaí $CO_2$e) | 2025 | 2024 | 2023 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | **74,991** | 71,767 | 72,501 | 78,924 |
| Scóip 2 | **1,946** | 1,867 | 1,316 | 1,975 |
| **Úsáid Fuinnimh (MWh)** | **2025** | **2024** | **2023** | **2018** |
| Ídiú fuinnimh iomlán | **302,179** | 297,891 | 292,962 | 301,444 |
| Díosal do na busanna (B0) | **–** | 55,934 | 74,246 | 241,276 |
| Meascán bithdhíosail | **235,600** | 185,529 | 163,569 | – |
| Díosal ó stáisiún peitril | **41,460** | 42,547 | 43,568 | 48,224 |
| HVO | **10,193** | 527 | – | – |
| Leictreachas le haghaidh sócmhainní seasta | **4,823** | 4,727 | 4,047 | 5,236 |
| Leictreachas don fhlít feithiclí | **3,720** | 1,847 | 616 | – |
| Gás nádúrtha | **4,705** | 5,148 | 5,496 | 6,189 |
| Breoslaí eile i gcomhair téimh | **1,393** | 1,502 | 1,258 | 519 |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte | **209** | 48 | 15 | – |
| Hidrigin | **76** | 82 | 147 | – |
| **Sciartha an Fhlít Busanna (Seachas na Busanna Scoile)** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%) | **68%** | 68% | 71% | 69% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V nó ceann níos sine (%) | **16%** | 16% | 20% | 23% |
| Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%) | **7%** | 7% | 7% | 8% |
| Busanna atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa (faoi thiomáint ag leictreachas nó hidrigin amháin) (%) | **9%** | 9% | 2% | 0% |

Nótaí:

- Athluaitear sciartha an fhlít seirbhíse i leith 2022-2024 mar gheall ar nuashonrú ar an modheolaíocht ríofa.
- I dtáblaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta, tá sonraí 2018 san áireamh i gcás fuinnimh agus faisnéise faoi astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 mar gheall gur 2018 an bhliain bhonnlíne. Taispeántar sonraí ó 2022-2025 i ngach catagóir eile.

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Sciartha an Fhlít Tacaíochta Bóthair | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Gluaisteáin/veaineanna an fhlít tacaíochta bóthair ina bhfuil inneall dócháin (peitreal agus díosal) | **61.6%** | – | – | – |
| Gluaisteáin/veaineanna an fhlít tacaíochta bóthair ina bhfuil hinneall hibrideach (peitreal agus díosal) | **0.6%** | – | – | – |
| Gluaisteáin/veaineanna ceallra-leictreacha an fhlít tacaíochta bóthair | **37.8%** | – | – | – |

### Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistiú Dramhaíola (tonaí) | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (comhlán) | **558** | 529 | 500 | 620 |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh chun bealaigh le haghaidh loiscthe/aisghabháil fuinnimh) | **407** | 414 | 383 | 503 |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh chun bealaigh le haghaidh athchúrsála) | **151** | 116 | 117 | 117 |
| Dramhaíl – athchúrsáil (athchúrsáil mheasctha agus plaisteach ina bhurlaí) | **68** | 77 | 92 | 82 |
| Athchúrsáil dramhaíola WEEE | **–** | – | – | 3 |
| Cairtchlár athchúrsáilte | **15** | 17 | 14 | 14 |
| Miotal athchúrsáilte | **58** | 13 | 3 | 11 |
| Gloine athchúrsáilte | **0.11** | – | – | – |
| Múirín | **10** | 9 | 8 | 7 |
| Ráta athchúrsála (bardais) | **27%** | 22% | 23% | 19% |
| Dramhaíl ghuaiseach (dramhaíl olach, dramh-ola, dramh-fhuaraitheoir, péint, tuaslagóirí, etc.) | **698** | 501 | 499 | 583 |
| Dramh-ola a cuireadh chun bealaigh le haghaidh athchúrsála | **105** | – | – | – |
| **Bainistíocht Uisce** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha) | **42,537** | 44,840 | 44,412 | 43,768 |

Nótaí:
- Athluaitear figiúirí dramhaíola i leith 2023 agus 2024 mar gheall ar nuashonrú ar an modheolaíocht ríofa.
- Ní chuimsítear le Miotal Athchúrsáilte ná leis an ráta athchúrsála busanna ag deireadh a ré/dramhfheithiclí; déantar é sin a thaifeadadh ar leithligh.
- Tá miondealú ar sciartha an Fhlít Tacaíochta Bóthair de réir cineál breosla curtha leis ó bhí 2025 ann.

## Bus Átha Cliath

### Aistriú chuig Flít Feithiclí Ísealcharbóin

Is é an flít an rud is tábhachtaí ar féidir le Bus Átha Cliath díriú air chun astaíochtaí a laghdú agus is air sin atá straitéis aistrithe aeráide na heagraíochta bunaithe. Le linn thréimhse tuairiscithe 2025, lean Bus Átha Cliath ar aghaidh de réir a chéile leis an aistriú ó fheithiclí díosail go feithiclí ceallra-leictreacha atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa, i gcomhréir leis an mbeartas náisiúnta, leis na ceanglais rialála agus leis an maoiniú atá ar fáil. Bhain Bus Átha Cliath amach garsprioc nuair ba fheithiclí leictreacha iad 11% dá fhlít iomlán busanna. Ag an am céanna, rinneadh scrúdú ar bhreoslaí malartacha eile agus tá HVO san áireamh anois sa mheascán breosla díosail agus áirítear é sna bearta foriomlána chun carbón a laghdú.

In 2025, d'oscail an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Átha Cliath stáisiún bus nua ar Bhóthar Bhaile Shéamais. Beidh ról lárnach ag an stáisiún bus sin chun fás a chothú agus feabhas a chur ar an iompar poiblí inbhuanaithe sa chathair. Flít 86 feithicil a bheidh ann ar dtús, agus beidh 93 tiománaí ar 35 bealach gach lá ar dtús, rud a chuideoidh le gréasán iompair níos glaine agus níos éifeachtaí a bhaint amach. Tá 178 bá páirceála bus ann, agus mar sin tá an stáisiún feistithe chun tacú le hoibríochtaí anois agus seirbhísí leathnaithe amach anseo.

### An Geilleagar Ciorclach

In 2025, rinne Bus Átha Cliath dul chun cinn maidir le cleachtais fheabhsaithe bainistíochta dramhaíola a chur i bhfeidhm ar fud a oibríochtaí. Le maoiniú ó Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ, cuireadh córas deighilte dramhaíola i bhfeidhm in dhá shuíomh in 2025 agus cuirfear i bhfeidhm i gceithre shuíomh eile é in 2026. Faoin gclár céanna sin, suiteáladh bithdhíleáiteoirí in dhá bhialann freisin, chun próiseáil a dhéanamh ar dhramhbhia a ghintear ar an láthair. Úsáidfear an t-ábhar cothaitheach a eascraíonn as sin chun cur le torthúlacht na hithreach sna gairdíní bithéagsúlachta agus folláine ar fud shuíomhanna Bhus Átha Cliath.

### An Bhithéagsúlacht

Bhí suas le 250,000 beach ag Bus Átha Cliath i mbuaicshéasúr an tsamhraidh in 2025 faoina thionscnamh 'Dublin Buzz', i gcúig choirceog ag dhá iosta. Fostaithe oilte a thugann aire do na coirceoga, ar bhonn deonach. Is beacha dubha dúchasacha Éireannacha a choinnítear, agus is speiceas é sin a dteastaíonn tacaíocht ó thaobh caomhnaithe uaidh. Coinnítear an mhil a thagann as na coirceoga le húsáid mar bheatha do na beacha i rith an gheimhridh, agus cuirtear cuid bheag di i bprócaí lena ndáileadh ar na fostaithe. Ach na dálaí a bheith go maith, gheofar an méid meala a líonfadh thart ar 1,000 próca.

### Rannpháirtíocht sa Phobal agus Cúrsaí Oidhreachta

Reáchtáladh sraith de Laethanta Gníomhaíochta an Gharda Síochána ar fud ghréasán Bhus Átha Cliath i rith 2025, mar chuid de chomhiarracht ó Bhus Átha Cliath, ón nGarda Síochána agus ón Roinn Iompair cur le sábháilteacht agus infheictheacht ar sheirbhísí iompair phoiblí. Tá an tionscnamh dírithe ar iompar frithshóisialta a dhíspreagadh, tacú le tiománaithe agus féachaint chuige gur fearr an t-aistear a bheidh ag daoine a úsáideann seirbhísí iompair phoiblí ar fud na cathrach agus ar fud Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath.

Mar chuid dá thacaíocht leanúnach don phobal LADTA+ agus dá fhostaithe, chuaigh Bus Átha Cliath i gcomhpháirtíocht le hIonad LADTA+ Outhouse don fheachtas 'Together we are Stronger' (Is láidre sinn le chéile) in 2025. Taispeánadh 100 fógra mór ar bhusanna de chuid Bhus Bhaile Átha Cliath inar léiríodh samplaí de na seirbhísí iomadúla a sholáthraíonn Ionad LADTA+ Outhouse don phobal LADTA+.

I mí Iúil 2025, rinne Bus Átha Cliath céad bliain den iompar poiblí de bhus a cheiliúradh le paráid oidhreachta ar Bhealach 43, mar a bhíodh. Díríodh aird ar theacht chun cinn an iompair phoiblí ó na busanna peitril 31 suíochán a bhíodh ar an mbóthar ar dtús go dtí na busanna lánleictreacha atá anois ann. Léiríodh freisin tábhacht an iompair phoiblí de bhus trína thaispeáint conas a d'athraigh Dublin United Tramways Company, a d'iompair 542,000 custaiméir sa bhliain 1925, ina Bhus Átha Cliath, a fhreastalaíonn ar an líon sin custaiméirí anois in aon lá amháin.

Chríochnaigh Bus Átha Cliath an obair dhigitithe ar sheanleabhar taifead ó thús na 1900idí, rud a chinntíonn go gcaomhnófar a bhfuil ann do na glúnta atá le teacht. Ní hamháin go gcoinneofar slán an t-ábhar bunaidh ar an gcaoi sin, ach cuirfear an fhaisnéis ar fáil don phobal trí chatalóg ar líne Chartlann CIÉ.

## Éagsúlacht agus Comhdheiseanna

In 2025, rinne Bus Átha Cliath agus a fhostaithe ceiliúradh ar éacht mór ina n-aistear i dtreo comhionannas san ionad oibre: ba mhná iad 10% den lucht saothair den chéad uair i stair na cuideachta. Is léiriú é sin ar thiomantas leanúnach na heagraíochta i dtaobh cothromaíocht inscne a chothú agus timpeallacht níos cuimsithí a bheith ar fud leibhéil uile na heagraíochta. Tá méadú 16% tagtha ar líon na mban i ngrád an tiománaí bus, agus méadú 15% ar líon na mban sa ghrád feidhmiúcháin, rud a léiríonn dul chun cinn ar leibhéal oibríochtúil agus ceannaireachta araon.

## Sláinte agus Folláine

In 2025, lean Bus Átha Cliath de thionscnaimh bhreise shláinte agus folláine a chur chun cinn i gcomhréir lena straitéis fhoriomlán Sláinte agus Folláine. I measc na bpríomhréimsí tosaíochta i rith na bliana bhí clár folláine a bhain go sonrach leis an tsealobair, a cuireadh ar fáil do bhreis agus 150 fostaí; breis agus 300 scagthástáil sláinte agus scagthástáil ar bhaill dobhráin, oiliúint i nGarchabhair Mheabhairshláinte a chur ar 39 fostaí agus an aclaíocht a chur chun cinn ar fud an lucht saothair.



# Príomhtháscairí Feidhmíochta Bhus Átha Cliath:

## Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

| Daoine a Nascadh | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na n-aistear paisinéara (milliúin) | **165.1** | 159.3 | 147.0 | 121.0 |
| Ciliméadair a taistealaíodh (milliúin) | **63.3** | 62.1 | 59.1 | 58.0 |
| Ciliméadair a taistealaíodh faoi chumhacht díosail chumaiscthe (milliúin) | **58.1** | 59.4 | 59.0 | 58.0 |
| Ciliméadair a taistealaíodh saor ó astaíochtaí (milliúin) | **5.2** | 2.7 | 0.1 | 0.0 |
| Déine astaíochtaí (kg$CO_2$e/km bus a taistealaíodh) | **1.1** | 1.1 | 1.1 | 1.3 |
| Líon na mbusanna ar an mbóthar | **1,150** | 1,110 | 1,090 | 1,056 |

## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Cathracha agus Pobail Inbhuanaithe

| Inrochtaineacht | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Busanna lán-inrochtana (%) | **100%** | 100% | 100% | 100% |

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhFostaithe | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe | **4,406** | 4,224 | 3,940 | 3,771 |
| **Comhionannas Inscne** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **10%** | 9% | 8% | 8% |
| Mná ar an bhFoireann Feidhmiúcháin (%) | **29%** | 29% | 40% | 33% |
| Comhaltaí Boird ar Mná iad (%) | **38%** | 44% | 44% | 38% |

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT) (tonnaí $CO_2$e) | 2025 | 2024 | 2023 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | **64,128** | 65,756 | 66,542 | 74,084 |
| Scóip 2 | **2,819** | 2,480 | 1,235 | 1,684 |
| **Úsáid Fuinnimh (MWh)** | **2025** | **2024** | **2023** | **2018** |
| Ídiú fuinnimh iomlán | **267,729** | 272,631 | 268,406 | 287,689 |
| Díosal iontaise 100% | **236,452** | 242,139 | 245,888 | 272,115 |
| Bithdhíosal FAME | **2,636** | 12,637 | 10,163 | – |
| HVO | **7,769** | – | – | – |
| Gás nádúrtha | **8,366** | 9,015 | 7,848 | 11,111 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh úsáidí eile | **5,374** | 4,811 | 4,402 | 4,463 |
| Leictreachas ón eangach le haghaidh an fhlít | **7,087** | 3,990 | 63 | – |
| Fuinneamh in-athnuaite féinghinte | **45** | 39 | 42 | – |
| **Sciartha an Fhlít Seirbhíse** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro IV nó ceann níos sine (%) | **14.5%** | 11.0% | 20.0% | 9.0% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro V (%) | **12.5%** | 13.0% | 12.0% | 14.0% |
| Busanna ina bhfuil inneall caighdeánach Euro VI (%) | **43.0%** | 47.0% | 47.0% | 53.0% |
| Busanna ina bhfuil inneall hibrideach (%) | **19.5%** | 20.0% | 19.0% | 22.0% |
| Busanna atá saor ó astaíochtaí ón sceithphíopa (faoi thiomáint ag leictreachas nó hidrigin amháin) (%) | **10.5%** | 9.0% | 2.0% | 0.0% |
| **Sciartha an Fhlít Tacaíochta Bóthair** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Gluaisteáin/veaineanna an fhlít bóthair ina bhfuil inneall hibrideach % | **10%** | – | – | – |
| Gluaisteáin/veaineanna leictreacha an fhlít bóthair % | **51%** | – | – | – |
| Gluaisteáin agus veaineanna an fhlít bóthair ina bhfuil inneall dócháin % | **39%** | – | – | – |

Nótaí:

- I dtáblaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta, tá sonraí 2018 san áireamh i gcás fuinnimh agus i gcás na faisnéise faoi astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 mar gheall gur 2018 an bhliain bhonnlíne. Taispeántar sonraí ó 2022-2025 i ngach catagóir eile.
- Tá miondealú ar sciartha an Fhlít Tacaíochta Bóthair de réir cineál breosla curtha leis ó bhí 2025 ann.

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

### Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistiú Dramhaíola (tonaí) | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (comhlán) | **737** | 654 | 662 | 640 |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh chun bealaigh le haghaidh loiscthe/aisghabháil fuinnimh) | **196** | 169 | 171 | 162 |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh chun bealaigh le haghaidh athchúrsála) | **541** | 485 | 491 | 478 |
| Dramhaíl – earraí measctha tirime in-athchúrsáilte | **18** | 17 | 12 | 0 |
| Dramhaíl – athchúrsáil (dramhphacáistíocht mheasctha) | **301** | 258 | 271 | 294 |
| Adhmad athchúrsáilte | **24** | 21 | 20 | 19 |
| Cairtchlár athchúrsáilte | **0** | 3 | 0 | 11 |
| Páipéar athchúrsáilte | **5** | 0 | 5 | 0 |
| Miotal athchúrsáilte | **132** | 122 | 127 | 101 |
| Gloine athchúrsáilte | **25** | 22 | 18 | 18 |
| Athchúrsáil dramhaíola WEEE | **8** | 9 | 9 | 8 |
| Múirín | **28** | 33 | 29 | 27 |
| Ráta athchúrsála (bardais) | **73%** | 74% | 74% | 75% |
| Méid iomlán ballasta/ithreach a diúscraíodh | **0** | 0 | 9 | 0 |
| Dramhaíl ghuaiseach (dramhaíl olach, dramh-ola, dramh-fhuaraitheoir, péint, tuaslagóirí, etc.) | **1367** | 906 | 930 | 1102 |
| Dramh-ola a cuireadh chun bealaigh le haghaidh athchúrsála | **125** | 104 | 0 | 0 |
| **Bainistíocht Uisce** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha) | **44,363** | 51,210 | 51,782 | 85,567 |

## CIÉ Tours

### Deimhniú Óir ón Líonra Turasóireachta Inbhuanaithe

Bhain CIÉ Tours amach garsprioc mhór i réimse na hinbhuanaitheachta nuair a bhronn an Líonra Turasóireachta Inbhuanaithe Deimhniú Óir air. Rinneadh sin ar bhonn iniúchadh mionsonraithe lenar deimhníodh go raibh na céimeanna measúnaithe riachtanacha go léir curtha i gcrích ag an gcuideachta, sna sála ar dhá bhliain d'obair dhíograiseach chun an inbhuanaitheacht a leabú ina hoibríochtaí. Moladh CIÉ Tours as maoirseacht comhshaoil a chomhtháthú i gcleachtais laethúla, agus díríodh aird ar an dul chun cinn maidir le faireachán ar charbón agus dramhaíl, triail a bhaint as breosla HVO, agus tacú leis an mbithéagsúlacht agus dea-thionchar a imirt ar an bpobal trína Chiste Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta. Leis an Deimhniú Óir sin, tá CIÉ Tours amach chun tosaigh i réimse na turasóireachta freagraí in Éirinn agus ar fud an domhain.

### Breosla HVO



In 2025, chuir CIÉ Tours go mór leis an úsáid a bhaineann sé as Ola Phlandúil Hidreachóireáilte (HVO) ar fud a oibríochtaí turasóireachta chun déine carbóin a tháirgí a laghdú. Dul chun cinn a bhí ansin óir úsáid theoranta a baineadh as an mbreosla sin in 2024, nuair is ar HVO a ritheadh cóiste amháin de chuid cuideachta comhpháirtíochta ar thuras sceidealaithe. Clúdaíodh 28,033 ciliméadar an bhliain sin agus úsáideadh 5,924.19 lítear HVO. In 2025, bhain ceithre chuideachta comhpháirtíochta úsáid as HVO ar chúig thuras cóiste, agus ba mhéadú mór é sin ar an bhliain roimhe sin. Léiríonn an leathnú sin a mheáite atá CIÉ Tours ar astaíochtaí ón iompar a laghdú, agus d'íoc an chuideachta cuid den chostas breise a tabhaíodh i gcomparáid le díosal a úsáid.

### Comhpháirtíochtaí CIÉ Tours faoin gCiste Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta

Tacaíonn Ciste Gníomhaíochta Inbhuanaitheachta CIÉ Tours le tionscnaimh atá dírithe ar an aeráid agus le tionscnaimh pobail a neartaíonn maoirseacht comhshaoil agus folláine shóisialta ar fud na réigiún ina bhfeidhmíonn an chuideachta. Bunaíodh é chun an inbhuanaitheacht a leabú i ngnáthoibríochtaí laethúla, agus cuireann sé ar a chumas do CIÉ Tours dul i bpáirt le heagraíochtaí a mbíonn tionchar fiúntach acu ar an leibhéal áitiúil. Rinne CIÉ Tours maoiniú ar eagraíochtaí breise ón gCiste sin in 2025.

- Is tionscnamh talmhaíochta atá dírithe ar an inbhuanaitheacht é ReFarm , faoina spreagtar cleachtais athghiniúna chun dea-bhail a chur ar an ithir arís agus an bhithéagsúlacht a fheabhsú. Cuidíonn ReFarm le feirmeoirí in iarthar na hÉireann aistriú chuig cur chuige ísealtionchair, ciorclach a laghdaíonn astaíochtaí agus a fheabhsaíonn seasmhacht na talún san fhadtréimhse. A bhuíochas le tacaíocht ó CIÉ Tours, is féidir le ReFarm rannpháirtíocht leis an bpobail agus oideachas comhshaoil a chur ar bun ar scála níos mó sna líonraí feirmeoireachta atá páirteach sa tionscnamh.
- Cuireann Club Óige Belvedere timpeallachtaí sábháilte, tacúla ar fáil do dhaoine óga trí chláir lena gcothaítear muinín, nasc le daoine eile agus scileanna saoil. Faoin tionscnamh, bíonn daoine óga i mbun gníomhaíochtaí cruthaitheacha, oideachais agus folláine, rud a chuidíonn le pobail níos láidre agus níos cuimsithí a chothú. Neartaíonn maoiniú ó CIÉ Tours cumas an Chlub cláir fhiúntacha a chur ar bun d'aos óg an cheantair.
- Cosnaíonn agus caomhnaíonn Iontaobhas Náisiúnta na hAlban láithreáin atá tábhachtach ó thaobh cultúir agus comhshaoil de ar fud na tíre, agus an áit ar troideadh Cath Chùil Lodair san áireamh. Tacaíonn CIÉ Tours lena chuid iarrachtaí tírdhreacha nádúrtha agus tírdhreacha stairiúla a choinneáil slán do na glúnta atá le teacht.
- Is fiontar sóisialta é Invisible Cities faoina gcuirtear oiliúint ar dhaoine gan dídean chun bheith ina dtreoraithe turas sna cathracha, rud a chothaíonn deiseanna fostaíochta agus comhtháthú sa phobal. Leagtar béim ar scéalta áitiúla sna turais sin agus ag an am céanna múscláitear feasacht ar fhadhbanna sóisialta ar bhealach cumhachtach, lándínite. Cuidíonn an tacaíocht ó CIÉ Tours le deiseanna oiliúna a leathnú agus tionchar sóisialta na heagraíochta a neartú.

# Príomhtháscairí Feidhmíochta CIÉ Tours:

## Colún 2: An Ghné Shóisialta

### Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhFostaithe | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon Iomlán na bhFostaithe | **134** | 121 | 113 | 95 |
| Líon na bhFostaithe in Éirinn | **42** | 38 | 36 | 30 |
| Líon na bhFostaithe Idirnáisiúnta | **92** | 83 | 77 | 65 |
| **Comhionannas Inscne** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **68%** | 66% | 69% | 64% |
| Mná ar an bhFoireann Feidhmiúcháin (%) | **50%** | 50% | 60% | 60% |
| Comhaltaí Boird ar Mná iad (%) | **67%** | 50% | 75% | 75% |

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

### Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT) (tonnaí $CO_2e$) | 2025 | 2024 | 2023 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | **33** | 28 | 37 | 29 |
| Scóip 2 | **52** | 62 | 65 | 28 |
| **Úsáid Fuinnimh (MWh)** | **2025** | **2024** | **2023** | **2018** |
| Ídiú fuinnimh iomlán | **336** | 336 | 388 | 216 |
| Gás nádúrtha – oifig na hÉireann | **160** | 139 | 180 | 143 |
| Leictreachas – árasáin – oifigí sna Stáit Aontaithe | **16** | 18 | 11 | 0 |
| Leictreachas – oifigí in Éirinn | **59** | 60 | 63 | 73 |
| Leictreachas – oifigí sna Stáit Aontaithe | **101** | 119 | 134 | – |

Nótaí:

► I dtáblaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta, tá sonraí 2018 san áireamh i gcás fuinnimh agus i gcás na faisnéise faoi astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 mar gheall gur 2018 an bhliain bhonnlíne. Taispeántar sonraí ó 2022-2025 i ngach catagóir eile.

## Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

| Bainistiú Dramhaíola (tonaí) | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (comhlán) | **1.40** | 1.56 | 1.90 | – |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh chun bealaigh le haghaidh athchúrsála) | **0.75** | 0.75 | 0.64 | – |
| Dramhaíl – athchúrsáil | **0.54** | 0.63 | 0.64 | – |
| Múirín | **0.21** | 0.12 | 0.00 | – |
| Dramhaíl – fuinneamh | **0.65** | 0.81 | 1.26 | – |
| Ráta athchúrsála | **54%** | 48% | 34% | – |
| **Bainistíocht Uisce** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha) | **128.9** | 134.8 | – | – |



# Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ


## Clár NexSys UCD

Is tionscnamh taighde ildisciplíneach é clár NexSys UCD atá faoi stiúir Institiúid Fuinnimh UCD chun conairí bunaithe ar fhianaise a fhorbairt chuig córas neodrach fuinnimh. Tá naoi gcomhpháirtí acadúla agus naoi gcómhaoinitheoir tionscail ag obair le chéile chun dul i ngleic le dúshláin i ndáil le dícharbónú fuinnimh in Éirinn. Is comhpháirtí tionscail dá chuid é CIÉ agus cuireann sé saineolas ón earnáil iompair ar fáil, rud a chuidíonn leis an taighde ar thaisteal ilchóracha iompair dícharbónaithe agus a thacaíonn le conairí praiticiúla a fhorbairt don aistriú fuinnimh in Éirinn.

## Rannpháirtíocht sa Phobal agus Cúrsaí Oidhreachta

In 2025, tugadh i gcrích roinnt pacáistí oibre a bhain le bunú Chartlann Ghrúpa CIÉ, próiseas a thosaigh in 2023. I mí na Samhna 2025, sheol an tAire Iompair catalóg ar líne Chartlann Ghrúpa CIÉ, rud a thug deis don phobal breathnú ar ár mbailiúcháin agus iad a chuardach. Seoladh Rannán nua Oidhreachta agus Cartlainne ar shuíomh gréasáin CIÉ chomh maith leis an gcatalóg ar líne.

I rith na bliana, críochnaíodh roinnt tionscadail chatalógaithe agus digitithe, agus tá breis agus 63,000 tuairisc chartlainne ann anois, beagnach 18,000 taifead ainm, agus thart ar 100,000 íomhá dhigitithe. Ghlacamar isteach naoi gcnuasach nua d'ábhar cartlainne freisin, idir bhailiúcháin ghrianghraf, phleananna talún agus líníochtaí stáisiúin, agus taifid stairiúla foirne.



Minute Book
of the
Dublin and Drogheda
Railway Company –
Circular

On the Establishment of
A: Northern Railroad.

The advantages arising from the construction of Railways are now so well understood it is unnecessary to enter upon an explanation of their practical benefits or utility. It is sufficient to say that they are so far appreciated as to receive adoption wherever the existing trade or intercourse will warrant the outlay to be incurred in their formation. As a safe and rapid medium of communication their efficacy has been proved in England where Railways are projected and in progress of Completion that will absorb Twenty Millions of Capital in the United States numerous lines have been laid down and by their means that rising Country is deriving all the important advantages of a rapid developement of its resources. On the Continent distinct States and Kingdoms are being connected thro lines diverging from their Commercial Towns and Capital Cities: while Ireland ever tardy has not as yet adopted Railroads for

## Príomhtháscairí Feidhmíochta Chuideachta Sealbhaíochta CIÉ:

### Colún 1: An Ghné Gheilleagrach

#### Luach Geilleagrach a Ghiniúint

#### Folláine, Comhionannas Inscne agus Ionchuimsitheacht inár bhFórsa Saothair

| Infheistiú inár bhFostaithe | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Líon na bhfostaithe – Éire | **211** | 192 | 185 | 175 |
| **Comhionannas Inscne** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Mná i measc na bhfostaithe (%) | **49%** | 46% | 48% | 48% |
| Mná ar an bhFoireann Feidhmiúcháin (%) | **45%** | 40% | 40% | 40% |
| Comhaltaí Boird ar Mná iad (%) | **25%** | 25% | 33% | 33% |

# Colún 3: An Ghné Chomhshaoil

## Gníomhaíocht ar son na hAeráide

| Astaíochtaí Gáis Ceaptha Teasa (GCT) (tonnaí $CO_2$e) | 2025 | 2024 | 2023 | 2018 |
|---|---|---|---|---|
| Scóip 1 | **112** | 128 | 119 | 110 |
| Scóip 2 | **130** | 147 | 141 | 185 |
| **Úsáid Fuinnimh (MWh)** | **2025** | **2024** | **2023** | **2018** |
| Ídiú Fuinnimh Iomlán | **1,122** | 1,145 | 1,093 | 1,141 |
| Gás Nádúrtha | **548** | 625 | 584 | 492 |
| Leictreachas – Foirgnimh na Cuideachta Sealbhaíochta agus Maoin an Ghrúpa | **574** | 520 | 509 | 649 |

## Tomhaltas agus Táirgeadh Freagrach

| Bainistiú Dramhaíola (tona) | 2025 | 2024 | 2023 | 2022 |
|---|---|---|---|---|
| Dramhaíl – Líonadh Talún – Éire | 0.00 | 0.00 | 0.00 | – |
| Dramhaíl – Athchúrsáil – Éire | 0.38 | 0.77 | 1.47 | – |
| Múirín – Éire | 0.22 | 0.09 | 0.00 | – |
| Dramhaíl – Fuinneamh – Éire | 0.43 | 1.96 | 2.33 | – |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (comhlán) – Éire | 1.03 | 2.82 | 3.80 | – |
| Iomlán na dramhaíola bardais a bailíodh (a cuireadh le haghaidh athchúrsála) – Éire | 0.60 | 0.86 | 1.47 | – |
| Ráta Athchúrsála (bardais) | 58% | 31% | 39% | – |
| **Bainistíocht Uisce** | **2025** | **2024** | **2023** | **2022** |
| Tomhaltas uisce (méadair chiúbacha) | 85.93 | 89.85 | – | – |

Nótaí:

- I dtáblaí na bpríomhtháscairí feidhmíochta, tá sonraí 2018 san áireamh i gcás fuinnimh agus i gcás na faisnéise faoi astaíochtaí Scóip 1 agus Scóip 2 mar gheall gur 2018 an bhliain bhonnlíne. Taispeántar sonraí ó 2022-2025 i ngach catagóir eile.

## Fachtóirí Tiontaithe Ghrúpa CIÉ maidir le hAstaíochtaí Carbóin

| Catagóir | Pointe Sonraí | Scóip/ Catagóir | Aonaid | 2018 | 2023 | 2024 | 2025 | Foinse 2025 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Fuinneamh | Gás Nádúrtha | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0.204741096 | 0.204741096 | 0.204741096 | 0.204741096 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Díosal Iontaise 100% | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0.263868 | 0.263868 | 0.263868 | 0.263868 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Bithdhíosal FAME | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0 | 0 | 0 | 0 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | HVO | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0 | 0 | 0 | 0 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Úsáid Díosail sna Feithiclí Bóthair – sciar bithdhíosail | n/b | % vol | 4% | 9% | 9% | 11% | Difríocht bliain ar bhliain – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Úsáid Díosail sna Feithiclí Bóthair – sciar díosail iontaise | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0.253185583 | 0.243282193 | 0.242273707 | 0.236463502 | Difríocht bliain ar bhliain – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Úsáid Peitril sna Feithiclí Bóthair – sciar bitheatánóil | n/b | % vol | 5% | 6% | 8% | 9% | Difríocht bliain ar bhliain – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Úsáid Peitril sna Feithiclí Bóthair – sciar peitril iontaise | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0.243913494 | 0.241411615 | 0.23838075 | 0.236784445 | Difríocht bliain ar bhliain – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Leictreachas – Éire | Scóip 2 | kg$CO_2$e/kWh | 0.377285923 | 0.276490432 | 0.281747963 | 0.226258324 | Difríocht bliain ar bhliain – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Leictreachas – an Ríocht Aontaithe | Scóip 2 | kg$CO_2$e/kWh | – | – | – | 0.177 | Difríocht bliain ar bhliain – Tuairisciú ar gháis cheaptha teasa: fachtóirí tiontaithe 2025 – GOV.UK |
| Fuinneamh | Leictreachas – na Stáit Aontaithe | Scóip 2 | kg$CO_2$e/kWh | 0.33 | 0.33 | 0.33 | 0.33 | Meánmheascán Tíre IEA – Astaíochtaí bunaithe ar shuíomh |
| Fuinneamh | Bus Éireann – Hidrigin | Scóip 2 | kg$CO_2$e/kWh | n/a | 0.179 | 0.179 | 0.179 | Fachtóir Astaíochta is Sonrach don Soláthraí |
| Fuinneamh | Ceirisín | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0.257004 | 0.257004 | 0.257004 | 0.257004 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Gás peitriliam leachtach | Scóip 1 | kg$CO_2$e/kWh | 0.229284 | 0.229284 | 0.229284 | 0.229284 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Díosal Iontaise 100% | Calrach | kWh/l | 10.169 | 10.169 | 10.169 | 10.169 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Peitreal (Iontaise) | Calrach | kWh/l | 9.348 | 9.348 | 9.348 | 9.348 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Bithdhíosal FAME | Calrach | kWh/l | 9.10936032 | 9.10936032 | 9.10936032 | 9.10936032 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | HVO | Calrach | kWh/l | 10.3402978 | 10.3402978 | 10.3402978 | 10.3402978 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Bitheatánól íon | Calrach | kWh/l | 5.88775728 | 5.88775728 | 5.88775728 | 5.88775728 | Tairiseach – an t-achar go dtí an sprioc ar bhonn F&T SEAI – amhail an 20 Feabhra 2026 |
| Fuinneamh | Ceirisín | Calrach | kWh/l | 10.18 | 10.18 | 10.18 | 10.18 | Fachtóir tiontaithe SEAI 'luachanna calracha – ceirisín' |
| Fuinneamh | Gás peitriliam leachtach | Calrach | kWh/l | 6.84 | 6.84 | 6.9 | 6.84 | Fachtóirí Tiontaithe agus Astaíochta SEAI – foilsithe 2023 |
| F-gháis agus Gáis Éalaitheacha Eile | Gás R410A | Scóip 1 | tonaí $CO_2$e/kg | 2.088 | 2.088 | 1.924 | 1.924 | Tuairisciú ar gháis ceaptha teasa: fachtóirí tiontaithe 2025 – GOV.UK |
| F-gháis agus Gáis Éalaitheacha Eile | Gás HFC32 | Scóip 1 | tonaí $CO_2$e/kg | 0.675 | 0.675 | 0.677 | 0.677 | Tuairisciú ar gháis ceaptha teasa: fachtóirí tiontaithe 2025 – GOV.UK |
| F-gháis agus Gáis Éalaitheacha Eile | Gás R134A/HFC134A | Scóip 1 | tonaí $CO_2$e/kg | 1.3 | 1.3 | 1.3 | 1.3 | Tuairisciú ar gháis ceaptha teasa: fachtóirí tiontaithe 2025 – GOV.UK |
| F-gháis agus Gáis Éalaitheacha Eile | Gás R407C | Scóip 1 | tonaí $CO_2$e/kg | 1.624 | 1.624 | 1.624 | 1.624 | Tuairisciú ar gháis ceaptha teasa: fachtóirí tiontaithe 2025 – GOV.UK |
| F-gháis agus Gáis Éalaitheacha Eile | Gás HCFC22 | Scóip 1 | tonaí $CO_2$e/kg | 1.76 | 1.76 | 1.76 | 1.76 | Tuairisciú ar gháis ceaptha teasa: fachtóirí tiontaithe 2025 – GOV.UK |



## Forbairt agus Forbraíochtaí atá Dírithe ar Iompar Poiblí

Tá Grúpa CIÉ tiomanta don fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí, agus é ag baint úsáid as na hionaid réadmhaoine fhairsinge, lárnacha atá i bpunann Ghrúpa CIÉ chun féachaint chuige go ndéanfar an soláthar is fearr is féidir ó thaobh tithíochta, fostaíochta agus spásanna uirbeacha de, a bheidh gar do sheirbhísí iompair ardchaighdeáin, ardmhinicíochta.

Faoi chuspóirí forbartha CIÉ, tugtar tús áite d'fhás dlúth agus don rochtain ar mhoil soghluaisteachta dhea-dheartha, rud a chothaíonn na dálaí le haghaidh aistriú córa iompair.

Tá roinnt tionscadal ar bun faoi láthair ag Grúpa CIÉ agus ina measc tá Máistirphlean Stáisiún Heuston i mBaile Átha Cliath; Máistirphlean Stáisiún Colbert i Luimneach; Stáisiún Uí Chonghaile i mBaile Átha Cliath, Stáisiún an Cheanntaigh i gCorcaigh agus Stáisiún Cheannt i nGaillimh.

## Máistirphlean Heuston

Is treoirphlean é Máistirphlean Heuston chun úsáid úrnua a bhaint as tailte ag Stáisiún Heuston, mar eiseamláir den fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí.

Tá thart timpeall is 10 heicteár talún a d'fhéadfaí a fhorbairt, agus d'fhéadfadh an stráice talún sin a bheith oiriúnach d'fhorbraíocht ilchineálach os cionn 210,000 méadar cearnach, a mbeadh breis agus 1,000 aonad cónaithe san áireamh léi.

Tá pacáistí oibre ar siúl chun bealaí breise a thógáil do choisithe, do rothaithe agus do dhaoine a dteastaíonn cúnamh rochtana uathu, agus chun páirtithe leasmhara a athlonnú, agus táthar ag obair anois ar na hiarratais ar chead pleanála.

Tá CIÉ tosaithe ag obair ar phacáiste oibre breise i gcomhar leis an Údarás Iompair Náisiúnta chun féachaint ar fheabhsuithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar na naisc idir córacha iompair éagsúla ag Heuston.

## Máistirphlean Stáisiún Colbert, Luimneach

Tá Grúpa CIÉ ag obair leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún, le Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus le Méara Luimnigh ar thograí chun úsáid úr a bhaint as tailte ag Stáisiún Colbert, ag teacht le Creat Spásúlachta Cheantar Stáisiún Colbert, rud atá beartaithe a bheith ina eiseamláir den fhorbairt atá dírithe ar iompar poiblí agus ina mbeidh suas le 2,800 ionad cónaithe. Táthar ag smaoineamh ar roinnt dáileachtaí de ghabháltas CIÉ ag Colbert a chur ar fáil go luath chun forbraíochtaí tithíochta a chur chun cinn.

## Cé Uí Argáin, Corcaigh

Sé acra d'fhorbraíocht ilúsáide atá dírithe ar an iompar poiblí atá ag Cé Uí Argáin, lena n-áirítear ríocht phoiblí nua atá nasctha le Stáisiún an Cheanntaigh. Beidh spás oifige iomlán 29,000 méadar cearnach ann. Tá Céim 1 críochnaithe agus cuid mhaith de na tionóntaí bogtha isteach, agus tá Céim 2 críochnaithe freisin. Tá Óstán an Dean i mbun gnó ansin ó dheireadh na bliana 2020.

Rinne CIÉ agus an forbróir comhaontuithe leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun 302 aonad cónaithe a thógáil. De réir an phlean, críochnófar an obair thógála sa cheathrú ráithe de 2026.

## Duga Spencer

Faoin dara céim den obair ar Dhuga Spencer, tógadh 40,000 méadar cearnach d'oifigí ina bhfuil an chuideachta Salesforce, óstán 200 seomra (Óstán an Samuel), agus 393 aonad cónaithe.

## Taobhlach Bhostún

Tá an áit a mbíodh Taobhlach Bhostún tráth suite i gceantar na gcuideachtaí teicneolaíochta (Silicon Docks mar a thugtar air) i mBaile Átha Cliath. Críochnaíodh an obair thógála ar an gcéad scéim oifigí de chaighdeán platanaim thriaraigh in Éirinn i samhradh na bliana 2025 agus tá roinnt tionóntaí faighte ag an bhforbróir.

## Stáisiún Uí Chonghaile

Is éard a bheidh san fhorbraíocht 'Áirse Bhaile Átha Cliath' limistéar 59,000 méadar cearnach ina mbeidh oifigí, óstán 200 leaba, agus 187 aonad cónaithe. De bharr na scéime sin, beidh feabhas mór ar na naisc leis an bpobal áitiúil agus is fearr an rochtain a bheidh ag daoine ar an stáisiún agus ar sheirbhísí iarnróid, i gcomhréir leis na cuspóirí atá ag Grúpa CIÉ i dtaobh forbairt atá dírithe ar iompar poiblí.

## Stáisiún Cheannt, Gaillimh, Céim 1

Tá cead pleanála tugtha i leith forbraíocht ilúsáide atá dírithe ar iompar poiblí ag Cnoc San Aibhistín, lena gcuimseofar forbraíocht mhór mhiondíola agus c. 376 aonad cónaithe ar thailte laisteas de Stáisiún Cheannt. Tá obair ar bun chun athfhorbairt mhór a dhéanamh ar Stáisiún Cheannt féin agus tá sé beartaithe na gnéithe sin den obair ar Chnoc San Aibhistín atá gar don stáisiún a thabhairt chun críche.

## Straitéis maidir le Tithíocht do Chách

Is é 'Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn' plean tithíochta an rialtais i leith na tréimhse go dtí 2030. Sa phlean sin, leagtar de chúram ar an nGníomhaireacht Forbartha Talún dlús a chur le soláthar tailte stáit le haghaidh tithíochta, go háirithe tithíocht inacmhainne. Luaitear go sonrach ceithre ionad réadmhaoine ar le Grúpa CIÉ iad: Stáisiún Colbert i Luimneach, Oibreacha Inse Chór, an Chloch Leathan agus Garáiste Bhóthar Conyngham.

Tá Grúpa CIÉ ag obair i ndlúthpháirt leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún chun cabhrú le cuspóirí na straitéise a bhaint amach.





## Stephen Kent, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an Ghrúpa

Ceapadh Stephen Kent ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ghrúpa CIÉ i mí Eanáir 2026. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Bhus Éireann ó 2018-2025 agus roimhe sin bhí sé ina Phríomhoifigeach Tráchtála (ó 2013).

Tháinig sé sin sna sála ar roinnt róil shinsearacha ina raibh sé ag plé le bainistiú díolacháin agus margaíochta in C&C Group, Waterford Crystal plc agus Waterford Foods (atá ina chuid de Glanbia plc anois). Tá céim BBS ag Stephen ó Ollscoil Luimnigh agus tá MBA aige ó Ollscoil Herriot Watt, agus is céimí de chuid Institiúid Margaíochta na hÉireann é freisin.

Is Comhalta d'Institiúid Cairte Iompair agus Lóistíochta Éireann é Stephen chomh maith.



## Caoimhe Donnelly, Príomhoifigeach Inbhuanaitheachta

Ceapadh Caoimhe Donnelly ina Príomhoifigeach Inbhuanaitheachta i mí Aibreáin 2020.

Tá breis agus 20 bliain taithí ag Caoimhe i réimse na hiomaíochta agus an rialála, na straitéise agus na forbartha inbhuanaitheachta. Sular tháinig sí chuig CIÉ, sholáthair Caoimhe comhairle i leith feidhmiú straitéise rialála sna margaí cumarsáide agus i réimse na forbartha inbhuanaithe agus threoraigh sí tionscnaimh ina leith sin.

D'fhóin sí i róil ardbhainistíochta le ComReg – Ceann Faisnéise Margaidh agus Bainisteoir Anailíse Margaidh – agus bhí sí ag obair i réimse na forbartha straitéise le AXA Ireland. Is iar-Chathaoirleach Global Action Plan, Ireland í Caoimhe, agus is Cathaoirleach CDP Ireland Network í.

Tá Dioplóma sa Stiúradh Cuideachta aici ó Institiúid na Stiúrthóirí, chomh maith le MBA ó Ollscoil Cambridge, Dioplóma san Eacnamaíocht don Dlí Iomaíochta, King's College London, MA san Eacnamaíocht ón Université Libre de Bruxelles, agus BA Idirnáisiúnta san Eacnamaíocht ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



## Tom Fahey, Ceann Éileamh agus Riosca

Tháinig Tom Fahey chuig Rannóg Pinsean Ghrúpa CIÉ in 1988 agus bhog sé go dtí a Rannóg Éileamh in 1990. Bhí roinnt poist éagsúla aige sular ceapadh ina Bhainisteoir Éileamh é le CIÉ in 2012.

Tá taithí breis agus 30 bliain ag Tom i réimse an imscrúdaithe ar thimpistí/éilimh agus na dlíthíochta. Faoi láthair, bainistíonn sé na foirne um Láimhseáil Éileamh Dliteanais Fostóirí agus Éileamh Tríú Páirtí, agus is é féin a láimhseálann gach éileamh a bhfuil mórchailliteanas i gceist leis a bhaineann le Grúpa Cuideachtaí CIÉ.



## Aidan Grogan, Ceann Acmhainní Daonna agus Forbartha Eagraíochta

Ceapadh Aidan Grogan ina Ceann Acmhainní Daonna agus Forbartha Eagraíochta le Grúpa CIÉ i Meán Fómhair 2020.

Tá taithí breis agus 20 bliain aige i réimse na nAcmhainní Daonna agus an Chaidrimh Thionsclaíoch, agus bhí poist aige roimhe seo le Virgin Media Television (TV3), Virgin Media Ireland (UPC), The Irish Times agus IBEC. Bronnadh teastas san idirghabháil air le déanaí agus tá Céim Baitsiléara Tráchtála aige ó UCD, chomh maith le Dioplóma Gairmiúil san Eadráin, agus Dioplómaí Iarchéime sa Dlí agus Straitéis Fostaíochta.



## Therese Killian, Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa

Ceapadh Therese Killian ina Ceann Iniúchóireachta Inmheánaí leis an nGrúpa i mí Iúil 2022.

Tá taithí breis agus 15 bliana ag Therese i dtaobh Iniúchóireacht Inmheánach, Bainistíocht Riosca, Comhlíonadh agus Bainistíocht Clár. Sular tháinig sí chuig CIÉ, chaith sí 13 bliana le CRH plc sa rannóg iniúchóireachta inmheánaí, agus bhí sí freagrach freisin as a chinntiú go raibh Creat Rialaithe Inmheánaigh CRH sa riocht agus go bhféadfaí comhlíonadh bliantúil Rialacháin Sarbanes Oxley 404 a áirithiú.

Bhí Therese ag obair freisin le cuideachta bithchógaisíochta nuathionscanta ar chéimeanna deiridh trialacha cliniciúla mar chuid de phróiseas IPO na cuideachta sin agus le déanaí bhí sí i gceannas ar an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí le Ryanair.

Is Cuntasóir Cairte í Therese agus tá Dioplóma aici in IFRS agus Dioplóma sa Bhainistíocht Riosca, Iniúchóireacht Inmheánach agus Comhlíonadh ó Chuntasóirí Cairte Éireann. Tá BA (Onóracha) ó UCC, Ard-Dioplóma san Oideachas ó OÉ Gaillimh agus Dioplóma Gairmiúil sa Chomhlíonadh ó UCD aici freisin.



## Frank Masterson, Bainisteoir Maoine an Ghrúpa

Ceapadh Frank Masterson ina Bhainisteoir Maoine le Grúpa CIÉ i mí an Mheithimh 2023. Tháinig sé chuig Feidhm Maoine Ghrúpa CIÉ i mí an Mhárta 2001, tar éis dó cáilíocht sa tsuirbhéireacht a bhaint amach i Sráid Bolton. Chaith sé seal ag obair sa rannóg maoine leis an gcomhlacht ar a dtugtar Transport for London anois.



## Edel McCormack, Rúnaí an Ghrúpa

Is aturnae cáilithe í Edel McCormack agus cheap an Bord í ina Rúnaí ag Grúpa CIÉ le héifeacht ó Fheabhra 2026.

Sular tháinig sí chuig CIÉ, bhí Edel ina Ceann Rialachais agus Dlí agus ina Rúnaí don Údarás ag Bonneagar Iompair Éireann (TII) ó 2015 go 2024, áit a ndearna sí maoirseacht ar sholáthar seirbhísí dlí chun tacú le hoibríochtaí agus tionscadail TII, agus MetroLink san áireamh, chomh maith le cúrsaí rialachais chorparáidigh.

Sular tugadh le chéile an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnróid agus an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta in 2015 chun TII a bhunú, bhí Edel ina comhairleoir dlí inmheánach leis an nGníomhaireacht um Fháil Iarnróid tráth a bhí Tionscadal Traschathrach Luas á chur i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath.

Tar éis di imeacht ó TII in 2024, chaith Edel bliain i bpost nuabhunaithe agus í ina Ceann Rialachais le Dlí-Chumann na hÉireann sular tháinig sí chuig CIÉ in 2025. Tá céim ag Edel sa Dlí Sibhialta, chomh maith le Máistreacht sa Dlí Eorpach, Máistreacht san Eitic

(Freagracht Chorparáideach) agus Dioplómaí san Eadráin agus sa Chaidreamh Poiblí. Is comhalta í de Chumann Dlí na hÉireann agus tá cead cleachtaidh aici i Sasana agus sa Bhreatain Bheag freisin. Is Comhalta í den Institiúid um Chomhlíonadh, FCI (Eitic).



## Paul Neary, Ceann Dlí an Ghrúpa

Ceapadh Paul Neary ina Cheann Dlí le Grúpa CIÉ i Meán Fómhair 2024. Roimhe sin, bhí Paul ina Leas-Aturnae le Grúpa CIÉ agus ina Cheann Gnóthaí Tráchtála agus Rialála. Is é an ról atá ag Paul a bheith ina cheannaire straitéiseach maidir le seirbhísí agus tacaíocht dlí a fhorbairt agus a fheidhmiú ar fud ghrúpa cuideachtaí CIÉ chomh maith le hailíniú a chothú chun tacú le straitéis an Ghrúpa agus cur chuige nuálach a chur chun cinn maidir le seirbhísí dlí a sholáthar chun tacú le hoibríochtaí gnó agus gníomhaíochtaí tráchtála. Bíonn Paul ag obair i ndlúthpháirt le Bord CIÉ, le Príomhfheidhmeannach Ghrúpa CIÉ, leis an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus leis an lucht ardbhainistíochta ar fud fhochuideachtaí an Ghrúpa.

Cháiligh Paul mar Aturnae in 1995 agus tá BA sa Léann Eorpach (Dlí agus Fraincis) aige, chomh maith le LLM sa Dlí Eorpach, Dioplóma san Aistriúchán, Dioplóma sa Dlí Fostaíochta, Teastas sa Dlí agus Cleachtas Pinsean agus Dioplóma san Fheidhmíocht Ardbhainistíochta, agus tá an cúrsa Lean Six Sigma Green Belt déanta aige.



## Amy Richards, Príomhoifigeach Faisnéise

Ceapadh Amy Richards ina Príomhoifigeach Faisnéise an 1 Samhain 2025. Bhí Amy i gceannas ar an Rannóg TF agus Teicneolaíocht sa Ghrúpa ó 2022 go 2025, agus roimhe sin bhí poist éagsúla aici sa Rannóg sin leis an nGrúpa, lena n-áirítear Bainisteoir Bonneagair agus Soláthair Seirbhísí agus Leas-Cheann na Rannóige. Ina ról mar Phríomhoifigeach Faisnéise, bainistíonn Amy an Rannóg Seirbhísí Comhroinnte TF agus cinntíonn sí go bhfuiltear ag comhlíonadh an chomhaontaithe seirbhíse agus na ngealltanas a rinneadh, go bhfuil na cliaint ag baint luach as na seirbhísí agus go ndéantar costais a laghdú a oiread is féidir.

Bhí Amy i gceannas ar roinnt mórathruithe san fheidhm chomhroinnte seirbhísí TF le roinnt blianta anuas, agus ina measc siúd bhí forbairt na rannóige i gcomhréir le creat ITIL, bogadh go hIonaid Sonraí den scoth in 2018 agus maoirseacht a dhéanamh ar bhunú Seirbhíse Bainistithe, agus ise ina feidhmeannach cláir ina leith sin. Gné lárnach de ról Amy is ea an feachtas earcaíochta don Fheidhm TF&T sa Ghrúpa chun folúntais a líonadh, chun cur leis an luach a fhaigheann na cliaint agus chun daoine tréitheacha a fhorbairt ionas go mbeidh siad in ann freastal ar an soláthar seirbhísí amach anseo.



## Fiona O'Shea, Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa

Ceapadh Fiona O'Shea ina Príomhoifigeach Airgeadais le Grúpa CIÉ i mí an Mhárta 2022 agus tá sí freagrach as comhlíonadh an tsainchúraim i leith inbhuanaitheacht airgeadais a leag an Rialtas ar Ghrúpa CIÉ. Ghlac Fiona ról Phríomhfheidhmeannach Eatramhach Ghrúpa CIÉ ar feadh roinnt míonna in 2025. Sular tháinig sí chuig CIÉ, bhí Fiona ag obair ar feadh breis agus 14 bliana le RTÉ i róil shinsearacha airgeadais éagsúla, agus Rialaitheoir Airgeadais an Ghrúpa ina measc. Roimhe sin arís, bhí Fiona ina Rialaitheoir Airgeadais Grúpa leis an Ogilvy & Mather Group, gníomhaireacht meán cruthaitheach agus caidrimh phoiblí ar cuid de WPP Group plc é.

Bhain Fiona amach céim Baitsiléara sa Staidéar Gnó (Onóracha) ó Ollscoil Luimnigh agus is comhalta í de Chumann Cuntasóirí Deimhnithe Cairte na hÉireann. Chomh maith leis sin, tá Teastas i mBunghnéithe na Bainistíochta Acmhainní Inbhuanaithe aici ó Ollscoil Luimnigh agus cáilíocht ó Ollscoil Cambridge i leith Scileanna Ceannaireachta ESG le haghaidh Aistriú chuig Gnó Inbhuanaithe. Bhí a hainm ar Innéacs na 100 Príomhoifigeach Airgeadais is Fearr de chuid Business and Finance in 2025. Tá Fiona ina Cathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Cuan, an ghníomhaireacht um fhoréigean teaghlaigh, foréigean gnéasach agus foréigean inscnebhunaithe.

Seo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina gComhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2025. Mura luaitear a mhalairt, bhí siad ina gComhaltaí Boird ón 1 Eanáir 2025 go dtí an dáta a formheasadh na ráitis airgeadais seo.

| | | |
|---|---|---|
| Aidan Murphy | Cathaoirleach CIÉ | |
| James Doran | Comhalta is Oibrí | Ar scor an 30 Samhain 2025 |
| Brian Fitzpatrick | Comhalta Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin | Ar scor an 15 Aibreán 2025 |
| Ultan Courtney | Cathaoirleach Iarnród Éireann | Ceapadh é an 11 Feabhra 2026 |
| Stephen Hannan | Comhalta is Oibrí | Ar scor an 30 Samhain 2025 |
| Dermot Healy | Comhalta is Oibrí | Athcheapadh é an 1 Nollaig 2025 |
| Miriam Hughes | Cathaoirleach Bhus Éireann | |
| John McDonnell | Comhalta Sinsearach Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin | Ceapadh é an 16 Aibreán 2025 |
| Brendan McInerney | Comhalta is Oibrí | Ceapadh é an 1 Nollaig 2025 |
| Steve Murphy | Cathaoirleach Iarnród Éireann | D'éirigh sé as an 10 Feabhra 2026 |
| Niamh O'Regan | Comhalta Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin | |
| Liam O'Rourke | Comhalta Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin | |
| Gary Owens* | Cathaoirleach Bhus Átha Cliath | |
| Fiona Sweeney | Comhalta Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin | Ar scor an 15 Aibreán 2026 |
| Tommy Wynne | Comhalta is Oibrí | Athcheapadh é an 1 Nollaig 2025 |
| Brian Young | Comhalta is Oibrí | Ceapadh é an 1 Nollaig 2025 |

** Ceapadh an tUasal G. Owens ina Chathaoirleach ar daa in 2026. Leanfaidh an tUasal G. Owens ar aghaidh ina ról mar Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath ar bhonn eatramhach go dtí go gceapfar a chomharba.*

## Rúnaí an Bhoird

Edel McCormack
Stáisiún Heuston
Baile Átha Cliath 8

Teileafón: + 353 1 703 2008

# Coistí an Bhoird

| Coiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Liam O'Rourke | Cathaoirleach |
| Brian Fitzpatrick | D'éirigh as 15 Aibreán 2025 |
| Ray Gray | |
| John McDonnell | Ceaptha 4 Meitheamh 2025 |

| Coiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Fiona Sweeney | Cathaoirleach<br>D'éirigh as 15 Aibreán 2026 |
| Ultan Courtney | Ceaptha 1 Aibreán 2026 |
| Brian Fitzpatrick | D'éirigh as 15 Aibreán 2025 |
| Miriam Hughes | |
| Steve Murphy | D'éirigh as 10 Feabhra 2026 |
| Niamh O'Regan | D'éirigh as mar Chathaoirleach<br>15 Aibreán 2026 |
| Gary Owens | |
| Liam O'Rourke | Ceaptha 1 Aibreán 2026 |

| Coiste Luacha Saothair Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Brian Fitzpatrick | Cathaoirleach<br>D'éirigh as 15 Aibreán 2025 |
| John McDonnell | Cathaoirleach<br>Ceaptha 4 Meitheamh 2025 |
| Aidan Murphy | |
| Niamh O'Regan | |

| Coiste Straitéise Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Aidan Murphy | D'éirigh as mar Chathaoirleach<br>3 Nollaig 2025 |
| Fiona Sweeney | Ceaptha mar Chomhalta<br>2 Aibreán 2025<br>Ceaptha mar Chathaoirleach<br>3 Nollaig 2025 |
| Stephen Hannan | Ceaptha 2 Aibreán 2025<br>D'éirigh as 30 Samhain 2025 |
| Miriam Hughes | |
| Steve Murphy | D'éirigh as 10 Feabhra 2026 |
| Gary Owens | |
| Tommy Wynne | Ceaptha 3 Nollaig 2025 |

| Coiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ | |
|---|---|
| James Doran | Cathaoirleach<br>D'éirigh as 30 Samhain 2025 |
| Dermot Healy | Ceaptha mar Chathaoirleach<br>3 Nollaig 2025 |
| Liam O'Rourke | |
| Tommy Wynne | |

| Coiste Cibearshlándála Bhord CIÉ | |
|---|---|
| Jenne Pierce | Cathaoirleach |
| Jane Corr | |
| Scott Schulman | |
| John McCarthy | |
| David Fox | |
| Danny McCarthy | |
| Maura Solan | |
| Mike Harris | |
| Niamh Vianney Muldoon | |
| Bunaíofh an Coiste seo ar 12 Feabhra 2025 | |

**Iniúchóirí**

Forvis Mazars,
Bloc 3,
Ionad Fhearchair,
Bóthar Fhearchair,
Baile Átha Cliath 2.

**Aturnae**

Paul Neary,
Bridgewater House,
Droichead na hInse,
Baile Átha Cliath 8.

**Príomhbhaincéir**

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste,
Baile Átha Cliath 2.

**Lucht Bainistíochta an Ghrúpa**

| | |
|---|---|
| Stephen Kent | Príomhfheidhmeannach, CIÉ |
| Billy Hann | Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath |
| Jean O'Sullivan | Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann |
| Mary Considine | Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann |



## Aidan Murphy, Cathaoirleach

Ceapadh Aidan Murphy mar Chathaoirleach ar CIÉ ar feadh tréimhse cúig bliana le héifeacht ón 26 Meitheamh 2024. D'fhóin sé ar Bhord CIÉ cheana féin idir 2014 agus 2021. D'fhóin sé mar stiúrthóir ar bhord Bhus Éireann ó 2013 go 2021 agus bhí sé ina Chathaoirleach air ó 2014 go 2021. Ina theannta sin, bhí Aidan ar dhuine de chomhaltaí ainmnithe Bhord CIÉ de Choiste Scéim Aoisliúntais 1951 ó Iúil 2022 go Samhain 2023. Tá taithí fhairsing ag Aidan mar ghairmí sa slabhra soláthair tar éis poist a bheith aige mar Phríomhoifigeach Oibriúcháin Carlow Precast, mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Pulse Logistics, mar Stiúrthóir Bainistíochta Soláthair ag Grúpa C&C, mar Bhainisteoir Ginearálta Wincanton Ireland, mar Cheann Grúpa Lóistíochta ag Fyffes plc agus mar Stiúrthóir Lóistíochta ag Allegro Group. Bhí roinnt stiúrthóireachtaí aige i gcuideachtaí mar Urban Green Private, Roadbridge Holdings, Lucey Transport Logistics, FLI Global, M&M Walshe Group agus Allegro. Bhí sé ina phríomhchainteoir ag roinnt imeachtaí slabhra soláthair Eorpacha, lena n-áirítear Logicon agus Cruinniú Mullaigh Shlabhra Soláthair na hEorpa agus tá sé ina Chomhalta agus ina iar-Uachtarán ar Institiúid Cairte Lóistíochta agus Iompair Éireann.



## Dermot Healy

Ceapadh Dermot ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2021 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go dtí 2001. Tá sé ina thiománaí bus le Bus Éireann ag Iosta Bhaile an Róistigh i Luimneach. Thosaigh sé ag obair le CIÉ in 1983 mar fhreastalaí sóisearach proinnchairr agus ansin bhog sé go Rannóg na bPaisinéirí Bóthair an bhliain dár gcionn agus é i róil amhail Cúntóir Oifige agus Stiúrthóir Bus sular thosaigh sé ag obair mar thiománaí ó 1991 i leith. Tá páirt ghníomhach aige sa cheardchumann ina bhfuil sé, NBRU, ó 1997 nuair a toghadh ar dtús é ar choiste a chraoibhe ceantair. D'fhóin sé mar Leas-Chathaoirleach agus Cathaoirleach ar Chraobh Luimnigh sular toghadh ar an gComhairle Feidhmiúcháin Náisiúnta é in 1999. Is comhalta é d'Fhoireann Náisiúnta Caibidlíochta NBRU agus tá taithí fhairsing aige ar shaincheisteanna Caidrimh Thionsclaíoch lena n-áirítear roinnt babhtaí caibidlíochta leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre agus ag éisteachtaí de chuid na Cúirte Oibreachais.



## Ultan Courtney

Ceapadh Ultan Courtney ar Bhord Chóras Iompair Éireann ar feadh tréimhse bliana le héifeacht ón 11 Feabhra 2026 go dtí an 10 Feabhra 2027. Is ceannaire gnó agus speisialtóir Acmhainní Daonna le taithí é Ultan a bhfuil taifead fada de róil shinsearacha aige ar fud earnálacha poiblí agus príobháideacha na hÉireann. Faoi láthair, feidhmíonn sé mar Chathaoirleach ar Iarnród Éireann agus mar Chomhalta Boird de CIÉ, in éineacht lena bhallraíocht sa Choiste um Luach Saothair do Phoist Shinsearacha agus lena ról leanúnach mar Chathaoirleach ar an gCoimisiún um Pá Íseal.

Ó 2014 go 2021, bhí Ultan ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ina Stiúrthóir Neamhfheidhmeach ar Chuideachta Shealbhaíochta CIÉ, ag treorú forbairtí móra eagrúcháin agus rialachais ar fud na hearnála iompair. Tá sé freisin ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Courtney HR a bhunaigh sé in 2008, ag cur comhairle ar eagraíochtaí maidir le straitéis Bhainistíochta agus Acmhainní Daonna, caidreamh tionsclaíoch, forbairt ceannaireachta, agus athrú eagraíochtúil. Níos luaithe ina ghairm bheatha, bhí róil cheannaireachta AD sinsearacha ag Ultan lena n-áirítear Stiúrthóir Acmhainní Daonna Grúpa ag C&C Group plc, Ceann Caidrimh agus Oiliúna Fostaithe ag Superquinn, agus Bainisteoir Ginearálta HR i Rannán Táirgí Tomhaltóirí Waterford Foods. Chuir sé tús lena ghairmréim AD agus caidreamh Tionsclaíoch in IBEC áit a raibh róil iomadúla aige.

Cuimsíonn seirbhís phoiblí níos leithne Ultan ballraíocht ar Choimisiún Pá na hEarnála Poiblí, Binse Réitigh Díospóidí an Bhainc Ceannais, agus roinnt coistí laistigh de Dhlí-Chumann na hÉireann, Údarás Comhionannais, agus Institiúid Bainistíochta na hÉireann. Is idirghabhálaí creidiúnaithe é freisin, finné saineolach i nósanna imeachta fostaíochta, agus éascaitheoir arna cheapadh ag an gCúirt Oibreachais. Tá iliomad cáilíochtaí iarchéime aige sa dlí, sa rialachas, san eadráin, sa dlí fostaíochta, agus sa chóitseáil feidhmiúcháin ó institiúidí lena n-áirítear Dlí-Chumann na hÉireann, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath.



## Miriam Hughes

Ceapadh Miriam ar Bhord CIÉ an 26 Aibreán 2022. Is Stiúrthóir Cairte de chuid Institiúid na Stiúrthóirí í, is Comhairleoir Gnó Straitéiseach Neamhspleách í agus is Cathaoirleach agus Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin í.

Ceapadh Miriam ina Cathaoirleach ar bhord Bhus Éireann i mí Feabhra 2022. Tá sí ina comhalta den bhord sin ó 2019 agus d'fhóin sí mar Chathaoirleach ar Choiste Sábháilteachta agus Inrochtaineachta an Bhoird, mar chomhalta dá Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, dá Choiste Inbhuanaitheachta agus de Choiste Straitéise an Bhoird.

Tá Miriam ina Cathaoirleach Boird ar Chaighdeáin Fógraíochta na hÉireann faoi láthair, ina Cathaoirleach Boird ar Eir, ina Cathaoirleach ar thithe altranais CareChoice, agus ina Cathaoirleach agus ina banc lárnach atá faofa le haghaidh árachas Cornmarket.

Bhíodh Miriam ina Príomhfheidhmeannach ar DDFH&B, ceann de na grúpaí cumarsáide is mó in Éirinn, bhíodh sí ina Stiúrthóir Margaíochta le Nestlé, ina Ceannaire Cumarsáide le Banc na hÉireann agus bhí róil mhargaíochta eile aici le Smith & Nephew agus le AIB.

Is céimí de chuid UCD í Miriam agus tá céim Baitsiléara Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht aici. Bhíodh sí ina Cathaoirleach ar Charthanas Barnardo's in Éirinn, ina hUachtarán ar Institiúid Margaíochta na hÉireann, ina Cathaoirleach ar Chumann Fógróirí na hÉireann, ina comhalta de chomhairle Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath, ina comhalta de bhord Fhoras Ospíse na hÉireann agus ina iarchomhalta de chomhairle Institiúid Bainistíochta na hÉireann.



## John McDonnell

Ceapadh John McDonnell ar an mbord i mí Aibreáin 2025 áit a bhfuil sé ina Stiúrthóir Neamhspleách Sinsearach, ina Chathaoirleach ar an gCoiste Luach Saothair agus ina bhall den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca. Tá sé ina Stiúrthóir agus ina Chathaoirleach freisin ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Iarnród Éireann. Is Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleách é John a bhfuil an-taithí aige agus is comhalta boird é de Chomhairle Institiúid Stiúrthóirí na hÉireann agus suíonn sé ar a Choiste Airgeadais agus Rialachais. I measc a róil Neamhfheidhmiúcháin Neamhspleácha fairsing tá: Stiúrthóir agus Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta Ghrúpa Tógála Collen agus Amharclann an Gheata; Cathaoirleach Choiste Iniúchóireachta Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí; comhalta de Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Institiúid Ard-Léinn Bhaile Átha Cliath; agus comhairleoir do Choiste Riosca agus Iniúchóireachta Bhord na Móna. Is comhpháirtí PwC ar scor é John agus is saineolaí iniúchóireachta, cuntasaíochta, riosca, rialála agus rialachais chorparáidigh é. Ba é an príomh-chomhpháirtí iniúchóireachta é ar na hiniúchtaí domhanda is mó agus is casta ag PwC Ireland ar fud seirbhísí airgeadais agus seirbhísí neamhairgeadais araon. Chuir sé réimse iomlán na seirbhísí comhairliúcháin ar fáil do na cliaint seo freisin. I measc a róil cheannaireachta PwC bhí Cathaoirleach Ghnólacht na hÉireann, Ceannaire Riosca agus Rialála FS, Ceannaire Seirbhísí Comhairleachta Cuntasaíochta Domhanda d'Éirinn agus Cathaoirleach Ghrúpa Cuntasaíochta an Tionscail Bhaincéireachta Dhomhanda.



## Brendan McInerney

Ceapadh Brendan McInerney ina chomhalta de Bhord CIÉ i mí na Nollag 2025 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 - 2001.

Tiománaí bus is ea Brendan i nGaráiste Dhomhnach Broc. Tá sé in bhall de SIPTU agus bhí réimse leathan post aige le thar 25 bliain, Uachtarán ar Choiste na dTiománaithe Bus, ina chomhalta de Choiste na hEarnála Iompair, agus ina ionadaí Iosta i measc eile.



## Niamh O'Regan

Athcheapadh Niamh O'Regan ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2022. Tá sí ina comhalta de Choiste Airgeadais agus Infheistíochta Bhord CIÉ agus Coiste Luacha Saothair Bhord CIÉ. Is Comhchuntasóir Cairte de chuid Chuntasóirí Cairte Éireann í Niamh, tar éis di oiliúint a fháil le PWC i mBaile Átha Cliath, i Londain agus sa Bhruiséil.

Tá taithí ghairmiúil ag Niamh ar bhreis agus 30 bliain lena n-áirítear mar Cheann Feidhmíochta Gnó i mBanc Barclays PLC, Londain agus mar Cheann Bainistíochta Gnó i mBanc Barclays Ireland PLC.

Tá 12 bliain de thaithí ag Niamh mar INED. Is INED lánaimseartha í agus i measc a stiúrthóireachtaí reatha eile tá Riverstone Insurance Ireland áit a bhfuil sí ina Cathaoirleach ar an mBord chomh maith le CACI (Credit Agricole Group) BBPM Life (Banco BBPM Group), Darnell and Vartry (BNP Paribas Group), XL Re Europe SE (AXA Group) agus Drivalia Lease Ireland (Credit Agricole Group).

Tá dintiúir ag Niamh le déanaí i mBainistíocht Riosca, Comhlíonadh, Dlí Árachais agus mar Stiúrthóir Bainc Deimhnithe.

Tá dintiúir ag Niamh le déanaí i mBainistíocht Riosca, Comhlíonadh, ESG agus Dlí Árachais agus mar Stiúrthóir Bainc Deimhnithe.



## Liam O'Rourke

Athcheapadh Liam O'Rourke ar Bhord CIÉ i Meán Fómhair 2024. Tá Liam ina Chathaoirleach ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ agus ina bhall de Choiste Inbhuanaitheachta CIÉ agus ina iarbhall de choiste Pinsean CIÉ. Tá sé ina Chomhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann ó 1988. Bhí poist shinsearacha feidhmiúcháin aige le cuideachtaí déantúsaíochta ilnáisiúnta na Stát Aontaithe le breis agus 30 bliain anuas agus bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais ar fhochuideachta Éireannach Champion Spark Plug Company. Tá taithí fhairsing aige ar Airgeadas, Státchiste, Pinsin, Acmhainní Daonna agus TFC. Bhí róil shinsearacha Airgeadais agus Rialachais aige laistigh den earnáil Forbartha Maoine. Faoi láthair tá comhairleacht phríobháideach ar leibhéal sinsearach á cur ar fáil i riachtanais Airgeadais agus Rialachais.



## Gary Owens

Ceapadh Gary Owens ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath i mí na Bealtaine 2022. Tá sé ina Chathaoirleach freisin ar Choiste Straitéise agus Inbhuanaitheachta Bhord Bhus Átha Cliath. Tá taithí fhairsing aige ar sheirbhísí airgeadais ar leibhéal an Bhoird agus an Fheidhmeannais Shinsearaigh agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Hibernian Insurance agus IFG Ireland. D'fhóin sé freisin mar Stiúrthóir Neamhspleách ar AIG Ireland agus AIG International, áit a raibh sé ina chomhalta den Choiste Iniúchóireachta agus ina Chathaoirleach ar an gCoiste Infheistíochta. Bhí Gary ina Stiúrthóir ar Leaseplan Insurances áit a raibh sé ina chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus ar an gCoiste Riosca. Faoi láthair tá sé ina Chathaoirleach ar Diona DAC agus ICare Capital Partners.

Tá roinnt ról comhlíonta aige i réimse an spóirt: bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin Eatramhach ar Chumann Peile na hÉireann agus ar Lúthchleasaíocht Éireann araon agus bhí sé ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Down Syndrome Ireland.

Is Árachóir Cairte é Gary agus tá sé ina chomhalta den Institiúid Árachais Cairte.



## Fiona Sweeney

Ceapadh Fiona Sweeney ar Bhord CIÉ i mí Aibreáin 2019 agus athcheapadh í i mí Aibreáin 2022.

Tá sí ina Cathaoirleach ar Choiste Airgeadias agus Infheistíochta Bhord CIÉ agus ina Cathaoirleach ar Choiste Straitéise Bhord CIÉ le linn 2025. Is gairmí i réimse na hinfheistíochta í Fiona a bhfuil taithí níos mó ná 30 bliain aici sa tionscal bainistíochta sócmhainní. Bhí róil feidhmiúcháin agus boird aici i ngnóthais infheistíochta ceannródaíocha Éireannacha le 20 bliain anuas. Sna róil sin, bhí sí freagrach as straitéisí gnó éifeachtacha a fhorbairt, a chur in iúl agus a chur chun feidhme. Tá an-eolas aici ar mhargaí pinsin agus infheistíochta, agus tá taithí mhór aici i réimsí an rialachais chorparáidigh agus na comhlíontachta. Tá Fochéim agus Céim Mháistir san Eacnamaíocht ag Fiona ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus tá Dioplóma i Stiúradh Cuideachta bronnta ag Institiúid na Stiúrthóirí uirthi.



## Tommy Wynne

Ceapadh Tommy Wynne ar Bhord CIÉ den chéad uair i mí na Nollag 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977-2001 agus athcheapadh é roinnt uaireanta le déanaí i mí na Nollag 2025.

Thosaigh sé a ghairmréim le hIarnród Éireann i 1991 mar fhear iosta sula ndeachaigh sé ar aghaidh chun oiliúint a chur ar thiománaí i 1994.

Tá Ard-Dioplóma i mBainistíocht Idirnáisiúnta Iarnróid ag Tommy ó Ollscoil Chaledonian Ghlaschú. Is idirghabhálaí cáilithe é freisin agus is ball cláraithe é d'Institiúid Idirghabhálaithe na hÉireann (MII). Tá Teastas i mBainistíocht Inbhuanaitheachta Gnó díreach curtha i gcrích aige freisin le hOllscoil Cambridge.

Agus é ina cheannaire ceardchumainn le fada an lá, bhí Tommy ina Uachtarán ar Rannán SIPTU TEAC ar feadh 12 bhliain. Faoi láthair tá sé ina chathaoirleach ar Earnáil Iompair SIPTU agus suíonn sé ar Fheidhmeannacht Náisiúnta SIPTU (NEC).



## Brian Young

Ceapadh Brian Young ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2025 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977-2001. Thosaigh Brian in CIÉ i 1982 mar stiúrthóir bus i nGarraí Chluain Tarbh, rinneadh tiománaí bus de i 1986, an bhliain a bunaíodh Bus Átha Cliath.

D'aistrigh Brian go hIosta Chnoc an tSamhraidh i 1988, áit a bhfuil sé fós lonnaithe. Toghadh Brian mar ionadaí NBRU in 2009, rinneadh Rúnaí Brainse Bhus Átha Cliath NBRU de in 2014, agus in 2018 toghadh é mar Fheidhmeannach Náisiúnta NBRU in Iosta Chnoc an tSamhraidh.

## An Bord

Suas le dáréag Comhaltaí atá ar an mBord agus is é an Rialtas a cheapann iad. Tá ceathrar Oibrithe ina gComhaltaí Boird, arna gceapadh ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana, i ndiaidh toghchán i measc bhaill foirne Ghrúpa CIÉ. Tá cúigear Comhaltaí neamhfheidhmiúcháin agus Cathaoirligh Bhus Átha Cliath, Bhus Éireann agus Iarnród Éireann ar an mBord freisin.

Buaileann comhaltaí an Bhoird le chéile seacht n-uaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus ag amanna eile de réir mar is gá. Tá sceideal foirmiúil ag an mBord d'ábhair ar leith nach mór dó cinneadh a dhéanamh ina dtaobh, lena n-áirítear formheas a dhéanamh ar na ráitis airgeadais bhliantúla, an buiséad, an plean corparáideach, gnóthachain agus diúscairtí móra, infheistíochtaí, ceapadh Príomhfheidhmeannaigh agus mórbheartais Ghrúpa CIÉ. Tá próiseas cuimsitheach ag Grúpa CIÉ chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhord ar bhonn tráthrialta. Déanann an Bord athbhreithniú ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid agus na réamhaisnéise ar bhonn tréimhsiúil.

Bíonn fáil ag gach Comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí ó Rúnaí an Ghrúpa.

Amhail an 31 Nollaig 2025, ní raibh aon fholúntais Bhoird ann.

Bhí comhdhéanamh de 25% de na Comhaltaí baineanna agus 75% de na Comhaltaí fireanna ar an Bhord.Mar sin ní chomhlíonann an Bord sprioc an Rialtais i dtaobh ionadaíocht 40% ar a laghad a bheith ag gach inscne ar na Boird Stáit. Is faoin Rialtas atá sé Comhaltaí Boird CIÉ a cheapadh. Bíonn breithniú ar chothromaíocht inscne i measc ábhar eile san áireamh ag CIÉ ina chuid tuairimí a bhaineann le ceapacháin chuig an mBord.

Gan na Comhaltaí Oibrí a áireamh, ba é 38% baineann agus 62% fireann an comhdhéanamh an 31 Nollaig 2025.

## Coistí Boird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Is iad seo atá ann Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (féach thíos), Coiste Luacha Saothair, Coiste Airgeadais agus Infheistíochta, Coiste Straitéise, Coiste Inbhuanaitheachta agus Coiste Cibearshlándála.

### An Fhoireann Ardbhainistíochta

Tá Foireann Ardbhainistíochta Eintiteas CIÉ (an tEintiteas) freagrach as bainistíocht laethúil a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí an Eintitis mar a tharmligeann an Bord dó.

Tá an Fhoireann Ardbhainistíochta á rialú ag struchtúr eagraíochta atá ceaptha chun freastal ar riachtanais na heagraíochta i réimsí lena n-áirítear Airgeadas, Iniúchóireacht nmheánach, Rúnaíocht Chuideachta, Réadmhaoin, Acmhainní Daonna, Teicneolaíocht na Faisnéise, Pinsin, Imscrúduithe agus Éilimh, Inbhuanaitheacht agus Dlí. Ina theannta sin, tá an tEintiteas freagrach as comhordú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí ó thaobh tuairiscithe agus rialachais i ndáil le Grúpa Cuideachtaí CIÉ.

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CIR agus is beirt Comhaltaí Boird Neamhfheidhmiúcháin atá air faoi láthair, agus Comhalta seachtrach. Tháinig an Coiste le chéile seacht n-uaire in 2025.

Áirítear leis na príomhdhualgais atá ar CIR maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh Ghrúpa CIÉ leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúchóra sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú.

Déanann CIR plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta agus faoi thorthaí an iniúchta. Ina theannta sin, déanann an Coiste athbhreithniú ar na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag Grúpa CIÉ.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, Forvis Mazars, in 2025 tar éis próiseas tairisceana. Mhol CIR don Bhord gur cheart Mazars a athcheapadh go foirmiúil i leith na bliana dar chríoch an 31 Nollaig 2025. Níorbh ann do cheanglais chonartha ar bith lenar cuireadh srian ar CIR maidir leis an moladh sin a dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a sholáthraíonn Forvis Mazars, tar éis a cheaptha chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamhiniúchóireachta dar luach €222k ar fáil don Ghrúpa in 2025. Tar éis breithniú a dhéanamh ar an gcaidreamh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann CIR go bhfágann cineál ná fairsinge na hoibre breise ar tugadh fúithi go gcuirtear isteach ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí.

Tá rochtain iomlán gan bhac ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar leibhéal an Ghrúpa ar CIR. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe áirithe de chuid CIR agus buaileann siad leis an gCoiste ar bhonn bliantúil gan an lucht bainistíochta a bheith i láthair chun féachaint chuige gur féidir leis na hiniúchóirí aon ábhar a phlé faoi rún.

Coinníonn CIR faoi athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta rioscaí Ghrúpa CIÉ trí bhreithniú a dhéanamh ar an obair a dhéanann na Coistí Iniúchóireachta agus Riosca de chuid fhochuideachtaí oibríocha Ghrúpa CIÉ agus trí theacht go chéile go tráthrialta le lucht ardbhainistíochta CIÉ. Coinníonn Cathaoirleach an ARC teagmháil rialta le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta agus Riosca fhochuideachtaí oibriúcháin Ghrúpa CIÉ.

Chomh maith leis sin, déanann CIR formheas ar chláir oibre na hiniúchóireachta inmheánaí do Ghrúpa CIÉ, buaileann sé go tráthrialta le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla a dtugtar fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo. Coinníonn CIR faoi athbhreithniú freisin rialuithe, nósanna imeachta agus beartais a bhaineann le comhlíonadh, sceithireacht agus calaois. Déanann CIR athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha agus déanann sé moltaí maidir leis na gníomhaíochtaí rialaithe de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016.

### An Coiste Airgeadais agus Infheistíochta (CAI)

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag CAI agus is cúigear Comhaltaí Boird atá air faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile ceithre uair in 2025.

Déanann CAI faireachán ar infheistíocht straitéiseach fhéin-chistithe agus ar inbhuanaitheacht airgeadais Ghrúpa CIÉ.

### An Coiste Luacha Saothair

Tá Téarmaí Tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Luacha Saothair agus is triúr Comhaltaí Boird atá air faoi láthair. Tháinig an coiste le chéile faoi thrí in 2025.

Baineann príomhdhualgais an Choiste Luacha Saothair le cur chun feidhme bheartas an Rialtais maidir le luach saothair Comhaltaí Boird, Phríomhfheidhmeannach CIÉ agus daoine a thuairiscíonn go díreach chuig Príomhfheidhmeannach CIÉ, agus pleanáil comharbais san Eintiteas.

### Coiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ

Tá Téarmaí Tagartha scríofa ag an gCoiste seo agus tá triúr Comhaltaí Boird ann. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire in 2025.

Is é príomhdhualgas an Choiste maoirseacht a dhéanamh ar Straitéis Inbhuanaitheachta an Ghrúpa lena n-áirítear a ailíniú ar fud Cuideachtaí Oibriúcháin agus a chomhtháthú i straitéis ghrúpa níos leithne. Déanann sé athbhreithniú ar phríomhtháscairí feidhmíochta, ar dhul chun cinn i gcoinne spriocanna, agus ar chur i bhfeidhm na straitéise inbhuanaitheachta agus déanann sé moltaí do Bhord CIÉ nuair is cuí.

### Coiste Straitéise Bhord CIÉ

Tá Téarmaí Tagartha scríofa ag an gCoiste seo agus tá seisear Comhaltaí Boird ann faoi láthair. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire in 2025.

### Coiste Cibearshlándála Bhord CIÉ

Tá Téarmaí Tagartha scríofa ag an gCoiste seo agus tá sé comhdhéanta faoi láthair de stiúrthóirí nó ionadaithe seachtracha ó gach ceann de na Cuideachtaí Oibriúcháin agus baill de na foirne bainistíochta. Tháinig an Coiste le chéile trí huaire in 2025.

Is é príomhdhualgas an Choiste rialachas, maoirseacht agus treoir straitéiseach a sholáthar maidir le straitéisí bainistíochta riosca cibearshlándála, cosanta sonraí agus athléimneachta Ghrúpa CIÉ. Cinntíonn sé go ndéantar rioscaí cibearshlándála a bhainistiú go héifeachtach, go bhforfheidhmítear beartais agus go gcoinnítear comhlíonadh le caighdeáin dhlíthiúla, rialála agus tionscail.

## Tuarascáil ó Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ

Tá áthas orm tuarascáil an Choiste a chur i láthair, ina dtugtar léargas ar na príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2025 agus ina leagtar amach na príomhthosaíochtaí don bhliain 2026. Tá an Coiste seo á rialú ag Téarmaí Tagartha cuimsitheacha scríofa, a bhfuil cóip díobh ar fáil ar shuíomh gréasáin CIÉ. Ó thaobh maoirseachta de, braitheann an Coiste ar an obair a dhéanann Coistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí oibriúchán. Tháinig an CIR CIÉ le chéile seacht n-uaire in 2025. Coinním teagmháil rialta le Cathaoirligh Choistí Iniúchóireachta agus Riosca na

bhfochuideachtaí oibriúcháin i rith na bliana. Bhuaileamar go léir le chéile faoi thrí in 2025 agus fuair an Coiste tuarascáil bhliantúil ó Chathaoirligh gach ceann de Choistí Iniúchóireachta agus Riosca na bhfochuideachtaí oibriúcháin ag a chruinniú an 22 Deireadh Fómhair 2025. Is Comhaltaí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin Boird nó Comhaltaí seachtracha iad comhaltaí uile an Choiste, agus tá taithí airgeadais le déanaí agus ábhartha ag an gCathaoirleach.

## Príomhghníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu le linn 2025

Leanann an Coiste de phríomhról a bheith aige i dtaobh an rialachais agus déanann sé athbhreithniú thar ceann an Bhoird ar ábhair thábhachtacha a bhaineann le tuairisciú airgeadais, dearbhú rialuithe inmheánacha, bainistíocht riosca agus comhlíonadh dlíthe agus rialachán. Lean sé ar aghaidh ag díriú ar na hábhair sin in 2025. Bhí obair an Choiste dírithe freisin ar na rioscaí atá roimh an ngnó, ionas go bhféadfadh sé teacht ar thuiscint níos fearr ar chineál na rioscaí sin agus dearbhú a thabhairt don Bhord maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha gaolmhara.

Thug an Coiste faoi na príomhghníomhaíochtaí seo a leanas in 2025:

### Gníomhaíochtaí feabhsaithe comhordaithe agus dearbhaithe:

- Idirchaidreamh leanúnach le Coistí Iniúchóireachta agus Riosca Cuideachtaí Oibriúcháin uathrialaitheacha, ag éascú malartú faisnéise maidir lena bhfreagrachtaí neamhspleácha maidir le rialú inmheánach, bainistiú riosca agus córais dearbhaithe. Pléadh ábhair ábhartha le bainistíocht an Ghrúpa agus Iniúchadh Inmheánach an Ghrúpa (GIA). Is tosaíocht fheiceálach é an ról idirchaidrimh seo don Choiste, ag cinntiú comhordú éifeachtach agus feasacht riosca ar fud an Ghrúpa.
- Chuaigh siad i dteagmháil le GIA maidir lena straitéis fhadtéarmach agus thiomáin siad fócas leanúnach ar mholtaí iniúchta inmheánaigh oscailte agus thar téarma a réiteach ar fud an Ghrúpa.

### Inbhuanaitheacht agus Comhlíonadh Rialála:

- Cur i láthair faighte agus athbhreithnithe ar chreataí tuairiscithe inbhuanaitheachta, lena n-áirítear an Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) agus Tacsanomaíocht AE. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh go 2026 chun ullmhacht a chinntiú maidir le comhlíonadh na Treorach um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD).

### Cibearshlándáil agus Bainistíocht Riosca Gnó-Shonrach:

- Fuarthas faisnéisiú ar bhagairtí cibearshlándála, agus díríodh ar an earnáil iompair agus ar straitéisí bainistithe riosca an Ghrúpa.
- Athbhreithniú déanta ar rioscaí a bhaineann go sonrach le CIÉ Tours, bunaithe ar chur i láthair ón rannán.
- Rinneadh athbhreithniú ar straitéis árachais an Ghrúpa.

### Rialachais agus Beartais Nuashonruithe:

- Athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar bheartais rialachais chorparáidigh na máthairchuideachta, lena n-áirítear Polasaithe Cosanta Sonraí, Frithéillithe agus Frith-Bhrioblóireachta, agus Nochtadh Cosanta.

### Iniúchadh agus Tuairisciú Riosca:

- Críochnaíodh an próiseas tairisceana iniúchóireachta seachtraí le dámhachtain bronntha ar feadh trí bliana le rogha dhá bhliain breise.
- Athbhreithniú agus beachtú ar fhormáid tuairiscithe riosca a thionscnamh chun soiléireacht agus éifeachtacht a fheabhsú.

### Rinneadh Breithiúnais Chuntasaíochta ar Nithe Tábhachtacha, Aithníodh Príomhbhoinn Tuisceana agus Rinneadh Meastacháin i gComhair Ráitis Airgeadais 2025

D’athbhreithnigh an Coiste na príomhbhoinn tuisceana agus na meastacháin is bonn leis na mór-réimsí breithiúnais seo a leanas mar a leagtar amach sna Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais seo:

- Gnóthas Leantach.
- Toimhdí pinsin FRS102 imní a cuireadh in iúl don Bhord maidir le toilithe Aire fós le réitach agus Ionstraimí Reachtúla chun athruithe comhaontaithe ar an dá scéim pinsin a achtú.
- Soláthairtí i dtaobh éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dhliteanas fostóra.

## Éifeachtacht an Choiste

Ceann de Théarmaí Tagartha an Choiste is ea go gcoinneoidh sé athbhreithniú leanúnach ar a fheidhmíocht. Rinne an Coiste athbhreithniú inmheánach ar a fheidhmíocht in 2025.

Bhunaigh an Coiste na tosaíochtaí seo a leanas do 2026:

- Maoirseacht chuimsitheach a choinneáil ar a Chlár Oibre Rollach agus ar a Théarmaí Tagartha.
- Comhoibriú láidir a chothú, lena n-áirítear comhroinnt eolais, ar fud an Ghrúpa, lena n-áirítear cumarsáid rialta agus malartú dea-chleachtais a éascú i measc Chathaoirligh an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC).
- Tuiscint agus ullmhacht do thopaicí criticiúla a fheabhsú trí phlé domhain, obair forbartha, agus oiliúint spriocdhírithe agus cur i láthair iniúchóra sheachtraigh nó speisialtóra do phríomhréimsí, lena n-áirítear:
    - Beartas agus Rialachas na hIntleachta Saorga (IS). Tionóladh seimineár do bhaill an Ghrúpa ARC ar an 21 Eanáir 2026, bhí an téama ar fhorbairt A.I. laistigh de CIÉ ag díriú ar rioscaí agus ullmhacht.
    - An Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD) agus Tacsanomaíocht AE.
    - Cur i bhfeidhm chóras nua bainistíochta Iniúchóireachta Inmheánaí an Ghrúpa (GIA).
- Córas Bainistíochta Riosca nua agus úsáid anailíseach sonraí feabhsaithe a chur i bhfeidhm.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí eile an Choiste as a gcuid oibre agus a dtacaíocht i rith na bliana agus as an léargas a chuir siad ar fáil dom.

**Liam O'Rourke**
*Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca Bhord CIÉ*

## Tuarascáil Choiste Boird Cibearshlándála CIÉ

Bunaíodh Coiste Bhord Cibearshlándála CIÉ tar éis faomhadh ó Bhord CIÉ an 12 Feabhra 2025. Is é cuspóir an choiste rialachas, maoirseacht agus treoir straitéiseach a sholáthar maidir le straitéisí bainistíochta riosca cibearshlándála, cosanta sonraí agus athléimneachta Ghrúpa CIÉ. Cinntíonn sé go ndéantar rioscaí cibearshlándála a bhainistiú go héifeachtach, go bhforfheidhmítear beartais agus go gcoinnítear comhlíonadh le caighdeáin dhlíthiúla, rialála agus tionscail. Tá na nithe seo a leanas ar an gCoiste:

- Cíbirseaimpín ag déanamh ionadaíocht ar Chuideachta Shealbhaíochta CIÉ Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, agus CIÉ Tours agus
- Feidhmeannach ó gach ceann de na Cuideachtaí Oibriúcháin, Cuideachta Shealbhaíochta CIÉ agus Turais CIÉ

Is é raon feidhme an Choiste díriú ar na cuspóirí straitéiseacha mar a chomhaontaigh na Boird, an ÚNI agus an Roinn Iompair agus tacú le comhroinnt faisnéise a bhaineann le haon rioscaí slándála nó teicneolaíochta a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an eagraíocht fhoriomlán nó ar an iliomad Cuideachtaí Oibriúcháin. Soláthraíonn sé maoirseacht ar chomhlíonadh rialachán agus na sceidil Chibearshlándála atá i gConarthaí Dámhachtana Díreacha an NTA leis na Cuideachtaí Oibriúcháin.

Clúdaíonn sé slándáil Teicneolaíochta Faisnéise (TF) agus Teicneolaíochta Oibríochtúla (OT) araon.

Feidhmíonn an Coiste faoi údarás Bhord CIÉ agus tá sé de chumhacht aige:

- Faigh rochtain ar an bhfaisnéis uile is gá a bhaineann le rioscaí agus tionscnaimh chibearshlándála.
- Comhairleoirí seachtracha nó sainchomhairleoirí a fhostú chun sainchomhairle a fháil nuair is gá.
- Moltaí a dhéanamh do Bhord CIÉ maidir le beartais, straitéisí agus infheistíochtaí cibearshlándála.
- Creataí, beartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcibearshlándáil a athbhreithniú agus a cheadú laistigh dá shainordú.
- Tuairisc a thabhairt do Bhord CIÉ maidir le rioscaí cibearshlándála agus straitéisí maolaithe molta.

Tá Coiste Bhord Cibearshlándála CIÉ cuntasach as na cinntí seo a leanas:

1. An Clár, an Straitéis agus an Treochlár Cibearshlándála bliantúil a athbhreithniú agus a fhaomhadh
2. Athruithe ar dhúil riosca, ar pholasaithe nó ar chaighdeáin agus ar straitéisí nó ar phleananna a athbhreithniú agus a mholadh
3. Athbhreithniú a dhéanamh ar Pholasaí Riosca Faisnéise an Ghrúpa agus é a mholadh lena fhaomhadh ag Bord CIÉ
4. Glacadh/diúltú do thograí arna gcur isteach ag an nGrúpa Stiúrtha um Riosca Faisnéise (IRSG)

Tionóltar na cruinnithe gach ráithe, agus bhí a chéad chruinniú ag an gCoiste an 6 Meitheamh 2025. Tá an chéad chruinniú do 2026 sceidealta don 18 Márta.

Ábhair a clúdaíodh in 2025

- Staid reatha iarrachtaí cibearshlándála gach Cuideachta
- Athbhreithniú ar choistí agus ar mheithleacha cibearghaolmhara na heagraíochta, agus a bhfreagrachtaí tuairiscithe faoi seach
- Teimpléad le haghaidh cibear-thuairisciú ar leibhéal an bhoird
- Dearcadh comhroinnte ar NIS2 agus cur chuige comhchoiteann riosca a ghlacadh
- Fadhbanna atá ag teacht chun cinn

Táim buíoch de mo chomhbhaill den Choiste as a n-ionchur, a saineolas agus a dtacaíocht chuiditheach i rith na bliana.



**Jenne Pence**
*Cathaoirleach ar Choiste Cibearshlándála Bhord CIÉ*

## Tuarascáil Choiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ

Tá áthas orm tuarascáil an Choiste Inbhuanaitheachta a chur i láthair, ina leagtar amach na príomhghníomhaíochtaí a rinneadh in 2025 agus na tosaíochtaí a sainaithníodh do 2026. Arna bhunú ag an mBord i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun teacht i gcomharbacht ar an nGrúpa Comhairleach um Inbhuanaitheacht, thionóil an Coiste a chéad chruinniú an 25 Feabhra 2025.

Tá an Coiste comhdhéanta de Chomhaltaí Boird CIÉ, roinn Inbhuanaitheachta CIÉ, agus ionadaithe Inbhuanaitheachta ó gach Cuideachta Oibriúcháin.

Braitheann an Coiste ar obair na bhfeidhmeanna inbhuanaitheachta agus fuinnimh ar fud na gCuideachtaí Oibriúcháin agus díríonn sé ar straitéis inbhuanaitheachta ar fud an Ghrúpa, ullmhacht rialála, agus feidhmíocht i gcoinne cuspóirí aeráide agus fuinnimh. Is é an ról atá aige comhairle agus moltaí a thabhairt maidir le cúrsaí ESG, rioscaí agus deiseanna inbhuanaitheachta, beartas, straitéis, spriocanna agus feidhmíocht ar fud an Ghrúpa.

### Príomhghníomhaíochtaí ar tugadh fúthu le linn 2025

- **Tuairisciú Ullmhachta agus Inbhuanaitheachta CSRD:** Fuair an Coiste an t-eolas is deireanaí maidir le hullmhacht tuairiscithe Ghrúpa CIÉ i gcoinne na n - oibleagáidí tuairiscithe faoin Treoir um Thuairisciú Inbhuanaitheachta Corparáidí (CSRD). I measc na n-ábhar bhí struchtúr rialachais, nuashonruithe ar thionscadail ullmhachta tuairiscithe, agus an gá atá le hailíniú leanúnach idir feidhmeanna inbhuanaitheachta agus tuairiscithe airgeadais.
- **Léargais feidhmíochta agus luamháin dícharbónaithe:** Thug an Coiste faoi deara treochtaí bliain ar bhliain maidir le hastaíochtaí agus déine agus phléigh sé tiománaithe oibríochtúla (m.sh., úsáid shealadach busanna díosail níos sine mar gheall ar shaincheisteanna EV) agus úsáid cumaisc bhithbhreosla ar fud na gcabhlach.
- **Oibleagáid Breoslaí Iompair In-athnuaite (RTFO):** Bhí plé domhain ag an gCoiste ar chomhlíonadh RTFO agus impleachtaí airgeadais, le tacaíocht ó bhainisteoirí fuinnimh a bhí i láthair.
- **Rialachán maidir le Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIR):** Tugadh faoi deara measúnú tosaigh na Roinne Iompair ar athbhreoslú hidrigine agus ar bhonneagar gaolmhar, le CIÉ ag gabháil tríd an bpróiseas beartais.

- **Bithéagsúlacht:** Phléigh an Coiste tionscadail leanúnacha bhithéagsúlachta atá á seachadadh trí Maoin Ghrúpa Iarnród Éireann agus CIÉ, ag díriú ar chaipiteal nádúrtha a mhéadú ar fud thailte faoi úinéireacht CIÉ.
- **Rannpháirtíocht ar fud an Ghrúpa:** D'fhostaigh an Coiste ionadaithe Cuideachta Oibriúcháin agus bainisteoirí fuinnimh (lena n-áirítear ionadaithe ó Iarnród Éireann, Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus CIÉ Tours) chun ailíniú ar fud an Ghrúpa agus foghlaim roinnte ar sheachadadh, srianta agus deiseanna dícharbónaithe a chinntiú.
- **Peirspictíochtaí Seachtracha agus Óige:** I measc roinnt cruinnithe bhí rannpháirtíocht ag duine ón taobh amuigh agus ionadaí ó Bhord na hÓige chun peirspictíochtaí maidir le tosaíochtaí inbhuanaitheachta agus ionchais pháirtithe leasmhara fadtéarmacha a leathnú.
- **Maoirseacht ar an gCiste Inbhuanaitheachta:** Cuireadh nuashonruithe rialta ar fáil don Choiste maidir le tionscadail agus tionscnaimh a maoiníodh trí Chiste Inbhuanaitheachta CIÉ.

## Breithiúnais Shuntasacha Inbhuanaitheachta agus Príomh-thoimhdí

Bhreithnigh an Coiste príomhthoimhdí agus éiginnteachtaí atá mar bhonn agus mar thaca ag pleanáil agus tuairisciú inbhuanaitheachta, lena n-áirítear:

- Amlínte CSRD agus an gá atá le cur chun feidhme céimnithe.
- Éiginnteachtaí a bhaineann le hinfhaighteacht breosla, ionchuir RTFO atá ag teacht chun cinn, agus tionchair astaíochtaí.
- Spleáchais oibríochtúla a dhéanann difear do sheachadadh dícharbónaithe, lena n-áirítear srianta teicniúla ag Cuideachtaí Oibriúcháin.

Mo bhuíochas le comhbhaill an Choiste as a dtacaíocht leanúnach agus as an méid luachmhar a rinne siad.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le James Doran, Cathaoirleach an Choiste in 2025, as a mhaoirseacht agus a cheannaireacht i rith na bliana.



**Dermot Healy**

*Cathaoirleach Choiste Inbhuanaitheachta Bhord CIÉ*

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach

### Raon Feidhme na Freagrachta

D'ullmhaigh gach ceann d'fhochuideachtaí Ghrúpa CIÉ (an Grúpa) Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, atá formheasta ag a mbord féin. Ina theannta sin, tá Ráiteas faoin Rialú Inmheánach ullmhaithe ag Cuideachta Sealbhaíochta CIÉ, (an tEintiteas), CIÉ Tours san áireamh. Baineann an ráiteas seo a leanas go sonrach leis an Eintiteas agus tá sé formheasta ag Bord CIÉ.

Aithníonn an tEintiteas an fhreagracht atá air as a áirithiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, 2016. Rinne an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR) agus Bord CIÉ athbhreithniú ar an ráiteas seo lena áirithiú go léirítear go cruinn ann an córas rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Rinne na hiniúchóirí seachtracha athbhreithniú ar an ráiteas seo freisin lena áirithiú go bhfuil sé ag teacht leis an eolas atá acu óna n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais,

### Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha chun riosca a bhainistiú ionas go mbeidh sé ar leibhéal inghlactha, agus ní chun fáil réidh leis ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha á gcosc nó á mbrath go tráthúil.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin agus an Roinn Airgeadais, i bhfeidhm san Eintiteas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 agus go dtí an dáta ar a ndearnadh na ráitis airgeadais a fhormheas.

### An Acmhainneacht i dtaobh Riosca a Láimhseáil

Tá Téarmaí Tagartha scríofa ag an ARC agus tá sé comhdhéanta faoi láthair de bheirt Chomhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin agus Comhalta seachtrach a bhfuil gach duine acu neamhspleách ar an mbainistíocht, ar chathaoirleach Bhord CIÉ agus ar na hiniúchóirí seachtracha.

| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach sócmhainní seasta inláimhsithe | | (573,819) | (420,504) |
| Ceannach sócmhainní seasta doláimhsithe | | (9,285) | (8,025) |
| Fáltas ar dhiúscairt sócmhainní seasta inláimhsithe | | 19 | 664 |
| Fáltas ó dheontais Stáit agus deontais ón Aontas Eorpach | | 553,545 | 409,834 |
| Ús faighte | | 5,395 | 7,366 |
| **Airgead glan arna úsáid sna gníomhaíochtaí infheistíochta** | | **(24,145)** | **(10,665)** |
| | | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Aisíocaíocht iasachtaí bainc | | – | (8,000) |
| Ús íoctha | | (601) | (807) |
| **Airgead glan arna úsáid i ngníomhaíochtaí maoinithe** | | **(601)** | **(8,807)** |
| **(Glanlaghdú)/ Glanmhéadú ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **(60,340)** | **58,112** |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 320,094 | 261,982 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **259,754** | **320,094** |
| | | | |
| **Cuimsítear san airgead tirim agus sna coibhéisí airgid:** | | | |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | | 244,123 | 309,747 |
| Airgead sa bhanc atá sealbhaithe ar son an Údaráis Náisiúnta Iompair | | 15,631 | 10,354 |
| Rótharraingt bhainc | | – | (7) |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | | **259,754** | **320,094** |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Beartais Shuntasacha Chuntasaíochta

### Ráiteas maidir le comhlíonadh

Ullmhaíodh ráitis airgeadais chomhdhlúite Chóras Iompair Éireann ('CIÉ') ar bhonn gnóthas leantach de réir FRS 102, an Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus de réir an Achta Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh sin.

Is é CIÉ údarás reachtúil náisiúnta na hÉireann a chuireann iompar poiblí ar talamh ar fáil in Éirinn. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair.

### Achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta

Leagtar amach ar na leathanaigh seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú. Tá na beartais sin curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta go léir atá curtha i láthair, mura luaitear a mhalairt.

#### (a) Bunús an ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn gnóthas leantach, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil arna mhodhnú le haghaidh sócmhainní agus dliteanais airgeadais áirithe a thomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais.

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhréir le FRS 102, ní mór leas a bhaint as príomhthoimhdí áirithe a bhaineann leis an todhchaí, agus foinsí tábhachtacha eile neamhchinnteachta meastacháin ag an dáta tuairiscithe. Éilítear freisin go ndéanfadh na Comhaltaí Boird breithiúnas agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm acu. Leagtar amach ag (W) thíos na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil baol nach beag go ndéanfadh toimhdí agus meastacháin coigeartú ábhartha ar shuim ghlanluacha na sócmhainní agus na ndliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

Faoi FRS 102, ceadaítear díolúintí nochta áirithe d'eintiteas incháilithe, faoi réir coinníollacha áirithe, ar comhlíonadh iad, lena n-áirítear fógra a thabhairt do scairshealbhóirí an eintitis i leith na ndíolúintí agus gan aon agóid ina gcoinne a bheith ag na scairshealbhóirí.

Bhain CIÉ, an tEintiteas, leas as an díolúine ó ráiteas ar shreabhadh airgid a ullmhú, ar an mbonn gur eintiteas incháilithe é, agus folaíonn an ráiteas comhdhlúite ar shreabhadh airgid, atá ina chuid de na ráitis airgeadais seo, sreafaí airgid an Eintitis, sa mhéid is gur tharla sreabhadh airgid idir an t-Eintiteas agus páirtithe lasmuigh den Ghrúpa.

Níor chuir CIÉ i láthair cuntas brabúis agus caillteanais (Ráiteas Ioncaim) an mháthaireintitis, ar an mbonn gurb é an cleachtas a bhfuil glacadh coitianta leis in Éirinn i gcás grúpaí é díolúine faoi Dhlí na gCuideachtaí a ghlacadh maidir le Ráiteas Ioncaim a chur i láthair. Cé nach bhfuil aon díolúine shonrach san Acht Iompair, 1950, ghlac an Grúpa an seasamh sin ar an mbunús nach mór na ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbonn atá leagtha amach ag an Aire.

#### (b) Bunús an chomhdhlúite

Is comhdhlúthú iad ráitis airgeadais an Ghrúpa ar ráitis airgeadais CIÉ agus a chuid fochuideachtaí:

- Iarnród Éireann – Irish Rail
- Bus Éireann – Irish Bus
- Bus Átha Cliath – Dublin Bus
- CIÉ Tours International Incorporated

Tá deireadh thréimhse airgeadais na bhfochuideachtaí go léir ag teacht le deireadh thréimhse airgeadais CIÉ. Fochuideachtaí is ea na heintitis go léir ar féidir le CIÉ a mbeartais airgeadais agus oibriúcháin a rialú, rud a thagann de ghnáth le scairsheilbh arb ionann í agus níos mó ná leath na gceart vótála.

#### (c) Airgeadra eachtrach

*(i) Airgeadra feidhmiúil agus airgeadra tuairiscithe*

Is é Euro airgeadra feidhmiúil CIÉ agus gach ceann dá fhochuideachtaí agus is é an euro airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa, arna ainmniú ag an tsiombail "€". Mura luaitear a mhalairt, tá na ráitis airgeadais curtha i láthair ina mílte (€'000).

*(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú chuig an airgeadra feidhmiúil ar bhonn na rátaí malairte ar an láthair ar dháta na n-idirbheart.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar míreanna airgeadaíochta in airgeadra eachtrach a aistriú ina euro ar an ráta reatha. Déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

ar a gcostas stairiúil a aistriú ar bhonn an ráta malairte ar dháta an idirbhirt agus déantar míreanna neamhairgeadaíochta arna dtomhas ar a luach cóir a thomhas ar bhonn an ráta malairte nuair a cinneadh an luach cóir.

Is sa chuntas brabúis agus caillteanais a aithnítear gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a eascraíonn as socraíocht idirbheart agus ón aistriú ag rátaí malairte ag deireadh na bliana airgeadais ar shócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha.

Cuirtear i láthair gnóthachain agus caillteanais airgeadra eachtraigh a bhaineann le hiasachtaí agus airgead tirim agus coibhéisí airgid sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'ús infhála agus ioncam dá shamhail' nó 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' mar is cuí. Cuirtear i láthair gach gnóthachan agus caillteanas airgeadra eachtraigh eile sa chuntas brabúis agus caillteanais faoi 'costais ábhar agus seirbhísí'.

### (d) Ioncam

Cuimsíonn an t-ioncam oll-luach na seirbhísí arna soláthar. Déantar an t-ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fhaightear nó is infhála agus is ionann é agus an méid is infhála i leith seirbhísí a soláthraíodh.

Aithnítear an t-ioncam sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Déantar cur síos thíos ar gach ceann de na príomhshruthanna ioncaim mar aon le cur síos ar an mbeartas aitheantais ioncaim le haghaidh gach srutha ioncaim.

Tugtar anonn sna dliteanais na fáltais ó dhíolachán ticéad bliantúil agus táirgí eile le dáta sa todhchaí agus aithnítear iad sa chuntas brabúis agus caillteanais thar thréimhse an táirge ábhartha. Aithnítear ticéid bhliantúla Taxsaver go cothrom thar na tréimhsí sa bhliain a mbaineann an táirge leo. Aithnítear aon lamháltais nó scéimeanna in aisce de réir théarmaí na scéime lamháltais. Ní aithnítear aon ioncam le linn tréimhsí in aisce.

Aithnítear an t-ioncam lasta agus an t-ioncam ó Europort Ros Láir sa tréimhse ina gcuirtear an tseirbhís ar fáil. Aithnítear ioncam cíosa ar bhonn an mhéid chothroim thar théarma an léasa.

Aithnítear ioncam ó fhógraíocht agus ó ghníomhaíochtaí éagsúla eile le linn thréimhse an chonartha ábhartha. Déantar ioncam ó fhógraíocht a thuilleadh ó chonarthaí dhá mhí agus conarthaí ráithiúla agus faightear an t-ioncam sin ar bhonn riaráisteach.

Aithnítear ioncam ó choimisiúin nuair a sholáthraítear an tseirbhís don chustaiméir.

Aithnítear ioncam eile tríú páirtí tráth a thuillte, nó ag an bpointe seirbhíse, sa mhéid gur aithníodh costais iomchuí a tabhaíodh atá in-aisghabhála i gcoinne an ioncaim sin sa tréimhse.

Tagann ioncam CIÉ Tours International Incorporated ó sholáthar seirbhísí arna dtairiscint lena n-áirítear Turais sceidealta, grúpaí agus Taisteal Coigríche Neamhspleách. Déantar ioncam a thomhas ar luach cóir na comaoine a fuarthas maidir le soláthar na seirbhísí arna dtairiscint agus aithnítear é nuair a chuirtear an tseirbhís ar fáil.

*Conradh um Ollchostas*

Ó 1 Eanáir 2021, taifeadann Bus Átha Cliath agus Bus Éireann ioncam faoin gconradh dámhachtana dírí pso ar bhonn ollchostais. Ó 1 Eanáir 2023, taifeadann Iarnród Éireann ioncam faoin gconradh dámhachtana dírí pso ar bhonn ollchostais.Príomhcheanglas faoin gconradh pso is ea aitheantas ioncaim conartha ollchostais. Íoctar luach saothair le Bus Átha Cliath, le Bus Éireann agus le Iarnród Éireann bunaithe ar chostas na seirbhísí a chuirtear ar fáil. Dáiltear gach bosca táillí agus ioncam eile paisinéirí (ar nós Taxsaver agus ioncam DSP) a fhaightear ón bpaisinéir iompair phoiblí ar an ÚNI agus ní aithnítear a thuilleadh é i gcuntas brabúis agus caillteanais Bhus Átha Cliath, Bhus Éireann agus Iarnród Éireann. Cuireann Bus Átha Cliath, Bus Éireann agus Iarnród Éireann sonrasc isteach ar bhonn tréimhsiúil chun seirbhísí a sholáthar faoin gconradh pso, a n-íoctar tréimhse riaráistí amháin ina leith. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an mbeartas cuntasaíochta d'íocaíocht pso leagtha amach i bpolasaí (e) Íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO).

### (e) Iocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí, Deontais ón Aontas Eorpach agus Deontais Eile ón Státchiste

Aithníonn an Grúpa deontais Rialtais ag teacht leis an tsamhail fabhraithe faoi FRS 102.

*(i) Íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP')*

Déileáiltear le híocaíochtaí OSP arna bhfáil agus na cinn is infhála i rith na bliana sa chuntas brabúis agus caillteanais sa tréimhse ina mbíonn siad infhála.

*(ii) Deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil*

Déantar deontais i gcomhair caiteachas caipitiúil eile a chur chun sochair an ioncaim iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais ar an mbonn céanna ar a ndéanfar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

*(iii) Deontais ioncaim*

Aithnítear deontais i leith caiteachais sa chuntas brabúis agus caillteanais an tráth céanna a thabhaítear an caiteachas gaolmhar a bhfuil an deontas beartaithe lena chúiteamh. Aithnítear fóirdheontais i leith na Scéime Fóirdheontais Shealadaigh Pá agus an Scéim Fóirdheontais Pá Fostóra sa bhrabús agus sa chaillteanas ag an am céanna leis an gcaiteachas gaolmhar agus a bhfuil deontas beartaithe mar chúiteamh air.

*(iv) Deontas Conartha Ilbhliantúil i dtaobh Bainistíocht Bonneagair*

Aithnítear deontais mar ioncam iarchurtha nó aithnítear láithreach iad mar ioncam sa chuntas brabúis agus caillteanais, trí thagairt don bhonnghníomhaíocht a bhfuil an deontas ceaptha lena cúiteamh. Na deontais chaipitil faoin gConradh Ilbhliantúil a chuirtear chun sochair an ioncaim iarchurtha sa chlár comhardaithe, déantar iad a amúchadh thar shaol eacnamaíoch tuartha na sócmhainní gaolmhara.

## (f) Costais ábhar agus seirbhísí

Cuimsítear le costais ábhar agus seirbhísí na costais go léir a bhaineann le hoibríochtaí an Ghrúpa ó lá go lá, seachas costais dímheasa, amúchta agus phárolla a ndéantar iad a nochtadh go leithleach sa chuntas brabúis agus caillteanais, agus tá tuilleadh sonraí ina leith i Nóta 6 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

## (g) Costais eisceachtúla

I gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa, aithnítear torthaí oibriúcháin ar leithligh roimh mhíreanna sonracha. Is iad na míreanna sonracha iad siúd a mheasann an Bord nach mór iad a nochtadh go leithleach mar gheall ar a méid, a gcineál nó a minicíocht. Creideann an Grúpa go soláthraíonn an cur i láthair sin anailís bhreise toisc go ndírítear aird ar mhíreanna eisceachtúla dá bharr. Áirítear le míreanna den sórt sin costais shuntasacha a bhaineann le hathstruchtúrú gnó.

Maidir leis an gcinneadh i dtaobh céard is brí le 'suntasach' sa sainmhíniú, úsáideann an Bord idir bhreithiúnas cáilíochtúil agus bhreithiúnas cainníochtúil agus measúnú á dhéanamh ar na míreanna áirithe arb amhlaidh ina leith, de bhua a méid agus a gcineál, go nochtar i gcuntas brabúis agus caillteanais an Ghrúpa agus sna nótaí gaolmhara iad mar mhíreanna eisceachtúla.

## (h) Ús

Áirítear le hioncam airgeadais agus costais airgeadas an Ghrúpa:

- ioncam úis;
- costas úis;
- an gnóthachan nó an caillteanas ó aistriú airgeadra eachtraigh ar shócmhainní airgeadais agus ar dhliteanais airgeadais;
- an gnóthachan nó an caillteanas glan ar ionstraimí fálaithe arna n-aithint sa chuntas bhrabúis agus sa chaillteanais; agus
- athrangú na méideanna a bhaineann le fálú ar shreabhadh airgid a aithníodh roimhe seo san ioncam cuimsitheach eile.

Aithnítear ioncam úis nó costas úis trí mhodh an ghlanráta úis. Lena chois sin déantar leachtú na lascainí ar sholáthairtí agus an glanchostas úis ar phinsin le sochar sainithe a chur de mhuirear ar na costais airgeadais.

## (i) Cáin ioncaim

Cuimsíonn costas na cánach ioncaim don bhliain cáin reatha agus cáin iarchurtha arna n-aithint sa bhliain airgeadais. Cuirtear costas cánach ioncaim i láthair sa chomhpháirt chéanna den ioncam cuimsitheach iomlán (cuntas brabúis agus caillteanais nó ioncam cuimsitheach eile) nó den chothromas leis an idirbheart nó an teagmhas eile as ar eascair an costas cánach ioncaim.

Ní dhéantar lascainiú ar shócmhainní agus dliteanais cánachais reatha ná cánachais iarchurtha.

*(i) Cáin reatha*

Is ionann an cháin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha ar an mbrabús inchánach don bhliain airgeadais nó do bhlianta airgeadais roimhe sin. Déantar an cháin reatha a thomhas de réir mhéid na cánach reatha a mheastar a bheidh le híoc de réir rátaí cánach agus dlíthe cánach atá achtaithe nó beagnach achtaithe faoi dheireadh na bliana airgeadais.

*(ii) Cáin iarchurtha*

Aithnítear cáin iarchurtha maidir leis na difríochtaí uainiúcháin, arb iad na difríochtaí idir brabús inchánach agus ioncam cuimsitheach iomlán mar atá luaite sna ráitis airgeadais.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin ó chuimsiú ioncaim agus caiteachas sna measúnachtaí cánach i mblianta airgeadais seachas na cinn ina n-aithnítear iad sna ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar na difríochtaí uainiúcháin ag deireadh gach bliana airgeadais faoi réir eisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go ndéanfar iad a aisghabháil i gcoinne aisiompú dliteanas cánach iarchurtha nó brabús eile inchánach sa todhchaí.

### (j) Idirbhearta páirtithe gaolmhara

Nochtann Grúpa CIÉ idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil faoi úinéireacht iomlán laistigh den ghrúpa. Ní nochtann sé idirbhearta le baill den ghrúpa céanna atá faoi úinéireacht iomlán.

### (k) Sócmhainní seasta doláimhsithe

Tugtar bogearraí ríomhaire anonn ar an gcostas lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Déantar bogearraí a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, idir trí bliana agus cúig bliana, ar mhodh an mhéid chothroim. Ní mheastar go bhfuil luach iarmharach ag bogearraí. Sa chás ina dtugtar le fios de bharr tosca amhail dul chun cinn na teicneolaíochta nó athruithe ar phraghsanna margaidh go bhfuil athrú tagtha ar shaol úsáideach na mbogearraí, déantar an saol úsáideach a leasú ar bhonn ionchasach chun na cúinsí nua a chur san áireamh. Déantar athbhreithniú i ndáil le lagú ar shócmhainní seasta doláimhsithe má tá aon rud ann a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn sheasta dholáimhsithe a bheith lagaithe.

### (l) Sócmhainní seasta inláimhsithe

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a thabhairt anonn ar a gcostas, lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha. Áirítear sa chostas an praghas ceannaigh bunaidh, costais arna dtabhú ar bhonn díreach i dtaobh an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus a chur sa riocht is gá don úsáid atá ceaptha di, agus costais infheidhme i dtaobh baint ó chéile, tabhairt chun bealaigh agus athchóirithe.

*(i) Línte iarnróid agus oibreacha iarnróid*

Gréasán córas atá i gceist leis na línte iarnróid agus na hoibreacha iarnróid.

Meastar gurb ionann an caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a acmhainn nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus méid breise a chuirtear leis na sócmhainní seasta inláimhsithe, agus déantar é a chaipitliú agus a dhímheas thar a shaol eacnamaíoch úsáideach tuartha. Costais fostaithe chaipitlithe agus costais eile atá inchurtha go díreach i leith na sócmhainne, áirítear iad sna sócmhainní seasta inláimhsithe.

An caiteachas ar an ngréasán reatha, lena bhféachtar chuige go bhfuil an acmhainn oibriúcháin ag teacht leis na caighdeáin shonraithe seirbhíse, áirítear mar chothabháil é agus cuirtear é de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais. Caitear le haon deontas bainteach ar an gcaoi chéanna agus cuirtear i láthair é sa chuntas brabúis agus caillteanais.

*(ii) Rothstoc iarnróid*

Déantar na hinnill traenach (seachas iadsan atá lán-dímheasta nó a fhaightear gan aon chostas), na ráilcharranna, an stoc cóistí agus na vaigíní a dhímheas ar bhonn a gcostais stairiúil agus é leithdháilte thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair*

Déantar dímheas ar chostas stairiúil na bhfeithiclí paisinéirí bóthair, seachas busanna scoile, ar bhonn chostas stairiúil na bhfeithiclí sa fhlít, ar feadh a saol úsáidigh thuartha, ar bhonn céatadán laghdaitheach a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostas stairiúil na mbusanna scoile i dtráthchodanna cothroma thar a saol úsáideach tuartha.

*(iv) Feithiclí lasta bóthair*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(v) Talamh agus foirgnimh*

Áirítear le talamh agus foirgnimh talamh agus foirgnimh ruílse, ionaid mhiondíola agus oifigí. Déantar talamh agus foirgnimh a thabhairt anonn ar a gcostas (nó ar a gcostas measta más talamh nó foirgnimh atá i gceist a ndearnadh athluacháil orthu roimhe seo faoi ngnáthchleachtas cuntasaíochta) lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe charntha.

Tá maoine áirithe laistigh den ghrúpa ar maoine úsáide ilchineálaí iad toisc go bhfaigheann an Grúpa ioncam incriminteach as ucht aonaid mhiondíola sna stáisiúin a ligean ar cíos le tríú páirtithe agus ioncam cíosa ar mhaoine áirithe eile nach mbaineann an Grúpa lán-úsáid astu. Ós rud é nach féidir luach cóir chomhpháirte na maoine infheistíochta a thomhas go hiontaofa gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí a bheith i gceist, áfach, cuirtear na maoine ar fad san áireamh i gcáil mhaoine, gléasra agus trealaimh de réir Alt 17 de FRS 102.

*(vi) Droichid, dugaí, cuanta agus calaí, comharthaíocht, gléasra agus innealra agus trealamh lónadóireachta*

Déantar na sócmhainní seo a dhímheas ar bhonn an chostais stairiúil thar a saol eacnamaíoch úsáideach tuartha ar mhodh an mhéid chothroim.

*(vii) Dímheas agus luachanna iarmharacha*

Déantar dímheas ar shócmhainní, ach amháin talamh, a ríomh de réir na modhanna dímheasa agus an tsaoil úsáidigh thuartha, mar seo a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Línte agus oibreacha iarnróid | modh an mhéid chothroim | 10-40 bliain |
| Droichid | modh an mhéid chothroim | 120 bliain |
| Rothstoc iarnróid | modh an mhéid chothroim | 4-20 bliain |
| Feithiclí paisinéirí bóthair | modh an chéatadáin laghdaithigh | 8-14 bliain |
| Busanna scoile | modh an mhéid chothroim | 8-14 bliain |
| Feithiclí lasta bóthair | modh an mhéid chothroim | 1-10 bliain |
| Foirgnimh ruílse | modh an mhéid chothroim | 15-50 bliain |
| Gléasra agus innealra | modh an mhéid chothroim | 3-30 bliain |
| Comharthaíocht | modh an mhéid chothroim | 10 bliain |
| Dugaí, cuanta agus céanna | modh an mhéid chothroim | os cionn 50 bliain |
| Trealamh lónadóireachta | modh an mhéid chothroim | 5-10 bliain |

Déantar athbhreithniú ar luachanna iarmharacha na sócmhainní agus a saol úsáideach, agus déantar iad a choigeartú, más iomchuí, gach bliain airgeadais. Cuirtear éifeacht aon athraithe ar luachanna iarmharacha nó ar shaol úsáideach san áireamh sna cuntais ar bhonn ionchasach.

*(viii) Breiseanna agus comhpháirteanna móra iardain*

Ní dhéantar costais iardain a áireamh i suim ghlanluacha na sócmhainne ná a aithint mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, ach amháin nuair is dócha go mbeidh sochair gheilleagracha a bhaineann leis an mír i ndán don Ghrúpa agus gur féidir an costas a thomhas ar bhonn iontaofa.

Aithnítear suim ghlanluacha aon chomhpháirte ionaid. Caitear le comhpháirteanna móra mar shócmhainní ar leithligh sa chás ina mbaineann patrúin dhifriúla tomhaltais leo i dtaobh sochair gheilleagracha agus déantar dímheas orthu go leithleach thar a saol úsáideach.

Cuirtear deisiúcháin agus obair chothabhála de mhuirear ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

*(ix) Dí-aithint*

Déantar sócmhainní seasta inláimhsithe a dhí-aithint ar a ndiúscairt nó nuair nach bhfuiltear ag súil le haon sochar geilleagrach sa todhchaí. Ar dhiúscairt, déantar an difríocht idir na glanfháltais diúscartha agus an tsuim ghlanluacha a aithint sa bhrabús nó sa chaillteanas.

## (m) Sócmhainní oidhreachta

Tá roinnt sócmhainní oidhreachta ag an nGrúpa, feithiclí a bhíodh sa fhlít den chuid is mó, agus plátaí, suaitheantais agus déantáin éagsúla. Ní déantar na sócmhainní sin a chothabháil “ar mhaithe le heolas agus cultúr amháin” agus is sócmhainní oibriúcháin a atá i gceist lena bhformhór tráth.

Mar gheall ar chineál éagsúil na sócmhainní atá ar seilbh agus an easpa margadhluachanna inchomparáide, bheadh an costas a bhainfeadh le luacháil na sócmhainní oidhreachta chomh mór nach mbeadh sé i gcomhréir leis na sochair a sholáthrófaí d’úsáideoirí na ráiteas airgeadais. Dá bhrí sin, is luach nialais atá ag na sócmhainní sin i dtaobh tuairisciú airgeadais.

## (n) Lagú na sócmhainní neamhairgeadais

Ag deireadh gach bliana airgeadais déantar measúnú ar shócmhainní neamhairgeadais nach dtugtar anonn ar a luach cóir lena chinneadh cibé an bhfuil aon rud a thabharfadh le fios go bhféadfadh an tsócmhainn (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) a bheith lagaithe. Má thugtar a leithéid le fios déantar meastachán ar mhéid in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne).

Is ionann méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus a luach cóir lúide costais díolacháin nó an luach úsáide, cibé acu is airde. Is ionann an luach úsáide agus luach láithreach na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a eascróidh as úsáid leanúnach na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) agus óna diúscairt deiridh. Agus an luach úsáide á thomhas, déantar sreafaí airgid roimh cháin agus ús a lascainiú ar ráta lascaine réamhchánach a léiríonn an ráta margaidh reatha saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn nach bhfuil na meastacháin ar shreabhadh airgid sa todhchaí coigeartaithe ina leith.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Más lú méid in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid) ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid giniúna airgid), laghdaítear an tsuim ghlanluacha chuig a méid in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas lagaithe sa chuntas brabús agus caillteanais.

Má aisiompaítear caillteanas lagaithe (níl feidhm ag cúiseanna an chaillteanais lagaithe a thuilleadh), méadaítear suim ghlanluacha na sócmhainne (nó aonad giniúna airgid na sócmhainne) go dtí an meastachán leasaithe ar a méid in-aisghabhála, ach ní mhéadaítear í ach amháin a mhéid nach sáraíonn an tsuim ghlanluacha leasaithe an tsuim ghlanluacha a bheadh cinnte (iar-dhímheas) dá mba rud é nár aithníodh aon chaillteanas lagaithe sna blianta airgeadais roimhe sin. Aithnítear aisiompú caillteanais lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

### (o) Sócmhainní airgeadais

Déantar infheistíocht CIÉ i bhfochuideachtaí a thabhairt anonn ar a costas stairiúil lúide caillteanais lagaithe charntha.

### (p) Stoic

Cuimsítear sna stoic ábhair chothabhála, páirteanna spártha, breosla agus míreanna eile éagsúla stoic. Déantar an stoc a luacháil ar a mheánchostas ualaithe nó a ghlanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Cuimsítear sa chostas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus iompar agus costas láimhseála atá inchurtha go díreach i leith an stoc a thabhairt chuig a láthair reatha agus a chur ina riocht reatha.

Amhail dáta an chláir comhardaithe, díscríobhtar na stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig agus déantar caillteanas a thaifeadadh i ndáil le stoic a meastar atá lagaithe.

Déantar stoc Innealtóireachta Sibhialta (CCE) agus Comharthaíochta (SET) a aicmiú ina stoc gluaiseachta agus stoc neamhghluaiseachta. Cuirtear soláthar i bhfeidhm ar stoc neamhghluaiseachta, bunaithe ar an bhfad ama ó bogadh an stoc le déanaí. Cuirtear soláthar sa bhreis i bhfeidhm ar an gcuid bhreise den ‘stoc gluaiseachta’ ag brath ar an leibhéal stoic ar lámh a bhfuil níos mó ná 2 bhliain úsáide bainte as.

Déantar stoc Innealtóireachta Meicniúla (CME) a aicmiú mar stoc straitéiseach, stoc cláir agus stoc inchaite. Cuirtear soláthar i bhfeidhm i leith gach aicme ag brath ar aois an stoic.

I gcás trealamh fuireachais nó mórpháirteanna spártha speisialaithe atá ar seilbh chun críocha athsholáthair agus a cheaptar a mbainfear úsáid astu le linn níos mó ná tréimhse amháin, coinnítear ar seilbh iad i gcáil sócmhainní seasta inláimhsithe de réir FRS 102.

### (q) Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí faoi ghlaoch le bainc, infheistíochtaí an-leachtach gearrthréimhseacha eile ag a bhfuil aibíocht bhunaidh trí mhí nó níos lú. Taispeántar rótharraingtí bainc leis na hiasachtaí sa dliteanas reatha. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid a thomhas ar dtús ar an bpraghas idirbheart agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta.

Ní airgead tirim ná coibhéisí airgid iad taiscí bainc a bhfuil aibíochtaí bunaidh níos mó ná trí mhí acu agus cuirtear i láthair iad mar infheistíochtaí sócmhainní reatha.

Áirítear le hairgead tirim agus coibhéisí airgid thirim cistí a fhaightear thar ceann agus le haghaidh seoltóireachta chuig an tÚdarás Náisiúnta Iompair i ndáil le díolachán ticéad paisinéirí iarnróid agus páirceáil carr stáisiúin mar a oibrítear faoin gconradh OSP ollchostais.

### (r) Ionstraimí airgeadais

Roghnaigh an Grúpa forálacha Alt 11 agus Alt 12 de FRS 102 a chur chun feidhme maidir le cuntas a thabhairt i leith gach ceann dá cuid ionstraimí airgeadais.

*(i) Sócmhainní Airgeadais*

Tá roinnt sócmhainní airgeadais bunúsacha ag an nGrúpa lena n-áirítear féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile agus airgead agus coibhéisí airgid, atá taifeadta leis na sócmhainní reatha mar chinn atá dlite laistigh de bhliain amháin.

Aithnítear sócmhainní airgeadais bunúsacha den chéad uair ar an bpraghas idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), mura rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú. Más rud é gur idirbheart maoinithe atá i gceist leis an socrú, déantar an tsócmhainn airgeadais a thig as sin a thomhas ar dtús ar luach láithreach na bhfáltas sa todhchaí arna lascainiú ar ráta úis an mhargaidh i leith ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar féichiúnaithe trádála agus féichiúnaithe eile, airgead tirim agus coibhéisí airgid, agus sócmhainní airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a tomhas ina dhiaidh sin ar chostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, déantar sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta a mheasúnú i leith fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá fianaise oibiachtúil ann go bhfuil lagú ar shócmhainn airgeadais arna tomhas ar chostas amúchta, aithnítear caillteanas lagaithe sa bhrabús agus caillteanas. Is ionann an caillteanas lagaithe agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne airgeadais agus luach láithreach shreafaí airgid measta na sócmhainne airgeadais arna lascainiú ag glanráta úis bunaidh na sócmhainne.

Más rud é, i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin, go laghdaíonn méid an chaillteanais lagaithe agus gur féidir an laghdú a cheangal go hoibiachtúil le teagmhas a tharla tar éis gur aithníodh an lagú, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a aisiompú. Déantar an t-aisiompú sa chaoi is nach sáróidh an tsuim ghlanluacha láithreach luach na suime glanluacha dá mba rud é nár aithníodh an caillteanas lagaithe roimhe sin. Aithnítear aisiompú an lagaithe sa chuntas brabúis agus caillteanais.

Déantar sócmhainní airgeadais a dhí-aithint (a) nuair a théann na cearta conarthacha i leith na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais in éag nó nuair a shocraítear iad, nó (b) nuair a aistrítear chuig páirtí eile beagnach gach ceann de na rioscaí agus na sochair a bhaineann le húinéireacht na sócmhainne airgeadais, nó (c) ar aistriú rialú na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile ag a bhfuil an cumas praiticiúil chun an tsócmhainn airgeadais a dhíol go haontaobhach le tríú páirtí neamhghaolmhar gan srianta breise a fhorchur.

*(ii) Dliteanais airgeadais*

Ar an gcaoi chéanna, tá roinnt dliteanas airgeadais bunúsach ar an nGrúpa, lena n-áirítear creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí bainc agus rótharraingtí, a aithnítear den chéad uair ar phraghas an idirbhirt, mura rud é gur idirbheart airgeadais é an socrú, agus sa chás sin déantar an dliteanas airgeadais a thomhas ar luach láithreach na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna lascainiú ar ráta margaidh úis i gcomhair ionstraim fiachais den chineál céanna.

Déantar creidiúnaithe trádála agus creidiúnaithe eile, iasachtaí ó fhochuideachtaí, agus dliteanais airgeadais ó shocruithe ar idirbhearta maoinithe iad a thabhairt anonn ina dhiaidh sin ar chostas amúchta, faoi mhodh an ghlanráta úis.

I gcás táillí ar bhunú saoráidí iasachta, aithnítear iad mar chostais idirbhirt na hiasachta sa mhéid is gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas. Sa chás sin, cuirtear an táille siar go dtí go dtarraingeofar anuas an iasacht. Sa mhéid nach bhfuil aon fhianaise ann gur dócha go ndéanfar cuid den tsaoráid iasachta nó í go léir a tharraingt anuas, áirítear an táille mar réamhíocaíocht i leith seirbhísí leachtachta agus déantar í a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann sí.

Is ionann creidiúnaithe trádála agus oibleagáidí i leith íoc as earraí nó seirbhísí atá faighte ó sholáthraithe i ngnáthchúrsa an ghnó. Tá na creidiúnaithe trádála dlite laistigh d'aon bhliain amháin mura bhfuil sé de cheart neamhchoinníollach ag an ngrúpa an íocaíocht a chur siar ar feadh ar a laghad 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe. Aithnítear creidiúnaithe trádála ar dtús ar phraghas an idirbhirt agus tomhaistear ina dhiaidh sin iad ar a gcostas amúchta faoi mhodh an ghlanráta úis.

Déantar dliteanais airgeadais a dhí-aithint nuair a dhéantar an dliteanas a mhúchadh, is é sin nuair a dhéantar an oibleagáid chonartha a chomhlíonadh nó a chur ar ceal nó ar dhul in éag di.

*(iii) Ionstraimí airgeadais díorthacha agus gníomhaíochtaí fálaithe*

Ní ionstraimí airgeadais bunúsacha iad díorthaigh, lena n-áirítear babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtearraí.

Aithnítear díorthaigh ar dtús ar a luach cóir ar an dáta a ndéantar conradh díorthach agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ar a luach cóir.

Cuireann an Grúpa cuntasaíocht fálaithe i bhfeidhm i gcás babhtálacha rátaí úis, réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus conarthaí babhtála tráchtearraí, agus ainmnítear na díorthaigh sin mar fhálú ar an sreabhadh airgid.

Aithnítear sa chothromas codanna éifeachtacha na n-athruithe ar luachanna cóir na ndíorthach atá ainmnithe mar fhálú ar an sreabhadh airgid agus a cháilíonn amhlaidh. Déantar an gnóthachan nó an caillteanas a bhaineann le haon chuid neamhéifeachtach a aithint láithreach sa chuntas brabúis nó caillteanais.

Déantar méideanna arna gcarnadh sa chúlchiste fálaithe a áireamh arís sa chuntas brabúis nó caillteanais sna tréimhsí ina mbeidh tionchar ag na míreanna fálaithe ar bhrabús nó caillteanas (mar shampla nuair a tharlóidh an ceannach tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith). Má bhíonn sé ina thoradh ar idirbheart tuartha a bhfuil fálú déanta ina leith go n-aithnítear sócmhainn neamhairgeadais (fardal, mar shampla) nó dliteanas, déantar na gnóthachain agus na caillteanais a iarchuireadh roimhe sin sa chúlchiste fálaithe a aistriú ón gcúlchiste agus cuirtear san áireamh iad sa mheastóireacht bhunaidh ar chostas na sócmhainne nó an dliteanais.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

Sa chás ina dtéann ionstraim fálaithe in éag nó ina ndíoltar í, nó sa chás nach gcomhlíonann fálú a thuilleadh na critéir le haghaidh cuntasaíocht fálaithe, fágtar sa chúlchiste aon ghnóthachan nó caillteanas carnach atá sa chúlchiste fálaithe an tráth sin, agus aithnítear é nuair a aithnítear an t-idirbheart tuartha ar deireadh sa chuntas brabúis nó caillteanais. Nuair nach bhfuiltear ag súil leis a thuilleadh go dtarlóidh idirbheart tuartha, déantar an gnóthachan nó an caillteanas carnach a tuairiscíodh san ioncam cuimsitheach eile a aistriú láithreach chuig an gcuntas brabúis nó caillteanais.

### (s) Soláthairtí

Is ionann soláthairtí agus dliteanais atá neamhchinnte ó thaobh ama nó méid. Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe reatha ar an nGrúpa mar gheall ar theagmhais a tharla roimhe seo; nuair is dócha gur gá sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh; agus nuair is féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide.

Déantar soláthairtí a thomhas mar luach láithreach an mheastacháin is fearr ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh ag baint úsáide as ráta réamhchánach a léiríonn measúnuithe reatha an mhargaidh ar amluach airgid agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an dliteanas. Déantar athbhreithniú ar sholáthairtí ag deireadh gach bliana airgeadais agus déantar iad a choigeartú chun an meastachán reatha is fearr a thabhairt ar an méid is gá chun an oibleagáid a ghlanadh. Aithnítear leachtú na lascaine mar chostas airgeadais sa chuntas brabúis agus caillteanais, arna chur i láthair faoi 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail' sa bhliain airgeadais ina dtagann sé i gceist.

Sa chás ina bhfuil roinnt oibleagáidí dá samhail ann, cinntear an dóchúlacht go mbeidh eis-sreabhadh ag teastáil chun iad a ghlanadh trí bhreathnú ar aicme na n-oibleagáidí ina hiomláine.

Aithnítear soláthairtí i ndáil le hathstruchtúrú nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ ag deireadh na bliana airgeadais i dtaobh an t-athstruchtúrú a chur i gcrích. Tá oibleagáid inchiallaithe ar CIÉ athstruchtúrú a dhéanamh nuair is ann do phlean mionsonraithe foirmiúil don athstruchtúrú sin agus nuair a chruthaigh sé ionchas bailí i measc na ndaoine dá ndéanann sé difear, trí thosú ar an bplean a chur chun feidhme nó trí phríomhghnéithe an phlean a fhógairt dóibh siúd dá ndéanann sé difear.

Déantar soláthar do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ag dáta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Cuimsítear sna soláthairtí eile soláthairtí a bhaineann le hoibriú na seirbhísí iarnróid agus bus, soláthairtí a bhaineann le pá, soláthairtí comhshaoil, éilimh dlí agus soláthairtí a bhaineann le pinsin.

Ní dhéantar soláthar in aghaidh caillteanas oibriúcháin sa todhchaí.

### (t) Dliteanais agus Sócmhainní Teagmhasacha

I gcás dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn de thoradh teagmhais a tharla roimhe seo, ní aithnítear mar dhliteanas iad toisc nach dócha go mbeidh ar an nGrúpa sochair gheilleagracha a aistriú chun an oibleagáid a ghlanadh nó toisc nach féidir an méid a thomhas go hiontaofa ag deireadh na bliana airgeadais. Ní aithnítear oibleagáidí féideartha neamhchinnte mar dhliteanais ach is dliteanais theagmhasacha iad. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin mura dócha in aon chor go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní.

Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go dtarlóidh insreabhadh sochar geilleagrach.

### (u) Sócmhainní léasaithe

*(i) Léasanna airgeadais*

Faoi léasanna airgeadais, aistrítear rioscaí agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir.

I dtosach an téarma léasa airgeadais, aithníonn an Grúpa a cheart úsáide agus an oibleagáid atá air faoi léas airgeadais mar shócmhainn agus dliteanas ag méid is ionann agus luach cóir na sócmhainne ar léas, nó más rud é gur luach níos ísle atá i gceist, ar luach láithreach na n-íocaíochtaí léasa íosta arna ríomh ar an ráta úis atá intuigthe sa léas. Tá caiteachas caipitiúil na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad sin a dhímheas thar théarma an léasa nó thar shaol úsáideach tuartha na sócmhainne, cibé acu is giorra. Tá sciar caipitiúil na n-oibleagáidí léasa atá amuigh curtha san áireamh leis na creidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas brabúis agus caillteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

Déantar sócmhainní a mheas maidir le lagú i ndeireadh gach bliana airgeadais.

Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an dliteanas amuigh agus na muirir airgeadais, faoi mhodh an ghlanráta úis, ionas go mbeidh ráta seasmhach tréimhsiúil úis i bhfeidhm ar an iarmhéid atá fágtha den dliteanas.

*(ii) Léasanna oibriúcháin*

Faoi léasanna oibriúcháin, ní aistrítear riosca agus luach saothair uile na húinéireachta go substaintiúil chuig an léasóir. Aithnítear íocaíochtaí faoi léasanna oibriúcháin sa chuntas brabúis agus caillteanais ar bhonn an mhéid chothroim thar thréimhse an léasa. Gearrtar íocaíochtaí císa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas brabúis agus caillteanais de réir mar a thabhaítear iad.

## (v) Sochair Fostaithe

Cuireann an Grúpa roinnt sochar ar fáil d'fhostaithe ag brath ar a ngrád, a sinsearacht agus ar oibleagáidí reachtúla. I measc na sochar tá íoc tuarastail nó pá agus íoc préimheanna le haghaidh obair bhreise arna déanamh. Lena chois sin déantar ranníocaíochtaí fostóra maidir le pinsean, i gcás baill foirne incháilithe, isteach sna scéimeanna pinsean faoi seach.

*Sochair iarfhostaíochta*

Feidhmíonn an Grúpa pleananna sochar sainithe d'fhostaithe Ghrúpa CIÉ.

Sainítear i bplean sochair shainithe an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí ar dhul ar scor dó nó di, ag brath de ghnáth ar roinnt tosca lena n-áirítear aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is ionann plean sochair shainithe agus sochar iarfhostaíochta seachas plean le ranníocaíochtaí sainithe.

Is ionann an scmhainn/dliteanas a aithnítear sa chlár comhardaithe maidir le pleananna sochar sainithe agus luach cóir shócmhainní an phlean ag deireadh gach bliana airgeadais lúide luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe ar an dáta céanna.

Déanann achtúire seachtrach na hoibleagáidí sochar sainithe a ríomh gach bliain faoi mhodh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa. Cinntear luach láithreach na n-oibleagáidí sochar sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar na híocaíochtaí measta sa todhchaí ar bhonn torthaí margaidh ar bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe in euro agus a bhfuil téarmaí acu ar cosúil iad le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

I gcás luach cóir shócmhainní an phlean as a bhfuil na hoibleagáidí le glanadh, déantar é a thomhas de réir bheartas cuntasaíochta an Ghrúpa i leith sócmhainní airgeadais. I gcás fhormhór na sócmhainní de chuid na bpleananna, is ionann é sin agus an praghas luaite i margadh gníomhach. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, úsáidtear teicnící luachála cuí chun meastachán a dhéanamh ar an luach cóir.

Is éard atá i gcostas na bpleananna sochair shainithe, a aithnítear sa bhrabús agus sa chaillteanas, ach amháin i gcás ina n-áirítear iad i gcostas sócmhainne:

(a) an méadú ar ghlandliteanais sochar sainithe a eascraíonn ó sheirbhís fostaithe i rith na bliana airgeadais; agus

(b) an costas a bhaineann le plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorrúcháin agus socraíochtaí.

Cinntear an glanchostas úis maidir le glandliteanas sochar sainithe tríd an nglanshócmhainní/nglandliteanas sochar sainithe a mhéadú faoin ráta lascaine (mar a chinntear iad ag tús na bliana airgeadais sa dá chás, agus aird á tabhairt ar aon athruithe ar an nglanshócmhainn/nglandliteanas sochar sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochar). Aithnítear an glanchostas úis sin sa chuntas brabúis agus caillteanais mar 'ús iníoctha agus muirir dá shamhail'.

Aithnítear san ioncam cuimsitheach eile gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn ó choigeartuithe ó thaithí agus athruithe ar thoimhdí achtúireacha. Na méideanna sin, mar aon leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean atá ar áireamh sa ghlanchostas úis, cuirtear i láthair iad mar atomhas ar na dliteanais sochar tar éis dul ar scor leis an ioncam cuimsitheach eile.

Glacann na fochuideachtaí go léir, mar aon le CIÉ féin, páirt i Scéimeanna Pinsean CIÉ. Ní shonraítear i rialacha na scéime conas ba chóir aon bharrachas nó easnamh a leithdháileadh i measc fostóirí rannpháirteacha agus níl aon chomhaontú conarthach ná beartas luaite i dtaobh glanchostas sochar sainithe a leithdháileadh ar na grúpeintitis aonair. Déantar glanshócmhainn/glandliteanas na bpinsean le sochar sainithe do na scéimeanna ina n-iomláine a aithint i gclár comhardaithe Eintiteas CIÉ.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### (w) Breithiúnais ríthábhachtacha maidir le beartais chuntasaíochta an Ghrúpa a chur i bhfeidhm

Déantar athmheasúnú leanúnach ar mheastacháin agus breithiúnais arna ndéanamh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú agus tá siad bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile, lena n-áirítear meastacháin maidir le teagmhais amach anseo a mheastar a bheith réasúnach sna himthosca.

Déanann na Comhaltaí Boird meastacháin agus toimhdí faoin todhchaí agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu. De réir sainmhínithe, is annamh a bheidh na meastacháin chuntasaíochta sin díreach mar an gcéanna leis na torthaí iarbhír a bhaineann leo. Tugtar aghaidh anseo thíos ar na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist agus ar na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann baol nach beag go mbeidís ina gcúis le coigeartú ábhartha ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas sa chéad bhliain airgeadais eile.

*(i) Saol úsáideach tuartha na sócmhainní inláimhsithe agus doláimhsithe*

Tagann athrú ar an muirear amúchta bliantúil i gcás sócmhainní seasta doláimhsithe agus ar an muirear dímheasa i gcás sócmhainní seasta inláimhsithe ag brath ar athruithe ar shaol úsáideach tuartha agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. I gcás ina bhfuil an tsócmhainn lagaithe, léirítear an muirear ábhartha sa chuntas brabúis agus caillteanais mar mhuirear luathaithe dímheasa. Déantar an saol úsáideach tuartha agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Déantar iad a leasú de réir mar is gá chun meastacháin reatha a léiriú, bunaithe ar dhul chun cinn na teicneolaíochta, infheistíochtaí sa todhchaí, úsáid eacnamaíoch agus riocht na sócmhainní. Léirítear thuas an saol úsáideach tuartha i gcás gach aicme sócmhainní seasta inláimhsithe agus doláimhsithe. Tá suim ghlanluacha na sócmhainní seasta doláimhsithe agus inláimhsithe i leith gach aicme sócmhainne leagtha amach i Nóta 14 agus Nóta 15.

*(ii) Scéimeanna pinsean le sochar sainithe*

Tá sé d'oibleagáid ar an nGrúpa sochair pinsean a íoc le fostaithe áirithe. Is iad Achtúire na Scéimeanna a dhéanann na pleananna pinsean a luacháil. Braitheann costas na sochar pinsean agus luach láithreach na ndliteanas pinsean ar na toimhdí arna ndéanamh i leith tosca cosúil le hionchas saoil bhaill na scéime, méadú tuarastail na bhfostaithe reatha, leibhéal na méaduithe, más ann dóibh, a dheonaítear do phinsinéirí agus an ráta úis ar a ndéantar lascainiú ar na híocaíochtaí pinsean sa todhchaí. Úsáideann an Grúpa meastacháin i leith na dtosca sin go léir chun na costais pinsean agus na sócmhainní agus dliteanais arna léiriú sna ráitis airgeadais a chinneadh.

Cinneann an Grúpa an ráta lascaine cuí ag deireadh gach bliana. Is é sin an ráta úis ba chóir a úsáid chun an luach láithreach a chinneadh i dtaobh eis-sreafaí airgid measta sa todhchaí a mheastar a bheidh ag teastáil chun na hoibleagáidí pinsean a íoc. Agus an ráta lascaine cuí á chinneadh aige, féachann an Grúpa ar thorthaí ó bhannaí corparáideacha ardcháilíochta atá ainmnithe san airgeadra ina n-íocfar na sochair agus a bhfuil téarmaí aibíochta acu atá cosúil le téarmaí na hoibleagáide pinsean a bhaineann leo.

Tá éiginnteacht nach beag fós i gceist maidir le tuarastail deiridh inphinsin a bheidh i bhfeidhm agus na sochair iníoctha á gcinneadh. Tá leibhéal éiginnteachta ann fós maidir le tuarastail inphinsin deiridh agus an ráta méadaithe ar phinsin in íocaíocht a bheidh i bhfeidhm agus sochair iníoctha á gcinneadh. Breithníonn an Grúpa tosca éagsúla agus meastachán á dhéanamh ar dhliteanais inphinsin lena n-áirítear leibhéal foriomlán an phá, scálaí promóisin, rátaí boilscithe fadtéarmacha agus tionchar na gcomhaontuithe pá a mheastar a bheidh éifeachtach agus conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu sin ar phinsin a íoctar sa deireadh. Téann an Grúpa i gcomhairle freisin le hAchtúire na Scéime agus na measúnuithe seo á ndéanamh acu. Bíonn tionchar ar mhuirir pinsean freisin de bharr difríochtaí idir toimhdí a rinneadh agus an rud a tharlaíonn iarbhír, agus de bharr athruithe ar thoimhdí. Tá tuilleadh mionsonraí i dtaobh scéimeanna pinsean an Ghrúpa le sochar sainithe agus na toimhdí a úsáidtear agus na dliteanais pinsean á luacháil leagtha amach i Nóta 25.

Mar gheall ar an luaineacht nach beag sna margaí airgeadais, tá athruithe móra tagtha le roinnt blianta anuas ar luachanna margaidh shócmhainní na scéimeanna pinsean agus ar an ráta lascaine ar a ndéantar dliteanais pinsean amach anseo a luacháil.

Chinn agus thomhais an Grúpa a oibleagáidí pinsin, idir dhlíthiúil agus chuiditheach agus na fíricí agus na cúinsí atá ann ag dáta an chláir chomhardaithe á gcur san áireamh agus léiríonn sé a mheastachán is fearr ar na breithiúnais shuntasacha a theastaíonn chun a oibleagáid phinsin a luacháil. Sa chás nár tháinig oibleagáid chun cinn mar gheall ar imeacht roimhe seo agus nach gcriostalófar í ach amháin nuair a tharlóidh teagmhas amach anseo nach bhfuil faoi smacht an Ghrúpa, ní cheadaítear don Ghrúpa faoi FRS 102 an oibleagáid seo a aithint agus a thomhas. Agus a oibleagáidí pinsin á mbreithniú ag an ngrúpa ar dháta an chláir chomhardaithe, chuir sé san áireamh a oibleagáidí dlíthiúla, a inacmhainneacht, a ghealltanais mhaoinithe agus an chomhthuiscint atá bainte amach aige lena fhoireann, leis an nGrúpa Ceardchumann agus lena gheallsealbhóirí. Cé go bhfuil athchóiriú pinsin fós ag brath ar

thoilithe an Aire, lena n-áirítear Ionstraimí Reachtúla leasaitheacha, chuir an teagmháil leis na páirtithe leasmhara thuasluaite mar chuid den phróiseas seo bonn eolais faoi mheasúnú an Ghrúpa ar a oibleagáidí ag deireadh na bliana.

Mura gceadaítear na toilithe ón Aire don togra pinsin nó mura gceadaítear iad ach nach bhfuil siad san fhoirm a bhfuil an Grúpa ag súil léi, d'fhéadfadh tionchar suntasach a bheith aige sin ar oibriú agus ar mhaoiniú scéimeanna pinsin an Ghrúpa amach anseo. D'fhéadfadh sé seo a cheangal ar an nGrúpa a thoimhdí luachála pinsin a leasú amach anseo agus d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ar oibleagáidí pinsin an Ghrúpa i ráitis airgeadais amach anseo.

*(iii) Soláthairtí le haghaidh dliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí*

Déantar soláthar ag deireadh na bliana do chostas measta na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil íoctha ar dháta an chláir comhardaithe, lena n-áirítear costas na n-éileamh atá tabhaithe ach nach bhfuil tuairiscithe don Ghrúpa fós.

Glacann an Grúpa gach céim réasúnach lena chinntiú go mbeidh an fhaisnéis chuí aige maidir lena neamhchosaint ar éilimh. Mar sin féin, mar gheall ar an neamhchinnteacht maidir le soláthairtí a bhunú in aghaidh éileamh, is dócha go mbeidh an toradh deiridh difriúil ón dliteanas bunaidh a cinneadh.

Tá tuilleadh sonraí leagtha amach i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

*(iv) Feithiclí paisinéirí bóthair faoi chomhaontú léasúcháin bus*

Tá aitheantas tugtha do na feithiclí paisinéirí bóthair a fuarthas faoin gcomhaontú léasúcháin bus leis an Údarás Náisiúnta Iompair i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (U). Mar an gcéanna, aithnítear deontas comhfhreagrach le haghaidh caiteachais chaipitil i gcomhréir leis an mBeartas Suntasach Cuntasaíochta (E).

Tháinig athruithe ar chearta agus oibleagáidí an Ghrúpa agus an NTA, mar a fhorordaítear sna Conarthaí Dámhachtana Díreacha Nollaig 2019 – Samhain 2024, i bhfeidhm in 2020 agus, mar thoradh air sin, chinn an Grúpa go n-aithnítear feithiclí paisinéirí bóthair de réir Suntasacha Rinneadh Polasaí Cuntasaíochta (L) sna blianta airgeadais 2017 go 2019 a dhí-aithint i 2020 agus aithnítear anois iad de réir an Bheartais Chuntasaíochta Shuntasach (U).

## 2. Gnóthas Leantach

### Measúnú

Tá mionbhreithniúchán déanta ag an Bhord ar ullmhúchán ar an bhonn gnóthais leantaigh agus tá sé sásta go bhfuil sé cuí go n-ullmhaítear ráitis airgeadais 2025 ar an bhonn seo.
I measc na príomhghnéithe a rinneadh breithniúchán orthu le teacht ar an chinneadh seo tá:

### Stad Airgeadais ag 31 Nollaig 2025

Ag 31 Nollaig 2025, bhí glanshócmhainní de €370 milliún (2024: glandhliteanais €157 milliún) agus glandhliteanais reatha de of €114 milliún (2024: €109 milliún) ag an Ghrúpa. Tá míreanna neamhairgid de €559 milliún (2024: €567 milliún) san áireamh i nglandhliteanais reatha a bhain le hioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil agus ioncam iarchurtha, deontais caipitil nach bhfuil gealltanas airgid tirim i gceist leo agus úsáidtear iad de réir dímheas na sócmhainne. Mar sin, gan na míreanna neamhairgid seo san áireamh, tá glanshocmhainní reatha de €445 milliún (2024: €458 milliún) ag an Ghrúpa. Tá sócmhainní i dtaca le hoibleagáidí pinsin le sochar sainithe de €157 milliún (2024: dliteanais €361 milliún) san áireamh i glanshócmhainní an Ghrúpa agus ioncam iarchurtha i dtaca le deontais caipitil a fuarthas de €3,185 milliún (2024: €2,869 milliún) san áireamh i nglandhliteanais an Ghrúpa.

### Leachtacht

Tá glaniarmhéid €260 milliún de airgead tirim ag an Ghrúpa ag 31 Nollaig 2025.

Ag 31 Nollaig 2025, á comhaontú áise bainc ar leith déanta ag an Ghrúpa go dtí Bealtaine 2031. Is €80 milliún an tsuim neamhtharraingthe atá ar fáil don Ghrúpa faoi áis creidmheasa imrothlaigh ar leith an Ghrúpa.

Tá bainistíocht ag súil fo leanfaidh an Ghrúpa ag comhlíonadh a ndualgais agus cúnaint airgeadais faoin comhaontú do thréimhse atá ar a laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais seo.

### Oibleagáidí Pinsin Sochair Shainithe

Le linn 2025, tháinig Grúpa CIÉ ar chomhaontú lena Ghrúpa Ceardchumann agus lena fhoireann maidir le bearta athchóirithe pinsin chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach shocruithe pinsin sochair shainithe an Ghrúpa a dhaingniú ar bhealach níos fearr.
I measc na n-athchóirithe seo tá dúnadh na scéimeanna sochair shainithe d'iontrálaithe nua agus bunú scéime ranníocaíochtaí sainithe dea-chomharthaithe d'fhostaithe nua ar fud an

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais* (ar lean)

Ghrúpa. Áirítear leis an togra freisin maoiniú ar mhéadú aonuaire suas le 5% do phinsinéirí cáilitheacha, maoinithe ag CIÉ lasmuigh de na scéimeanna. Tá leibhéil ranníocaíochta maoinithe comhaontaithe ag Grúpa CIÉ a sholáthróidh, in éineacht le tuairisceáin réamh-mheasta sócmhainní, sochair reatha do bhaill agus a chabhróidh leis na scéimeanna arduithe measartha bliantúla pinsin a mhaoiniú as seo amach – agus tá sé deartha chun a chinntiú go ndéanfar an luacháil achtúireach leanúnach a mhaoiniú go leordhóthanach.

De réir na nósanna imeachta rialachais riachtanacha maidir le hathruithe ar shocruithe pinsin, ceanglaítear ar CIÉ toiliú a lorg ón Aire Iompair agus ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe (PER). Ag am scríofa, tá an próiseas sin ar siúl faoi láthair ach tá CIÉ dóchasach go gcuirfear na toilithe sin ar fáil go luath.

Tá Grúpa CIÉ ag tuairisciú glansócmhainn phinsin amhail an 31 Nollaig 2025 de €157 milliún (2024 : dliteanas pinsin €361 milliún). Eascraíonn an ghluaiseacht i rith na bliana mar gheall ar athruithe ar thoimhdí airgeadais mar thoradh ar mhéadú ar an ráta lascaine a úsáidtear chun dliteanais a luacháil agus athruithe ar mhéaduithe pinsin. Cé go bhfuil éiginnteacht ar feitheamh le toradh phróiseas toilithe an Aire, tá an Grúpa agus CIÉ sásta go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ann chun oibleagáidí pinsin a chomhlíonadh, ar feadh tréimhse 12 mhí ar a laghad tar éis na ráitis airgeadais a fhaomhadh.

Tá éiginnteacht gheopholaitiúil fós ina riosca ar leibhéal eacnamaíoch domhanda agus bíonn tionchar aige sin ar rioscaí gnó áirithe don chuideachta.

### Éiginnteachtaí eacnamaíocha domhanda

Tá éiginnteacht gheopholaitiúil fós ina riosca ar leibhéal eacnamaíoch domhanda agus bíonn tionchar aige sin ar rioscaí gnó áirithe don chuideachta.

I mí an Mhárta 2026, bhris cogadh amach sa Mheánoirthear. Mhéadaigh na hiarmhairtí eacnamaíocha a tháinig as roinnt rioscaí gnó, a raibh an chuid is mó díobh soiléir roimh Mhárta 2026 ach tá cuid acu níos éiginnte anois maidir leis an dóchúlacht agus an tionchar a bheidh acu. I measc na rioscaí sin tá:

- Cur isteach féideartha ar sholáthar fuinnimh agus breosla, ganntanas amhábhar, agus méadú géar ar phraghsanna
- Méaduithe breise ar chostas maireachtála agus laghdú féideartha ar chaiteachas tomhaltóirí agus ar ghníomhaíocht eacnamaíoch
- Luaineacht an mhargaidh airgeadais
- Bagairt mhéadaithe cibearionsaithe

Leanfaidh an Grúpa le measúnú a dhéanamh ar an tionchar airgeadais agus le méid na rioscaí gnó gaolmhara a bhainistiú.

Níl an Bord ar an eolas faoi aon imeachtaí suntasacha eile ó dheireadh na bliana airgeadais ar gá iad a choigeartú nó a nochtadh sna ráitis airgeadais.

### Gníomhaíochtaí tráchtála

Thuill an Grúpa barrachas €17m in 2025 agus é á thiomáint go príomha ag an bhfeidhmíocht láidir in CIÉ Tours a d'fhreastail ar bhreis is 35,000 paisinéir in 2025. Ghin Bus Átha Cliath agus Iarnród Éireann brabúis tráchtála freisin ach i mBus Éireann, thuairiscigh gnó an Luasbhealaigh easnamh imeallach don bhliain.

Tá an Buiséad do 2026 maidir le gníomhaíocht Tráchtála socraithe ag staid bharrachais don Ghrúpa agus tá an Bord sásta go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun tacú leis na gnólachtaí trína n-oibríochtaí.

### Seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí

Le linn 2025, d'oibrigh an trí Cuideachta Oibriúcháin Bus Átha Cliath (BÁC), Bus Éireann (BÉ) agus Iarnród Éireann (IÉ) seirbhísí iompair poibblí ar son an Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) ar bhonn comhchonartha costais. Faoi na gconarthaí seo bailítear ioncam paisinéirí thar ceann an NTA agus aisíoctar na Cuideachtaí Oibriúcháin ar leithligh as costas na seirbhísí a solathraíodh.

Comhaontaíodh pleananna seirbhíse do 2026 leis an NTA atá ag soláthar an mhaoinithe riachtanaigh chun costais chomhaontaithe na bpleananna seo a íoc. Tá Conarthaí Dámhachtana Dírí sínithe ag an dá Chuideachta Bhus rialúcháin lánroghnach i 2024 a shíníonn go dtí mí na Nollag 2029.

Síníonn Conradh Dámhachtana Dírí IÉ i 2029.

## Bainisteoir Bonneagair Conradh Ilbhliantúil (MAC)

Tá an Bainisteoir Bonneagair (IM) maoinithe faoin MAC.

Cuireadh síneadh bliana eile le conradh 2020-2024 i mí na Nollag 2024 go dtí deireadh 2025.

Cuireadh tús le conradh nua MAC an 1 Eanáir 2026 agus maireann sé ar feadh cúig bliana suas go dtí an 31 Nollaig 2030.

## Seirbhísí Iompair Scoile

Banisitíonn Bus Éireann soláthar Seirbhísí Iompair Scoile ar fud an Stáit. Cuirtear seirbhísí ar fáil don Roinn Oideachais agus Óige ar bhonn aisghabhála costas.

## Bliain airgeadais 2026

Leanann an Grúpa CIÉ ag oibriú seirbhísí PSO de réir na gConarthaí bunúsacha. Cheadaigh an Bord Buiséad an Ghrúpa do 2026 i mí na Nollag 2025.

Téann CIÉ isteach in 2026 le staid láidir airgid thirim leachtach agus cé go bhfuiltear ag tuar go laghdóidh leachtacht le linn 2026 mar thoradh ar infheistíocht i gcaipiteal riachtanach, tá CIÉ ag tuar go bhfanfaidh sé i staid dhearfach airgid le linn 2026.

Le linn 2025, chuir an Grúpa a dhréachtphlean rollach cúig bliana faoi bhráid na Roinne Iompair ina mbeartaítear fás leanúnach a dhéanamh ar sholáthar iompair phoiblí sa mheántéarma agus téarnamh a dhéanamh ar bhrabúsacht fhoriomlán na n-oibríochtaí tráchtála.

## Gníomhaíochtaí Bainistíochta Leanúnacha

Leanann bainistíocht an Ghrúpa ag líon gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear:

- rannpháirtíocht leis an Roinn agus an NTA i dtaca le maoiniú cuí le tacú le hoibríocht leanúnach Conarthaí Dírdhámhachtana
- teagmháil leanúnach leis an Roinn Iompair maidir le maoiniú an Bhainisteora Bonneagair
- dlúthfhaireachán ar threochtaí eacnamaíocha agus ar thionchar na neamhchinnteachtaí eacnamaíocha domhanda ar gníomhaíochtaí gnó na cuideachta
- dianmhonatóireacht ón bhainistíocht ar staid airgid tirim laethúil, seachtainiúil agus mhíosúil ar fud an Ghrúpa
- cuir i bhfeidhm leanúnach agus dianmhonatóireacht ar thionscnaimh sábhála costas
- mionmheasúnuithe ar mholtaí infheistíochta caipitiúla agus a éifeacht ar leachtacht agus spriocanna inbhaunaitheachta
- athbhriethniú leanúnach ar rioscaí agus ar dheiseanna le tionchar acu ar oibríochtaí an Ghrúpa.

## Conclúd

De réir na fachtóirí leagtha amach thuas, tá dóchas réasúnta ag an mBord go maybe acmhainní leordhóthanacha ag an Ghrúpa gus CIÉ le leanúint ag oibriú ar feadh ar laghad 12 mhí ó dháta faofa na ráitis airgeadais agus measann siad go bhfuil sé cuí glacadh leis an bhonn gnóthaigh leantaigh i dtaca le ullmhú na ráitis airgeadais.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 3. Ioncam de réir Gníomhaíochta

Léirínn an t-ioncam na méideanna arna ndíorthú ó sholáthar seirbhísí a thagann faoi réim ghnáthghníomhaíochtaí an Ghrúpa, agus iad luaite glan ar cháin.

Is soláthraí seirbhísí iompair é an Grúpa go príomha, agus tá sé ag feidhmiú in oileán na hÉireann. Tá gach cuid de sheirbhís iompair an Ghrúpa á bainistiú ag eintiteas dlíthiúil ar leith. Feidhmíonn an Grúpa cuideachta a chuireann turais ar bun freisin – CIÉ Tours International Incorporated.

Déantar anailís mar seo a leanas ar an ioncam:

| | CIÉ €000 | CIÉ Tours International Incorporated €000 | Bus Átha Cliath €000 | Bus Éireann €000 | Iarnród Éireann €000 | Iomlán 2025 €000 | Iomlán 2024 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gnóthas iarnróid | – | – | – | – | 483 | 483 | 492 |
| Rannóg lasta | – | – | – | – | 2,482 | 2,482 | 3,653 |
| Calafort Ros Láir | – | – | – | – | 17,785 | 17,785 | 15,946 |
| Seirbhísí iarnróid eile | – | – | – | – | 55,467 | 55,467 | 57,597 |
| Seirbhísí bóthair do phaisinéirí | | | | | | | |
| – Cathair Bhaile Átha Cliath | – | – | 6,527 | – | – | 6,527 | 9,623 |
| – Seirbhísí eile | – | – | – | 535,234 | – | 535,234 | 467,897 |
| Tours | – | 135,758 | – | – | – | 135,758 | 128,928 |
| Príomh-ghníomhaíochtaí gnó | 37,223 | – | – | – | – | 37,223 | 33,916 |
| Ioncam idirghrúpa | (36,970) | – | – | – | – | (36,970) | (33,599) |
| **Ioncam ó oibríochtaí** | **253** | **135,758** | **6,527** | **535,234** | **76,217** | **753,989** | **684,453** |
| Conarthaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí ('OSP'): | | | | | | | |
| Ioncam OSP *(Nóta 12)* | – | – | 392,906 | 232,179 | 424,057 | 1,049,142 | 961,985 |
| Conradh Ilbhliantúil *(Nóta 12)* | – | – | – | – | 269,528 | 269,528 | 193,780 |
| Deontais ioncaim *(Nóta 12)* | – | – | 13,442 | – | 5,175 | 18,617 | 3,760 |
| **Ioncam iomlán** | **253** | **135,758** | **412,875** | **767,413** | **774,977** | **2,091,276** | **1,843,978** |

## 4. Bainisteoir an Bhonneagair Iarnróid

Faoi réir Threoir 91/440 ón Aontas Eorpach, rinneadh na costais seo a ríomh mar seo a leanas:

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| **Cistiú Bonneagair** | | |
| Conradh Ilbhliantúil | 269,528 | 193,532 |
| Muirir rochtana rianta | 75,723 | 75,412 |
| Maoiniú Státchiste eile | 4,420 | 2,805 |
| Ioncam tríú páirtí | 50,520 | 51,813 |
| **Ioncam iomlán** | **400,191** | **323,562** |
| An párolla agus costais ghaolmhara | (153,100) | (140,442) |
| Ábhair agus seirbhísí | (237,220) | (181,803) |
| **Iomlán na gcostas oibriúcháin** | **(390,320)** | **(322,245)** |
| **TRÚCDA roimh chostais eisceachtúla** | **9,871** | **1,317** |
| Costais eisceachtúla | (82) | (571) |
| Caillteanas ar dhíolachán sócmhainní seasta inláimhsithe | – | (4) |
| Dímheas agus amúchadh, glan ó dheontais chaipitil amúchta | (3,480) | (3,657) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh ús** | **6,309** | **(2,915)** |
| Ús iníoctha agus muirir dá samhail | (21) | (40) |
| **Barrachas/(Easnamh) don bhliain ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **6,288** | **(2,955)** |
| Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí | (2,222) | (1,922) |
| **Barrachas/(Easnamh) don Bhliain** | **4,066** | **(4,877)** |

## 5. An Párolla agus Costais Ghaolmhara

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| **Cuimsítear sna costais foirne (gan costais athstruchtúraithe san áireamh)** | | |
| Pá agus tuarastail | 766,525 | 704,793 |
| Costais leasa shóisialaigh | 80,211 | 72,271 |
| Costais eile a bhaineann le sochar scoir | 89,073 | 78,789 |
| | 935,809 | 855,853 |
| Obair dhílis chaipitlithe | (46,122) | (41,390) |
| **Glanchostais foirne** | **889,687** | **814,463** |
| Luach saothair agus díolaíochtaí na gComhaltaí Boird | | |
| – i leith seirbhísí mar Chomhaltaí Boird | 222 | 222 |
| – i leith seirbhísí feidhmiúcháin | 284 | 275 |
| **Luach saothair agus díolaíochtaí iomlána na gComhaltaí Boird** | **506** | **497** |
| **Iomlán chostas an phárolla agus na gcostas gaolmhar** | **890,193** | **814,960** |

As na costais iomlána i leith na foirne, tá €46.1 milliún (2024: €41.4 milliún) caipitlithe ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus tá €890.3 milliún (2024: €815.0 milliún) á áireamh mar chostas sa chuntas brabúis agus caillteanais.

## *Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

San áireamh i pá agus tuarastalacha tá:

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastal | 609,650 | 562,320 |
| Ragobair | 39,411 | 35,985 |
| Liúntais | 117,464 | 106,488 |
| | **766,525** | **704,793** |

Tá an uimhir fostaí a raibh iomlán a gcuid sochar fostaí (seachas costais pinsean fostóra) lastigh de ghach banna €25,000 ó €50,000 suas don tréimhse tuairisciú leagtha amach thíos.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| €50,001 go €75,000 | 6,528 | 5,753 |
| €75,001 go €100,000 | 1,740 | 1,474 |
| €100,001 go €125,000 | 388 | 251 |
| €125,001 go €150,000 | 82 | 53 |
| €150,001 go €175,000 | 30 | 23 |
| €175,001 go €200,000 | 15 | 18 |
| €200,001 go €225,000 | 6 | 8 |
| €225,001 go €250,000 | 6 | 1 |
| €250,001 go €275,000 | – | – |
| €275,001 go €300,000 | – | – |
| €300,001 go €325,000 | 1 | 1 |
| €325,001 go €350,000 | – | 1 |
| €350,001 go €375,000 | 1 | – |
| €375,001 go €400,000 | – | – |
| €400,001 go €425,000 | – | – |
| €425,001 go €450,000 | – | – |

## Cúiteamh príomhbhaill den lucht bainistíochta

Íocadh táillí Stiúrthóra leis na Comhaltaí Boird mar seo a leanas:

| **Comhalta Boird** | **2025<br>€000** | **2024<br>€000** |
|---|---|---|
| *Aidan Murphy (Cathaoirleach)* | 31,500 | 16,112 |
| *Fiona Ross (iar-Chathaoirleach)* | – | 15,178 |
| James Doran | 14,438 | 15,750 |
| Brian Fitzpatrick | 4,602 | 15,750 |
| Stephen Hannan | 14,438 | 15,750 |
| Dermot Healy | 15,750 | 15,750 |
| Miriam Hughes | 21,600 | 21,600 |
| John McDonnell | 11,164 | – |
| Brendan McInerney | 1,313 | – |
| Steve Murphy | 21,600 | 21,470 |
| Niamh O'Regan | 15,750 | 15,750 |
| Liam O'Rourke | 15,750 | 15,706 |
| Gary Owens | 21,600 | 21,600 |
| Fiona Sweeney | 15,750 | 15,750 |
| Tommy Wynne | 15,750 | 15,750 |
| Brian Young | 1,313 | – |
| | **222,318** | **221,916** |

Áirítear leis an bpríomhlucht bainistíochta na Comhaltaí Boird agus lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó is iníoctha leis an bpríomhlucht bainistíochta as ucht seirbhísí fostaithe.

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 1,352 | 1,285 |
| Costais leasa shóisialaigh | 127 | 98 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 357 | 311 |
| | **1,836** | **1,694** |

## Speansais na Stiúrthóirí

San áireamh sna costais a cúitíodh le Comhaltaí an Bhoird tá:

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Cothabháil, taisteal, lóistín | 11 | 10 |
| Eile | – | – |
| | **11** | **10** |

Léirítear cúiteamh íoctha nó iníoctha le Príomhoifigí Feidhmiúcháin an Ghrúpa ar son seirbhísí fostaí thíos.

San áireamh sa tábla thíos tá an párolla agus na costais bhainteacha do ról Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin CIÉ, lena n-áirítear olltuarastal €190k (2024: €190k) agus ranníocaíocht pinsin fostóra de €48.6k (2024: €47.5k). Bhí Príomhfheidhmeannach Gníomhach i bhfeidhm le linn na tréimhse Meán Fómhair 2025 go Nollaig 2025, agus áirítear cúiteamh a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach Gníomhach.

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile | 946 | 828 |
| Costais eile a bhaineann le sochair iarscoir | 342 | 296 |
| | **1,288** | **1,124** |

## Foirceannadh Fostaíochta

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Méideanna a íocadh agus is iníoctha le fostaithe | 52 | 108 |
| | **52** | **108** |

B'ionann líon na bhfostaithe lena mbaineann na costais seo agus 1 in 2025 (2024: fostaí amháin). Nochtar costais maidir le scaradh deonach i Nóta 7.

## Líon na mBall Foirne

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí fostaithe ag CIÉ le linn na bliana airgeadais ná:

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| CIÉ (Cuideachta Sealbhaíochta agus CIÉ Tours) | 343 | 310 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail | 5,098 | 4,814 |
| Bus Éireann – Irish Bus | 3,249 | 3,078 |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus | 4,406 | 4,224 |
| | **13,096** | **12,426** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 6. Ábhair agus Seirbhísí

Cuimsítear sna costais i ndáil le hábhair agus seirbhísí:

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Breosla, leictreachas agus bealaidh | 133,559 | 129,164 |
| Cáin bhóthair agus ceadúnais | 1,786 | 1,651 |
| Rátaí | 4,996 | (1,398) |
| Luach saothair na n-iniúchóirí | 435 | 316 |
| Léasanna oibriúcháin ar cíos | 10,447 | 8,950 |
| Conraitheoirí scoile | 434,169 | 369,399 |
| Éilimh um dhliteanas tríú páirtí agus dliteanas fostóirí | 17,315 | 12,364 |
| Speansais Stiúrthóirí | 28 | 10 |
| Ábhair agus seirbhísí eile | 554,120 | 469,744 |
| Costais oibriúcháin pinsean | 2,829 | 2,592 |
| | **1,159,684** | **992,792** |

San áireamh i sna costais ábhair agus seirbhísí tá:

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Taisteal Náisiúnta agus and maireachtáil | 2,117 | 1,797 |
| Taisteal Idirnáisiúnta and maireachtáil | 592 | 554 |
| Fáilteachas | 301 | 192 |
| | **3,010** | **2,543** |

### Luach Saothair na nIniúchóirí

Nochtar sa tábla seo a leanas na táillí is iníoctha le Forvis Mazars Ireland i dtaca leis na bhlianta dar chríoch 31 Nollaig 2025 agus 31 Nollaig 2024. Níl CBL san áireamh sna méideanna seo.

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Iniúchóir reachtúil | | |
| – Iniúchadh reachtúil ar chuideachtaí an Ghrúpa | 212 | 152 |
| – Seirbhísí ráthaíochta agus comhlíonta eile | 75 | 20 |
| – Seirbhísí comhairleoireachta cánach | 124 | 60 |
| – Seirbhísí eile nach mbaineann le hiniúchóireacht | 24 | 84 |
| | **435** | **316** |

Luaitear an easnamh don bhliain tar éis na méideanna seo a leanas a mhuirearú/(a chur de shochar na gcuntas):

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Fardail a ídíodh | 296,167 | 238,700 |
| (Laghdú)/Méadú ar an soláthar in aghaidh dífheidhmeacht fardail | (1,861) | 1,586 |
| (Gnóthacháin)/Caillteanas malairte eachtraí | (312) | 204 |
| Caillteanas ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 18 | 399 |
| Léasanna oibriúcháin cíosa | 10,447 | 8,950 |
| Athshtruchtúrú an ghnó | (127) | 2,138 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe | 208,762 | 210,529 |
| Dímheas luathaithe ar shócmhainn lagaithe | 50,029 | – |
| Amúchadh deontas caipitil a bhaineann le sócmhainn lagaithe | (50,029) | – |
| Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe | 6,086 | 7,481 |
| Amúchadh deontas | (194,431) | (197,886) |

## 7. Míreanna Eisceachtúla

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Athstruchtúrú ar ghnó | (127) | 2,138 |
| | **(127)** | **2,138** |

Cuimsítear sna costais maidir le hathstruchtúrú an ghnó méideanna a eascraíonn as tionscnaimh athstruchtúraithe i rith na bliana:

Iarnród Éireann €0.3 milliún agus Bus Átha Cliath €(0.4) milliún (2024: Bus Átha Cliath €1.3 milliún, Iarnród Éireann €0.7 milliún agus CIÉ €0.1 milliún).

San áireamh i gcostais athstruchtúraithe gnó tá méideanna maidir le scaradh deonach, b'ionann iad agus nialas in 2025 (2024: €0.5m). B'ionann líon na bhfostaithe lena mbaineann na costais seo agus nialas in 2025 (2024: 8 bhfostaí).

## 8. Dímheas agus Amúchadh, Glan ar Amúchadh na nDeontas Caipitil

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Amúchadh na sócmhainní seasta doláimhsithe | 6,086 | 7,481 |
| Dímheas ar na sócmhainní seasta inláimhsithe | 208,762 | 210,529 |
| Dímheas luathaithe ar shócmhainn lagaithe | 50,029 | – |
| Amúchadh deontas caipitil a bhaineann le sócmhainn lagaithe | (50,029) | – |
| Amúchadh na ndeontas caipitil | (194,431) | (197,886) |
| | **20,417** | **20,124** |

Baineann an tsócmhainn lagaithe dá dtagraítear thuas leis an gCóras Bainistíochta Traenacha – féach Nóta 15 chun tuilleadh sonraí a fháil.

## 9. Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Inláimhsithe

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Caillteanas ar dhiúscairt talún agus foirgneamh | (15) | (695) |
| (Caillteanas)/Brabús ar dhiúscairt rothstoic, feithiclí, gléasra agus innealra | (3) | 296 |
| | **(18)** | **(399)** |

## 10. Glanchostas Úis

### (a) Ús Infhála agus Ioncam dá Shamhail

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| **Ioncam úis ar thaiscí gearrthéarmacha** | **5,395** | **7,366** |

### (b) Ús iníoctha agus muirir dá shamhail

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Ús iníoctha ar iasachtaí, ar rótharraingtí agus ar thaiscí | 595 | 807 |
| Costas iomlán úis ar dhliteanais airgeadais nach bhfuil á dtomhas ar a luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanais | 595 | 807 |
| Glanchostas úis ar phleananna pinsean le sochar sainithe | 10,515 | 10,541 |
| **Iomlán an úis iníoctha agus na muirear dá shamhail** | **11,110** | **11,348** |

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

### (c) Glanchostas úis

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Ús infhála agus Ioncam dá shamhail | 5,395 | 7,366 |
| Ús iníoctha agus muirir dá shamhail | (11,110) | (11,348) |
| **Glanchostas úis** | **(5,715)** | **(3,982)** |

## 11. Cáin Ioncaim

### (a) Costas cánach san áireamh sa chuntas brabúis agus caillteanais

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Muirear corparáide eachtraí don bhliain airgeadais | 1,821 | 2,621 |
| Muirear cánach corparáide Éireannach ar an mbrabús don bhliain airgeadais | 6,981 | 6,701 |
| Gannsholáthar i dtaca le bliain roimhe | – | 139 |
| *Costas cánach reatha don bhliain airgeadais* | *8,802* | *9,461* |
| **Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **8,802** | **9,461** |

### (b) Costas cánach a bhaineann le míreanna arna naithint san ioncam cuimsitheach eile

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha ar atomhas an ghlandliteanais sochar sainithe | 19,684 | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint san ioncam cuimsitheach eile** | **19,684** | **–** |

### (c) Costas cánach a bhaineann le míreanna arna naithint sa chothromas

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Cáin reatha | – | – |
| Cáin iarchurtha | – | – |
| **Costas cánach iomlán a bhaineann le míreanna arna n-aithint sa chothromas** | **–** | **–** |

## (d) Réiteach an chostais cánach

Ní hionann an cháin arna measúnú don bhliain airgeadais agus an cháin a cinneadh tríd an ráta caighdeánach cánach corparáide i bPoblacht na hÉireann a chur i bhfeidhm ar an bharrachas/(easnamh) don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, is é sin 12.5% (2024: 12.5%). Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Barrachas ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh cháin | 15,376 | 9,583 |
| Barrachas méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach i bPoblacht na hÉireann i leith na bliana airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025, is é sin 12.5% (2024: 12.5%) | 1,922 | 1,198 |
| Tionchar de bharr: | | |
| Ioncam nach bhfuil faoi réir cánach | (25,186) | (25,637) |
| Ráta cánach níos airde ar thuillimh thar lear | 1,820 | 2,621 |
| Speansais nach bhfuil asbhainteach chun críocha cánach | 2,754 | 1,907 |
| Dímheas sa bhreis ar liúntais chaipitiúla | 25,832 | 26,216 |
| Úsáid na gcaillteanas cánach c/a sa bhliain | (223) | – |
| Ioncam atá faoi réir ráta cánach níos airde | 2,736 | 3,017 |
| Rósholáthar i dtaca le blianta roimhe | – | (21) |
| Gannsholáthar i dtaca le blianta roimhe | 88 | 160 |
| Caillteanais chánach a úsáid c/a sa bhliain | (941) | – |
| **Cáin bhrabúis ar ghnáthghníomhaíochtaí** | **8,802** | **9,461** |

I mí na Bealtaine 2024, thángthas ar chomhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim maidir leis na caillteanais trádála charntha atá ar fáil a tugadh ar aghaidh as a dtagann sócmhainn chánach iarchurtha fhéideartha €426 milliún (2024: €428 milliún). Níl sé seo aitheanta mar go bhfuil a ghnóthú amach anseo i gcoinne brabúis inchánach éiginnte.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 12. Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus Deontais eile ón Státchiste

Tá na deontais is iníoctha le Córas Iompair Éireann i gcomhréir leis na Rialacháin ábhartha ón Aontas Eorpach lena rialaítear Cúnamh Stáit do ghnóthais iompair.

| | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| **Cuntas Brabúis agus Caillteanais** | | |
| Oibleagáid Seirbhíse Poiblí | 1,045,887 | 957,238 |
| Deontais eile ón Státchiste | 269,528 | 193,532 |
| Deontais ioncaim eile | 35,863 | 26,224 |
| | **1,351,278** | **1,176,994** |
| **Clár Comhardaithe** | | |
| Deontais chaipitil | 521,089 | 390,242 |
| Cistiú iarchurtha | 13,740 | 151 |
| Deontais AE | 11,042 | – |
| **Iomlán na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus na nDeontas eile ón Státchiste** | **1,897,149** | **1,567,387** |
| **Fo-Cheannteideal B7 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Oibleagáid Seirbhíse Poiblí** | | |
| Bus Átha Cliath – Dublin Bus (ioncam) | 392,906 | 364,759 |
| Bus Éireann – Irish Bus (ioncam) | 232,179 | 203,039 |
| Iarnród Éireann – Irish Rail (ioncam) | 420,802 | 389,440 |
| | **1,045,887** | **957,238** |
| **Fo-Cheannteideal B8 de Vóta 31 de chuid Dháil Éireann – Infheistíocht Chaipitiúil** | | |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (ioncam) | 269,528 | 193,532 |
| Conradh Ilbhliantúil Bainistíochta Bonneagair (caipiteal) | 165,233 | 142,126 |
| Deontais ón Státchiste i gcomhair bonneagair agus infheistíocht chaipitiúil | 366,898 | 248,116 |
| OSP iarchurtha | 13,740 | 151 |
| Deontais eile ón Státchiste | 35,863 | 26,224 |
| | **851,262** | **610,149** |
| **Cistiú iomlán faoi Vóta 31 de chuid Dháil Éireann** | **1,897,149** | **1,567,387** |
| **Iomlán na ndeontas OSP agus na ndeontas ón Státchiste** | **1,897,149** | **1,567,387** |

Níl aon choinníollacha neamh-chomhlíonta ná teagmhais eile ag gabháil le deontais a aithníodh mar ioncam.
Déanann CIÉ taifead ar dheontais faoin tSamhail Fabhraithe a cheadaítear faoi Alt 24 de FRS102.
Déantar méid agus téarma na ndeontas caipitil a amúchadh thar shaol úsáideach na sócmhainní gaolmhara. Áirítear deontais ioncaim sa chuntas brabúis agus caillteanais comhdhlúite ina n-iomláine sa bhliain ábhartha.

| | An Roinn Iompair 2025 €000 | An tÚdarás Náisiúnta Iompair 2025 €000 | Iomlán 2025 €000 | An Roinn Iompair 2024 €000 | An tÚdarás Náisiúnta Iompair 2024 €000 | Iomlán 2024 €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Caipiteal faoi Vóta B8 | – | 791,086 | 791,086 | – | 574,461 | 574,461 |
| Inrochtaineacht faoi Vóta B8 | – | 13,271 | 13,271 | – | 9,464 | 9,464 |
| Deontais eile a bhaineann le hioncam | – | 35,863 | 35,863 | – | 26,224 | 26,224 |
| **Iomlán** | **–** | **840,220** | **840,220** | **–** | **610,149** | **610,149** |

Tá foinse na gcistí ón Stát a fuarthas le linn na mblianta féilire 2024 agus 2025 teoranta do thionscadail ar leith.

## 13. CIÉ Glanthoradh don Bhliain

Rinne Eintiteas CIÉ glancaillteanas €8.4 milliún i leith na bliana (2024: caillteanas €4.4 milliún).

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 14. Sócmhainní Seasta Doláimhsithe

### An Grúpa

| | Bogearraí Ríomhaire €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 26,873 | 26,873 |
| Breiseanna | 9,285 | 9,285 |
| Diúscairtí | (14) | (14) |
| Amúchadh agus lagú | (6,086) | (6,086) |
| **Suim ghlanluacha** | **30,058** | **30,058** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | |
| Costas | 88,573 | 88,573 |
| Amúchadh agus lagú carntha | (58,515) | (58,515) |
| **Suim ghlanluacha** | **30,059** | **30,059** |
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 26,330 | 26,330 |
| Breiseanna | 8,024 | 8,024 |
| Amúchadh agus lagú | (7,481) | (7,481) |
| **Suim ghlanluacha** | **26,873** | **26,873** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | |
| Costas | 81,241 | 81,241 |
| Amúchadh agus lagú carntha | (54,368) | (54,368) |
| **Suim ghlanluacha** | **26,873** | **26,873** |

### Eintiteas CIÉ

| | Bogearraí Ríomhaire €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 1,234 | 1,234 |
| Breiseanna | 1,785 | 1,785 |
| Amúchadh agus lagú | (918) | (918) |
| **Suim ghlanluacha** | **2,101** | **2,101** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | |
| Costas | 20,844 | 20,844 |
| Amúchadh agus lagú carntha | (18,743) | (18,743) |
| **Suim ghlanluacha** | **2,101** | **2,101** |
| **An bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024** | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 968 | 968 |
| Breiseanna | 815 | 815 |
| Amúchadh agus lagú | (549) | (549) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,234** | **1,234** |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | |
| Costas | 20,353 | 20,353 |
| Amúchadh agus lagú carntha | (19,119) | (19,119) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,234** | **1,234** |

Cuimsítear bogearraí ríomhaire sna sócmhainní doláimhsithe. Déantar bogearraí ríomhaire a thomhas ar a gcostas lúide caillteanais charntha de bharr amúchadh agus lagú. Déantar bogearraí ríomhaire a amúchadh thar a saol úsáideach tuartha, atá idir trí agus cúig bliana.

# 15. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

## Grúpa

| | Línte agus Oibreacha Iarnróid €000 | Rothstoc Iarnróid €000 | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Talamh agus Foirgnimh €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Comhar-thaíocht €000 | Dugaí, Cuanta agus Céanna €000 | Trealamh Lónadói-reachta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2025** | | | | | | | | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 937,647 | 376,283 | 50,307 | 941,778 | 581,075 | 263,188 | 24,068 | 373 | 3,174,719 |
| Breiseanna | 150,960 | 130,250 | 87 | 104,071 | 147,564 | 49,869 | 302 | – | 583,103 |
| Diúscairtí | – | – | (36) | – | (11) | – | – | – | (47) |
| Dímheas | (42,050) | (78,481) | (16,938) | (25,102) | (23,518) | (21,334) | (1,264) | (75) | (208,762) |
| Lagú | – | – | – | – | – | (50,029) | – | – | (50,029) |
| Athaicmiú | – | (39,982) | 4 | – | (3,043) | – | – | – | (43,021) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,046,557** | **388,070** | **33,424** | **1,020,747** | **702,067** | **241,694** | **23,106** | **298** | **3,455,963** |
| | | | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | | | | | | | |
| Costas | 1,515,830 | 1,141,064 | 504,751 | 1,370,747 | 893,768 | 631,962 | 57,581 | 747 | 6,116,450 |
| Dímheas agus lagú carntha | (469,273) | (752,994) | (471,327) | (350,000) | (191,701) | (390,268) | (34,475) | (449) | (2,660,487) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,046,557** | **388,070** | **33,424** | **1,020,747** | **702,067** | **241,694** | **23,106** | **298** | **3,455,963** |

I rith na bliana airgeadais, dhiúscair an Grúpa sócmhainní seasta inláimhsithe ag a raibh suim ghlanluacha nialas. Tá costas €201 milliún luaite leis na sócmhainní mar aon le dímheas agus lagú carntha €201 milliún. Is é €18,000 (2024: caillteanas €399,000) an caillteanas ar dhiúscairt na sócmhainní seasta inláimhsithe sin.

Áirítear le dímheas sócmhainní seasta inláimhsithe agus amúchadh deontas caipitil €50.0m (2024: €Nialas) a bhaineann le lagú an Chórais Bainistíochta Traenacha.

Leanadh le forbairt bhogearraí Iarnród Éireann ar Chóras Bainistíochta Tráchta NTCC (TMS) (i.e. an córas a bhainisteoidh gach trácht iarnróid nuair a choimisiúnaítear NTCC) le linn 2025. Tháinig dúshláin shuntasacha roimh thionscadal an TMS, agus lean foireann tionscadail Iarnród Éireann orthu ag plé leis an gconraitheoir Indra, i gcomhairle leis an NTA, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a tháinig chun cinn. Mar sin féin, an chuideachta ar an eolas ag na torthaí tástála go dtí seo, nach bhfuil muinín gur féidir leis an tsócmhainn ina staid reatha a imscaradh in úsáid ar an líonra, agus mar thoradh air sin tá scríofa síos ar an luach iompair sócmhainn na Cuideachta ag €50.0m go €35.4m. Áirítear le luach an lagaithe CBL €7.4m. Meaitseáiltear an muirear seo ar an mbrabús agus ar an gcaillteanas le creidmheas €50.0m leis an mbrabús agus leis an gcaillteanas as méadú ar amúchadh na ndeontas caipitil gaolmhar. I nGrúpa CIÉ sócmhainní seasta inláimhsithe is é €95.5m an luach iompair atá fágtha de thionscadal iomlán NTCC, lena n-áirítear talamh agus foirgnimh.

a) Bheartaigh an Grúpa leas a bhaint as an tsamhail chostais ar dháta an aistrithe chun FRS 102 maidir le talamh agus foirgnimh.

b) Rinneadh feithiclí paisinéirí bóthair a raibh costas €109.9 milliún (2024: €221.5 milliún) luaite leo a dhímheas go hiomlán ach tá siad fós in úsáid ag dáta an chláir comhardaithe.

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## Grúpa (Bliain Roimhe)

| | Línte agus Oibreacha Iarnróid €000 | Rothstoc Iarnróid €000 | Feithiclí Paisinéirí Bóthair €000 | Talamh agus Foirgnimh €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Comhar-thaíocht €000 | Dugaí, Cuanta agus Céanna €000 | Trealamh Lónadói-reachta €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2024** | | | | | | | | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 884,842 | 398,171 | 68,521 | 904,774 | 401,795 | 240,945 | 24,767 | 448 | 2,924,263 |
| Breiseanna | 96,464 | 61,577 | 3,629 | 60,822 | 157,472 | 43,640 | 565 | – | 424,169 |
| Diúscairtí | – | – | (193) | (1,649) | – | – | – | – | (1,842) |
| Dímheas agus lagú | (43,659) | (79,257) | (21,650) | (22,169) | (21,058) | (21,397) | (1,264) | (75) | (210,529) |
| Athaicmiú | – | (4,208) | – | – | 42,866 | – | – | – | 38,658 |
| **Suim ghlanluacha** | **937,647** | **376,283** | **50,307** | **941,778** | **581,075** | **263,188** | **24,068** | **373** | **3,174,719** |
| | | | | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | | | | | | | | |
| Costas | 1,364,870 | 1,050,796 | 504,696 | 1,266,676 | 749,258 | 582,093 | 57,279 | 747 | 5,576,415 |
| Dímheas agus lagú carntha | (427,223) | (674,513) | (454,389) | (324,898) | (168,183) | (318,905) | (33,211) | (374) | (2,401,696) |
| **Suim ghlanluacha** | **937,647** | **376,283** | **50,307** | **941,778** | **581,075** | **263,188** | **24,068** | **373** | **3,174,719** |

## Eintiteas CIÉ

| | Talamh agus Foirgnimh €000 | Gléasra agus Innealra €000 | Iomlán €000 |
|---|---|---|---|
| **Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025** | | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 934,057 | 1,951 | 936,008 |
| Breiseanna | 91,957 | 3,134 | 95,091 |
| Diúscairtí | – | – | – |
| Dímheas | (24,970) | (1,810) | (26,780) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,001,044** | **3,275** | **1,004,319** |
| | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | | | |
| Costas | 1,350,028 | 27,986 | 1,378,014 |
| Dímheas agus lagú carntha | (348,984) | (24,711) | (373,695) |
| **Suim ghlanluacha** | **1,001,044** | **3,275** | **1,004,319** |
| | | | |
| **Don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2024** | | | |
| Suim ghlanluacha thosaigh | 899,762 | 1,904 | 901,666 |
| Breiseanna | 57,957 | 1,360 | 59,317 |
| Diúscairtí | (1,636) | – | (1,636) |
| Dímheas | (22,026) | (1,313) | (23,339) |
| **Suim ghlanluacha** | **934,057** | **1,951** | **936,008** |
| | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | | | |
| Costas | 1,258,071 | 24,852 | 1,282,923 |
| Dímheas agus lagú carntha | (324,014) | (22,901) | (346,915) |
| **Suim ghlanluacha** | **934,057** | **1,951** | **936,008** |

Le linn na bliana airgeadais, dhiúscraigh an Eintiteas sócmhainní seasta inláimhsithe le suim ghlanluacha de nialas (2024: €1.6 milliún). Is ionann an caillteanas ar dhiúscairt na sócmhainní seasta inláimhsithe seo agus nialas (2024: caillteanas €951,000).

*Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)*

## 16. Sócmhainní Airgeadais

### Grúpa

| | Scaireanna Liostaithe | | Scaireanna Neamhliostaithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2025 €000** | **2024 €000** | **2025 €000** | **2024 €000** | **2025 €000** | **2024 €000** |
| **Costas amhail an 1 Eanáir** | 34 | 34 | 13 | 13 | 47 | 47 |
| Lagú | (34) | (34) | (13) | (13) | (47) | (47) |
| **Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig** | **–** | **–** | **–** | **–** | **–** | **–** |

Cuimsíonn sócmhainní airgeadais scaireanna liostaithe agus neamhliostaithe. Baineann na scaireanna le stoic iompair agus le stoic chogaidh atá i seilbh an Ghrúpa.

### Eintiteas CIÉ

| | Fochuideachtaí | | Scaireanna Liostaithe | | Scaireanna Neamhliostaithe | | Iomlán | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **2025 €000** | **2024 €000** | **2025 €000** | **2024 €000** | **2025 €000** | **2024 €000** | **2025 €000** | **2024 €000** |
| **Costas amhail an 1 Eanáir** | 359,313 | 359,255 | 34 | 34 | 13 | 13 | 359,360 | 359,302 |
| Lagú | – | – | (34) | (34) | (13) | (13) | (47) | (47) |
| Gluaiseachtaí eile | – | 58 | – | – | – | – | – | 58 |
| **Glanluach de réir na Leabhar amhail an 31 Nollaig** | **359,313** | **359,313** | **–** | **–** | **–** | **–** | **359,313** | **359,313** |

Cuimsítear sna sócmhainní airgeadais infheistíochtaí i bhfochuideachtaí.

Cuimsítear san infheistíocht i bhfochuideachtaí scaireanna cothromais in Iarnród Éireann, Bus Éireann, Bus Átha Cliath, agus CIÉ Tours International Incorporated (fochuideachta i Stáit Aontaithe Mheiriceá). Níl na scaireanna sin á dtrádáil go poiblí.

## 17. Fardail

### Grúpa

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Ábhair chothabhála agus páirteanna spártha | 58,621 | 49,174 |
| Stoc bonneagair | 45,167 | 49,332 |
| Breosla, bealaí agus stoic éagsúla eile | 17,427 | 16,223 |
| | **121,215** | **114,729** |
| **Stoc a ídíodh le linn na bliana:** | | |
| Ábhair agus breosla | **296,167** | **238,700** |

## 18. Féichiúnaithe

### Grúpa

| | 2025<br>€000 | 2024<br>€000 |
|---|---|---|
| Féichiúnaithe trádála | 22,117 | 12,740 |
| Méideanna atá dlite ón Roinn Oideachais agus Scileanna | 12,797 | 12,040 |
